Leagadh amach trí straitéis inmheánacha – béim ar dhaoine, ar an gcumarsáid agus ar shonraí – le linn na bliana. Cuirfidh na straitéisí sin treoir ar fáil agus muid ag iarraidh ár bhfís a bhaint amach maidir le saolta agus frontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla.

I rith 2023, shann an tÚdarás acmhainní suntasacha d'fhorbairt ardáin chomhtháite chun próisis ghnó a bhunathrú agus a bharrfheabhsú ar fud ár sainorduithe sábháilteachta agus sláinte ceirde, ceimiceán agus faireachais margaidh. Chríochnaíomar dearadh agus tógáil réitigh, tástáil ar chomhtháthú córas agus ullmhacht chomhshaoil le linn 2023, agus bhí an t-ardán réidh chun tástáil glactha úsáideoirí a dhéanamh air ag deireadh na bliana. Seolfar céim a haon den chóras nua, Córas, in 2024 chun bealaí oibre níos éifeachtaí a sholáthar, mar aon le bainistíocht cásanna ceann go ceann, pleanáil oibre níos fearr, eispéiris fheabhsaithe do chustaiméirí, rochtain ar shonraí cruinne agus iomlána, agus léargais níos fearr.

Beidh forbairt an Ráitis Straitéise don tréimhse 2025-2027 ina príomhthasc ar an mBord in 2024. Treoróidh an Bord an próiseas seo, agus rachaimid i mbun comhairliúcháin leathan bríoch le páirtithe leasmhara, leis an bhfoireann agus leis an bpobal. Tá sé mar aidhm againn leanúint ar aghaidh ag cur fachtóirí eacnamaíochta agus sochaíochta atá ag athrú san áireamh agus sraith tosaíochtaí agus spriocanna straitéiseacha a fhorbairt, a spreagfaidh feidhmíocht ardleibhéil laistigh dár sainorduithe go léir.

Táimid buíoch do bhaill foirne an Údaráis, a léiríonn aclaíocht agus solúbthacht iontach maidir le hoiriúnú do struchtúir agus modhanna nua oibre agus iad ag leanúint ag comhlíonadh a ndualgas go héifeachtach. Gabhaimid buíochas le gach comhalta de Bhord an Údaráis as a gcuid oibre le linn 2023 agus as a dtiomantas dá fhís. Go háirithe, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an Uas. Mark Cullen as a chuid oibre mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin eatramhach, agus leis an Uas. Tom Coughlan, a chríochnaigh a dhara téarma mar chathaoirleach i mí Aibreáin 2023. Gabhaimid buíochas le Deirdre Cullivan agus leis an Uas. Stephen Curran, a chríochnaigh a dtéarmaí faoi seach mar chomhaltaí Boird i rith na bliana.

Ba mhaith linn freisin ár mbuíochas a ghabháil leis na fostóirí, na fostaithe agus na hoibrithe féinfhostaithe go léir a leanann ar aghaidh den tsláinte agus den tsábháilteacht a chur i gcroílár a gcuid oibre.

Mar fhocal scoir, gabhaimid buíochas leis an Aire Richmond as a thacaíocht don Údarás le linn 2023, agus táimid ag tnúth le bheith ag obair leis an Aire Higgins agus lena hoifigigh san RFTF chun na spriocanna atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise 2022-2024 a bhaint amach le linn na bliana deiridh de chur i bhfeidhm an ráitis.



Conor O'Brien

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Giorrúcháin

AE – An tAontas Eorpach

BNÉC – Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

BSS – Bileog Sonraí Sábháilteachta

CARACAL – Údarás Inniúil do REACH (Clárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán) agus CLP (Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú Substaintí agus Meascán)

CAS – Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch

CCCSF – Coiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirme

CCSS – An Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte

CCSS – Coiste na gCigirí Sinsearach Saothair

CLH – Aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe

CLP – Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú Substaintí agus Meascán

CMR – Coiste um Measúnú Riosca

CRF – An Coimisiún um Rialáil Fónais

DCS – Dea-Chleachtas Saotharlainne

EA – Comhar Eorpach don Chreidiúnú

ECFE – An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta

ECHA – An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán

EU-OSHA – An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

FFR – Fóram Forfheidhmithe REACH

FSS – Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

GCC – An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

ICSMS – An Córas Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh

IE – Éire

IECB – Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar

LNFN – Lárionad Náisiúnta Faisnéise Nimhiúcháin

MT – Meabhrán Tuisceana

OPCW – Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha

PFAS – Substaintí Sárfhluarailcile agus Polafluarailcile

PIC – Toiliú Feasach Roimh Ré

PÚT – Pleanáil Úsáide Talún

RA – An Ríocht Aontaithe

RAPEX – Córas mear-rabhaidh um tháirgí contúirteacha seachas bia

RBATNE – An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

REACH – Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán

RFTF – An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

RiME+ – Ardán Bainistithe agus Measúnaithe Riosca

RMT – Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí

RTBM – An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

SSC – Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde

TCP – Trealamh Cosanta Pearsanta

TFC – Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide

TPED – Treoir 2010/35/AE – Brú-Threalamh Iniompartha

ÚFIÉ – Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

ÚI – Údarás Inniúil

ÚNA – Údarás Náisiúnta Ainmnithe


Ról

Áirítear le sainordú an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta na freagrachtaí seo a leanas:

- Sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus daoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu a rialáil.
- Feabhas ar shábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus daoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu a chur chun cinn.
- Monarú, úsáid, cur ar an margadh, trádáil, soláthar, stóráil agus iompar sábháilte ceimiceán a rialáil agus a chur chun cinn.
- Feidhmiú mar údarás faireachais de réir na reachtaíochta baintí ar an margadh aonair Eorpach.
- Feidhmiú mar an comhlacht náisiúnta creidiúnaithe d’Éirinn.

Ráiteas Straitéise 2022-2024

Leagtar amach cúig thosaíocht straitéiseacha i Ráiteas Straitéise an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta 2022-2024, mar a léirítear thíos:



Bord agus Feidhmeannas

Is é an Bord a chinneann treoir straitéiseach an Údaráis. Tá 12 comhaltaí ar an mBord: Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus 10 ngnáthchomhaltaí arna gceapadh ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ceapann an tAire comhaltaí arna n-ainmniú ag eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna a bhaineann le sábháilteacht agus sláinte cheirde, le ceimiceáin agus le rialú faireachais margaidh. Áirítear ar na leasanna sin fostaithe, fostóirí agus comhlachtaí eile. Ceaptar comhaltaí den Bhord ar feadh téarma trí bliana ar acmhainn pháirtaimseartha. Is féidir go n-iarrfar ar chomhalta dhá théarma a dhéanamh.

Bord an Údaráis

Comhalta boird	Post	Cruinnithe boird ar freastalaíodh orthu in 2023
Cathaoirleach		
Patricia Byron	IarPhríomhoifigeach Feidhmiúcháin, An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta	4 de 4 Arna cheapadh ón 30 Meitheamh 2023
Tom Coughlan	IarPhríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Comhairle Contae an Chláir (2009-2016)	4 de 4 Chríochnaigh a théarma an 12 Aibreán 2023
Ainmnithe na bhFostóirí		
Paul Kelly (Leaschathaoirleach)	Ceann Earnálacha agus Stiúrthóir, Food Drink Ireland (FDI)	9 de 9
Pdraig Somers	Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin	9 de 9
Frank Kelly	Stiúrthóir Foirgníochta, Walls Construction Teo	7 de 9
Ainmnithe na bhFostaithe		
Deirdre MacDonald	Iar-Uachtarán ar Chumann na Meánmhúinteoirí, Éire	9 de 9
David Hughes	Leas-iarArd-Rúnaí, Cumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann (CABCÉ)	7 de 9
Michelle Quinn	Leaschathaoirleach, Rannóg na Seirbhísí Eagraithe Earnála, An Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil (CSTGT)	7 de 9
Ainmnithe an Aire		
Brid De Buitléar	Ceannaire Oibríochtaí Teicneolaíochta Faisnéise (TF) agus Gnó	9 de 9
Mary Coyne	Comhalta de chuid Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (FCCA)	9 de 9
Ciarán Roche	Bainisteoir Riosca agus Bainisteoir Sábháilteachta na Cuideachta, FBD Insurance	9 de 9
Terry O'Niadh	Comhalta boird a bhfuil taithí aige	4 de 4 Arna cheapadh ón 30 Meitheamh 2023
Fiona Kilcullen	Príomhoifigeach an Aonaid Bheartais um Shábháilteacht, Sláinte agus Ceimiceáin, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	3 de 3 Arna cheapadh ón 25 Meán Fómhair 2023
Deirdre Cullivan	Sainchomhairleoir Acmhainn Daonna	3 de 3 Chríochnaigh a téarma an 12 Márta 2023
Stephen Curran	Príomhoifigeach an Aonaid Bheartais um Shábháilteacht, Sláinte agus Ceimiceáin, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	4 de 5 Chríochnaigh a théarma an 12 Meán Fómhair 2023

Cathaoirleach



Patricia Byron

Ainmnithe na bhFostóirí



Paul Kelly
Leaschathaoirleach



Padraig Somers



Frank Kelly

Ainmnithe na bhFostaithe



Deirdre MacDonald



David Hughes



Michelle Quinn

Ainmnithe an Aire




Bríd De Buitléar



Mary Coyne



Ciarán Roche



Terry O'Niadh



Fiona Kilcullen

Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, in éineacht le ceathrar leas-phríomhoifigeach feidhmiúcháin, cur i bhfeidhm na straitéise a bhainistiú de réir freagrachtaí agus beartais reachtúla an Údaráis mar atá leagtha amach ag an mBord.

Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí 261 daoine fostaithe ag an Údarás (255.9 coibhéis lánaimseartha), lena n-áirítear cigirí, speisialtóirí gairmiúla agus teicniúla, oifigigh chreidiúnaithe, riarthóirí agus foireann chléireachais.

Feidhmeannas an Údaráis

An Príomhfheidhmeannach



Conor O'Brien

Na Leas-Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin



Mark Cullen



Yvonne Mullooly



An Dr Kevin De Barra



An Dr Adrienne Duff

Ceapadh an tUas. Mark Cullen ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach ar an Údarás ón 21 Samhain 2022 go dtí an 28 Bealtaine 2023. Ceapadh an tUas. Conor O'Brien chuig ról an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin le héifeacht ón 29 Bealtaine 2023.

Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

Is coiste den Údarás Sláinte agus Sábháilteachta é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC). Tá 12 comhalta ag Bord an INAB, a dhéanann cinntí i dtaca le creidiúnú a bhronnadh, agus is é bord an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta a cheapann na comhaltaí sin.

Comhalta boird	Post	Cruinnithe boird ar freastalaíodh orthu in 2023
An Dr Micheál Lehane, <i>Cathaoirleach</i>	Stiúrthóir, An Oifig Cosanta Radaíochta agus Monatóireachta Comhshaoil	7
Ita Kinahan <i>Cathaoirleach</i> <i>(Eanáir–Meitheamh)</i>	Iarcheimiceoir an Stáit, Saotharlann an Stáit	3 <i>(Chríochnaigh a téarma Meitheamh 2023)</i>
Rosemary Hayden	Bainisteoir Cláir, BNÉC	7
Cecilie Laake	Stiúrthóir, Creidiúnú na hIorua	5
John O'Loughlin	Bainisteoir Saotharlainne, Ospidéal an Rotunda	4
An Dr David Graham	Príomhfheidhmeannach, Sláinte Ainmhithe Éireann	6
Denise Barry	Comhairleoir	6
Paul Scallan	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Údarás Slándála Príobháidí	4
Gail Carroll	Stiúrthóir Gnóthaí Rialála agus Neartaithe Comhlíontachta, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann	5
Rita Purcell	Leas-Phríomhfheidhmeannach, an tÚdarás Rialála Táirge Sláinte	4
Barbara O'Leary	Ceimiceoir an Stáit, Saotharlann an Stáit	3 <i>(Tháinig isteach Meitheamh 2023)</i>
Joe Ryan	Stiúrthóir Náisiúnta Feidhmíochta Oibriúcháin agus Comhtháthaithe le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)	2 <i>(Tháinig isteach Meitheamh 2023)</i>
Jim O'Toole	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Bord Iascaigh Mhara	2 <i>(Chríochnaigh a théarma Meitheamh 2023)</i>

Tabhair do d'aire: Amhail an 31 Nollaig 2023 bhí post amháin ar Bhord BNÉC folamh

Tuarascáil faoi réir an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014, forordaítear gurb é Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta faighteoir nochtaí cosanta maidir le gach ábhar a bhaineann le reachtaíocht arna forfheidhmiú ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin freagrach freisin as saotharlanna, comhlachtaí deimhniúcháin agus comhlachtaí cigireachta a chreidiúnú trí Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú laistigh den Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Is féidir le hoibrithe ábhartha nochtaí inmheánacha i dtaca leis an Údarás a dhéanamh chomh maith, mar a mhínítear leis an Acht.

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú a leagann amach líon na nochtaí cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe agus na gníomhartha a rinneadh chun dul i ngleic leo. Ní mór foilseachán na sonraí sa tuarascáil a sholáthar ar bhealach a chosnaíonn céannacht na nochtóirí.

Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023, fuair Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, i gcomhthéacs a róil mar dhuine forordaithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014, 38 tuairisc ar éagóir líomhnaithe ó pháirtithe lasmuigh den Údarás a bhain le tríú páirtithe. Astu sin, rinneadh 17 dtuairisc ar éagóir go díreach leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus aistríodh 21 ó dhuine forordaithe eile. As na 38 tuairisc ar éagóir, measadh gur nochtadh cosanta iad 23 acu a bhí le himscrúdú faoi shainchúram an Údaráis. Rinneadh na nochtaí ar fad a threorú chuig cigirí de chuid an Údaráis ina dhiaidh sin lena n-imscrúdú. Tá naoi gcinn déag de na nochtaí a fuarthas in 2023 tugtha chun críche agus tá ceithre cinn fós faoi imscrúdú. Ní bhfuarthas aon nochtadh inmheánach.

Déantar miondealú sa tábla thíos ar na nochtaí cosanta a fuarthas in 2023, an líon imscrúduithe a osclaíodh mar thoradh ar na nochtaí cosanta, agus stádas agus torthaí na n-imscrúduithe a tugadh chun críche.

Tuairiscí ar éagóir a fuarthas in 2023	Uimhir
Tuairiscí a rinneadh go díreach leis an Údarás	19
Tuairiscí a tarchuireadh chuig an Údarás ó dhuine forordaithe eile nó ón Coimisinéir um Nochtadh Cosanta	21
Imscrúduithe a d'oscail an tÚdarás tar éis tuairiscí a fháil in 2023	23
Imscrúduithe agus imeachtaí a dhún an tÚdarás tar éis tuairiscí a fháil in 2023	17
Imscrúduithe agus imeachtaí a dhún an tÚdarás in 2023 tar éis tuairiscí a fháil roimh 2023	6

Mar gheall ar imscrúduithe agus imeachtaí a sheol an tÚdarás mar thoradh ar thuairiscí a fuarthas in 2023, agus a tháinig chun críche in 2023, seirbheáladh 28 Ordú Forfheidhmithe, lena n-áirítear 17 dTuairisc Iniúchta agus 11 Fhógra Feabhsúcháin.

Tugadh sé imscrúdú chun críche le linn 2023, a osclaíodh de bhun nochtadh cosanta a fuarthas in 2022 nó sna blianta roimhe sin agus a bhí fós ar siúl ar an 31 Nollaig 2022.

Tosaíocht Straitéiseach

Rialáil

Le reachtaíocht rioscabhunaithe, imscrúdú, faireachas agus forfheidhmiú a úsáid, cuirfimid béim níos láidre ar chomhlíontacht



Imscrúdú agus iniúchadh

Rinne an tÚdarás timpeall 10,713 iniúchadh agus imscrúdú ar fud gach earnáil eacnamaíochta agus faoina shainorduithe reachtacha go léir.

Rinne an tÚdarás 9,995 iniúchadh réamhghníomhach ar fud na n-earnálacha go léir, le béim ar leith ar na hearnálacha tógála, talmhaíochta, sláinte agus cúraim shóisialta, iompair agus miondíola, déantúsaíochta, fiontas agus cairéalachta.

As 83 imscrúdú a rinneadh ar theagmhais mharfacha, measadh go raibh baint ag 43 acu leis an obair.

Feidhmeanna Údaráis Inniúil agus Údaráis Náisiúnta Ainmnithe

Tá sainordú suntasach ag an Údarás mar Údarás Inniúil (ÚI) an Aontais Eorpaigh (AE) agus Údarás Náisiúnta Ainmnithe (ÚNA) chun (beartas teicniúil agus cigireacht) a chomhlíonadh maidir le ceimiceáin AE, iompar earraí contúirteacha de bhóthar (IECB) agus reachtaíocht faireachais margaidh. Ghlac foireann an Údaráis páirt i 86 cruinniú de chuid ÚI AE/ÚNA (hibrideach agus go pearsanta) maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú substaintí agus meascán (CLP), Seveso, Glantaigh, Toiliú Feasach Roimh Ré (PIC) agus IECB.

Chomhaontaigh agus d'fhoilsigh an Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) doiciméad conclúide meastóireachta substainte agus tuarascáil na hÉireann don cheimiceán *4-methylanisole* go foirmiúil. Chuir an tÚdarás tograí maidir le haicmiú agus lipéadú comhchuibhithe (CLH) faoi bhráid an ECHA le haghaidh trí shubstaint (*piperonal*, *O*-iseapróipil eitil tiacarbamáit agus clóirít sóidiam).

D'ullmhaigh ár saineolaithe deich gcinn de thuirimí eolaíochta do choistí eolaíochta an ECHA, ceann amháin le haghaidh sainchomhad srianta (sárfhluarailcil agus polafluarailcil (PFAS) i gcúir comhraicthe dóiteáin), ceann amháin le haghaidh aicmiú substaintí, agus ocht gcinn i ndáil le hiarratais chuig an ECHA ar údarú chun substaintí atá liostaithe in Iarscríbhinn XIV de REACH a úsáid. Thugamar aghaidh ar 41 tarchur forfheidhmithe ECHA clárúcháin a bhain le cláraitheoirí REACH na hÉireann. Fuair trí thogra a thug an tÚdarás chuig na Náisiúin Aontaithe (NA) chun IECB a leasú tacaíocht d'aon toil ag Comhchruinniú de chuid na NA. Ina theannta sin, eisíodh 11 údarú faoi na Rialacháin IECB.

Rinneadh 888 iniúchadh san iomlán a dhírigh ar ghníomhaíochtaí a reachtaíodh faoi na hAchtanna Ceimiceáin agus na Rialacháin IECB. Chomh maith le hiniúchtaí reachtúla, rinneadh 49 measúnú faoi reachtaíocht COMAH (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí) maidir le fógraí COMAH, tuairiscí sábháilteachta agus modhnuithe suntasacha, agus próiseáladh 347 iarratas ar phleanáil úsáide talún theicniúil (PÚTT).

Chuir an tÚdarás treoir sábháilteachta agus sláinte ceirde (SSC) ar fáil ag Coistí Teicniúla Náisiúnta agus Eorpacha a bhain le hintleacht shaorga (IS) agus le róbaic.

Faireachas margaidh

Cuireadh tús le tionscadail Gníomhaíochta Comhpháirtí an AE maidir le sábhá ciorclacha, ardaitheoirí siosúrtha agus aispeist i bpillíní coscáin agus tá na tionscadail sin ar siúl fós. Dhírigh feachtais shonracha eile ar bhileoga sonraí sábháilteachta, cumhráin seomra agus innealra talmhaíochta. Rinneadh measúnú ar 917 táirge ceimiceach agus 307 táirge tionsclaíoch le haghaidh comhlíonadh rialála, agus baineadh 182 táirge ceimiceach neamhchomhlíontach de mhargadh na hÉireann. Eisíodh trí fholáireamh déag um shábháilteacht táirgí in 2023 maidir le ceimiceáin agus táirgí tionsclaíocha araon.

Ghlac foireann an Údaráis páirt i 31 cruinniú de chuid an AE a bhain le faireachas margaidh ar cheimiceáin agus ar tháirgí tionsclaíocha.

Tacaíocht don Aire agus don RFTF

Chuir an tÚdarás tacaíocht shuntasach ar fáil d'Ionadaí an AE agus don RFTF do chruinnithe uile Ghrúpa Oibre um Chomhchuibhiú Teicniúil de chuid Chomhairle an AE chun athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán an AE maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP) agus ar Rialachán na nGlantach de chuid an AE. D'fhreastail baill den fhoireann ar chruinnithe AE mar shaineolaithe teicniúla agus chuir siad treoracha eolais teicniúla agus tuairimí foirmiúla scríofa ar fáil don RFRF.

Ullmhaíodh treoracha eolais freisin don Aire Stáit do Ghnó, Fostaíocht agus Miondíol, do chruinniú Pharlaimint na hEorpa ar nuashonrú CLP agus d'fhorbairtí reachtaíochta trasghearrtha eile de chuid an AE nach bhfuil laistigh de shainordú an Údaráis ach a bhaineann le réimse rialú na gceimiceán agus Straitéis Cheimiceach an AE um an Inbhuanaitheacht, amhail an Rialachán ESPR nua, an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, an Rialachán um Shábháilteacht Bréagán nó an Gníomh um an Tionscal Glan-Nialasachta (NZIA).

Chuir an tÚdarás tacaíocht theicniúil ar fáil don RFTF maidir leis an 10ú leasú ar na Rialacháin IECB, a cuireadh i bhfeidhm ag deireadh mhí Aibreáin (I.R. Uimh. 197 de 2023). Chuir sé cúnaimh ar fáil freisin maidir le rialacháin carcanaiginí, an Treoir maidir le hOibrithe Aispeiste agus an Treoir um Luaidhe agus Dé-isisianáití.

Cuireadh tacaíocht theicniúil ar fáil don RTFT maidir le dréachtrialacháin cairéil, an dréacht-Bhille um Cheadúnú Foirgníochta agus aitheantas don phrintíseacht nua le haghaidh scafaill.

Chuir an tÚdarás comhairle ar fáil freisin don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir le ceanglais sábháilteachta chun tionscadail fiontais amach ón gcósta a thógáil.

Tosaíocht Straitéiseach

Cur Chun Cinn

Cuirfimid tacaíocht, oideachas agus eolas ar fáil chun teagmhais, gortuithe agus drochshláinte a chosc



Tionscnaimh chun feacht a mhéadú

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag cur lena bhéim ar ghuaiseacha agus ar rioscaí síceasóisialta in 2023. Dhírigh mórfheachtas meán agus acmhainní gréasáin nuashonraithe ar strus a bhaineann leis an obair. Leanadh ar aghaidh le treoir a chur chun cinn maidir le measúnuithe riosca síceasóisialta i dtaca le nochtadh d'ábhar íogair.

Rinneadh athbhreithniú in 2023 ar WorkPositive^{oí}, an uirlis bainistíochta riosca síceasóisialta d'fhostóirí. Rinneadh an uirlis ar líne a nuashonrú agus a chuíchóiriú go forleathan chun taithí úsáideora agus tuairisciú níos fearr a sholáthar. Cuirfear an leagan nuashonraithe ar fáil in 2024.

D'óstáil an tÚdarás dhá sheimineár ar an tionchar a bhíonn ag forbairtí in IS agus digitíú ar ionaid oibre. Bhí na seimineáir sin mar chuid d'fheachtas na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) dar teideal 'Obair shábháilte agus shláintiúil san aois dhigiteach 2023-2025'. D'fhoilsiomar acmhainní gréasáin chun tacú le fostóirí sa réimse seo, mar aon le treoir shonrach don earnáil talmhaíochta maidir le tuirse a bhainistiú.

D'óstáil an tÚdarás a chéad seimineár gréasáin dírithe go heisiach ar an earnáil dramhaíola; dhírigh sé seo ar thorthaí feachtais san earnáil agus ar na príomhghuaiseacha ar cheart don earnáil aghaidh a thabhairt orthu agus córas bainistíochta sábháilteachta á forbairt.

Reáchtáil an tÚdarás, i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (ÚSB), seimineár gréasáin ar Shábháilteacht Feithicil a Bhaineann le hObair i mí na Samhna. Thug an seimineár gréasáin príomhléargas ar an gcleachtas is fearr d'fhostóirí a bhainistíonn cabhlaigh nó a bhfuil fostaithe acu a bhíonn ag tiomáint mar chuid den obair.

Tháinig reachtaíocht maidir le húsáid feithicil uile-thír-ilraoin (ATVanna) i bhfeidhm i mí na Samhna 2023 agus cuireadh chun cinn í ag gach mórimeacht feirmeoireachta, trí fheachtas fógraíochta agus trí chlúdach fairsing sna meáin.

Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil le cumainn ardaitheoirí agus innealra agus thug siad cur i láthair d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann (IIÉ) ar Rialachán nua Innealra an AE (AE) 2023/123 chun an t-eolas is déanaí a chur ar fáil faoi athruithe rialála atá le teacht.

Tacaíocht d'fhiontair agus d'fhostaithe

D'athnuaigh an tÚdarás a ardán BeSMART leis an eolas is déanaí ar chineálacha gnó agus measúnuithe riosca atá ann cheana féin. Forbraíodh seacht gcúrsa nua ar líne ag hsalearning.ie agus ghlac an tÚdarás páirt mhór i gcur chun cinn na n-acmhainní nua sin. Nuashonraíodh teimpléad an ráitis sábháilteachta in BeSMART chun déimeagrafaic athraitheacha an lucht saothair a léiriú; díriodh ar dtús ar oibrithe óga agus níos sine a chosaint.

Dhíríomar ar thacaíochtaí a chur ar fáil maidir le hoibrithe leochaileacha a chosaint san ionad oibre, lena n-áirítear cúrsa foghlama nua ar líne a sheoladh atá dírithe ar fhostóirí, bainisteoirí agus maoirseoirí ar fud na n-earnálacha go léir.

Sheol an tÚdarás an tríú eagrán de *Safety Representative Resource Book* agus chuir sé dhá bhileog eolais ar fáil d'ionadaithe sábháilteachta i ngach earnáil. Reáchtáladh cúig cheardlann oiliúna le príomhpháirtithe leasmhara ar théama na n-ionadaithe sábháilteachta. Dhírigh na ceardlanna ar ról agus ar fheidhm na n-ionadaithe sábháilteachta agus ar thábhacht an chomhairliúcháin.

Sheol an tÚdarás treoir nua, acmhainní suímh ghréasáin nua agus cúrsa ríomhfhoghlama nua ag tacú le sábháilteacht agus sláinte cHeirde agus daoine i mbun na cianoibre. Soláthraíonn an foilseachán *Occupational Safety and Health Guidance on Remote Working* agus an seicliosta gaolmhar treoir d'fhostóirí agus d'fhostaithe maidir le ról agus freagrachtaí i dtaca le cianobair, agus measúnú riosca ar an gcianobair. Chuir an tÚdarás cúig cheardlann ar fáil freisin i gcomhar le páirtithe leasmhara, a thug aghaidh ar théama na cianoibre agus ar lucht saothair dáilte a bhainistiú; ina theannta sin, nuashonraigh sé a acmhainní chun tacú le fostóirí le déimeagrafaic lucht saothair atá ag athrú.

Chuir an tÚdarás tús le hobair ar chumas an scanta ionchais a bhunú ar fud na heagraíochta chun níos mó aclaíochta a sholáthar inár bhfreagra ar nádúr athraitheach na hoibre agus na gcomhthéacsanna oibre. Is éard atá i gceist leis an obair sin ná déimeagrafaic athraitheach an lucht saothair agus na riachtanais ghaolmhara i sábháilteacht agus sláinte cHeirde a mhapáil agus cineálacha oibre agus impleachtaí amach anseo ó thaobh rialála de a aithint.



Ceimiceáin

Chomhoibrigh an tÚdarás leis an Lárionad Náisiúnta Faisnéise Nimhiúcháin agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun urraíocht a dhéanamh ar 'The Know, Act, Prevent Garden' ag féile Bord Bia Bloom chun feachtas a mhéadú i measc tomhaltóirí agus iad a chur ar an eolas faoi na contúirtí a bhaineann le táirgí ceimiceacha laethúla a fhaightear go coitianta sa bhaile agus sa ghairdín. Bronnadh Bonn Airgid ar an ngairdín.

Chuir an tÚdarás tacaíocht ar fáil d'fhiontair a raibh fiosruithe faoi cheimiceáin acu. D'fhreagair ár ndeasc chabhrach ceimiceán náisiúnta le haghaidh REACH agus CLP do bhreis is 450 fiosrúchán.

Nuashonraíomar ár dtreoir maidir le pleanáil úsáide talún theicniúil chun freagairt don ghá atá le treoir maidir le hidrigin mar fhoinsé fuinnimh.

Thacaíomar leis an RFTF chun comhairle a chur ar fhiontair Éireannacha maidir leis an moladh um shrianadh uilíoch do cheimiceáin PFAS.

Tosaíocht Straitéiseach

Tionchar

Rachaimid i mbun comhpháirtíochta agus comhoibre chun ár sainorduithe a chur chun feidhme agus chun ár bhfís a bhaint amach



Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

Lean an tÚdarás air ag tacú agus ag déanamh teagmhála le príomhpháirtithe leasmhara tríd an gCoiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirme (CCCSF) agus an Coiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Foirgníochta (CCCumSF), agus chuaigh sé i dteagmháil le fostóirí agus fostaithe leasmhara in earnálacha eile.

Tugadh faoi ocht bhfeachtas cigireachta náisiúnta ar fud an gheilleagair sna hearnálacha a raibh an leibhéal is airde de theagmhais sábháilteachta ceirde acu, agus cuireadh in iúl iad do phríomhpháirtithe leasmhara mar iarracht eagraithe feasacht a mhéadú agus caighdeán a fheabhsú.

Bhunaigh an tÚdarás Coiste Comhairleach Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh nua in 2023 chun rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara leis an earnáil thábhachtach seo a fhorbairt. Is é cuspóir an choiste meicníocht níos foirmiúla a sholáthar chun rochtain a fháil ar shaineolas earnála don Bhord agus chun líonraí láidre a bhunú.

Bhuail an tÚdarás le páirtithe leasmhara a bhfuil spéis acu in REACH agus in CLP agus chuir sé Straitéis Ceimiceán an AE rathúil um an Inbhuanaitheacht ar mhaithe le Timpeallacht Saor ó Thocsainí ar fáil. Foilsíodh treoir ar shábháilteacht cheimiceach sa bhaile agus sa ghairdín lena dáileadh ag imeacht Bloom Bord Bia.

Lean an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirme ag obair ar chuspóirí an *Phlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht Feirme 2021-2024* a chur i bhfeidhm. Cinntíonn an CCCSF rannpháirtíocht láidir páirtithe leasmhara san earnáil talmhaíochta. Leanann an tÚdarás de chomhthionscnamh coiscithe a bheith aige le Teagasc, go háirithe maidir le taighde agus oiliúint agus chuaigh siad i dteagmháil le Coillte agus le comharchumainn mhóra freisin.

Tá balleagraíochtaí an Choiste Chomhairligh um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Foirgníochta ag obair fós ar sheachadadh cuspóirí laistigh de *Phlean CCCumSF 2022-2024*, agus tacaíonn siad go réamhghníomhach le tionchar a imirt ar dhea-chleachtas sláinte agus sábháilteachta san fhoirgníocht agus lena chur chun cinn. Cuireadh acmhainní fairsinge treorach agus faisnéise ar fáil don earnáil in 2023 trí obair an CCCumSF agus an Údaráis.

Ionchur beartais an AE

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag tacú le páirtithe leasmhara a bhfuil leasanna acu i bpróisis cheimiceacha an AE faoin Acht Ceimiceán. Rinneamar ionadaíocht thar ceann na hÉireann ar choistí agus grúpaí oibre teicniúla áirithe an ECHA agus an Choimisiúin Eorpaigh, agus rinneamar iarracht shuntasach beartas ceimiceán nua a leagadh amach ar leibhéal AE, mar an t-údarás inniúil lárnach in Éirinn faoin Acht Ceimiceán, go háirithe i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an Rialachán CLP.

Thacaigh an tÚdarás go gníomhach le RFTF freisin san idirbheartaíocht a rinne athbhreithniú ar an Treoir Innealra; d'fhreastail sé ar chruinnithe agus chuir sé ionchur teicniúil suntasach ar fáil chun Rialachán Innealra 2023/1230 nua an AE a thabhairt chun críche. Tháinig an Rialachán i bhfeidhm in 2023. Beidh na forálacha uile éigeantach ó mhí Eanáir 2027 ar aghaidh, tar éis na hidirthréimhse.



Tosaíocht Straitéiseach Creidiúnú

Cuirfimid an straitéis chreidiúnaithe
chun feidhme



Sheol BNÉC *Straitéis Chreidiúnaithe 2022-2026* cúig bliana i mBealtaine 2022. Leagann an straitéis amach conas mar a bhainfidh Éire gach buntáiste as an gcreidiúnú agus conas mar a imreoidh sé tionchar dearfach ar gheilleagar agus ar shochaí na hÉireann. Aithníonn sí an ról a bheidh ag creidiúnú maidir le tacú leis an rialtas, frontair, rialaitheoirí agus tomhaltóirí. Tá an straitéis dírithe ar na ceithre mhóorthosaíocht seo a leanas:

- ▶ Eolas agus tionchar a imirt ar bheartas náisiúnta
- ▶ Feasacht agus rannpháirtíocht a chur chun cinn
- ▶ Glacadh agus cur chun feidhme an chreidiúnaithe a mhéadú
- ▶ Acmhainn agus infreastruchtúr a chur ar fáil.

Tá plean tionscadail forbartha chun an straitéis a chur i bhfeidhm. Déantar monatóireacht agus nuashonrú air go rialta chun dul chun cinn na straitéise a léiriú.

Ullmhaíodh Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2023 chun achoimre a dhéanamh ar an obair atá déanta; sonraítear inti cur i bhfeidhm leanúnach na Straitéise thar na 12 mhí atá romhainn.

Eolas agus tionchar a imirt ar bheartas náisiúnta

Cuireadh go leor seisiúin faisnéise agus cuir i láthair ar chreidiúnú ar fáil do roinnt Ranna Rialtais, lena n-áirítear an RFTF, le linn 2023. I measc na n-ábhar bhí an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (TTIC), IS agus an scéim Dréimire Feidhmíochta CO2 in Éirinn.

Reáchtáladh cruinnithe maidir le creidiúnú a chur i bhfeidhm leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála, agus leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Leag an rannpháirtíocht sin béim ar fhaisnéis a sholáthar, eolas a roinnt ar réimsí creidiúnaithe agus creidiúnú a chur chun cinn.

Feasacht agus rannpháirtíocht a chur chun cinn

Tá plean cumarsáide curtha i gcrích agus i bhfeidhm ó R2 2023. Méadóidh an plean seo tuiscint agus feasacht ar chreidiúnú. Cabhróidh sé le feasacht agus rannpháirtíocht creidiúnaithe a chur chun cinn, agus cuirfidh sé luach agus tairbhí an chreidiúnaithe in iúl. Leanfar leis an bplean a chur i bhfeidhm le linn 2024.

Tá Líonra Cumarsáide Creidiúnaithe Eorpach nua bunaithe ina mbeidh INAB rannpháirteach.

Glacadh agus cur chun feidhme an chreidiúnaithe a mhéadú

In 2023, bhronn Bord BNÉC 13 chreidiúnú nua; 9 gcreidiúnú (8 dtástáil agus 1 chalabrá) in ISO/IEC 17025, 2 thástáil leighis le haghaidh ISO 15189 agus 2 chomhlacht iniúchta le haghaidh ISO/IEC 17020. I measc na réimsí tástála in 2023 bhí: tástáil torthúlachta ithreach, tástáil ábhair tógála agus méadreolaíocht.

Rinneadh 553 measúnú in 2023, méadú ar fhigiúirí 2022. Leathnaíodh an raon feidhme i 117 cás in 2023. Is méadú é seo ar fhigiúirí 2021 agus 2022.

Acmhainn agus infreastruchtúr a chur ar fáil

Baineadh úsáid as anailísíocht Power Bi mar uirlis éifeachtach agus éifeachtúil chun grafaic eolais a fhorbairt le húsáid mar bhunús do thuilleadh gníomhartha straitéise, agus chun tuairiscí creidiúnaithe a chruthú. Leanfar leis an bhforbairt sin in 2024.



Tosaíocht Straitéiseach

Ár modh oibre

Feabhsóimid agus athróimid ó bhonn go leanúnach an chaoi a n-oibrímid trí dhaoine, próisis, teicneolaíocht agus nuálaíocht



Rialachas

Tá creat rialachais chorparáidigh i bhfeidhm atá i gcomhréir le dea-chleachtas. Deimhníonn sé seo go bhfuil struchtúir, beartais agus próisis i bhfeidhm chun feidhmeanna reachtúla na heagraíochta a chomhlíonadh, agus ag an am céanna deimhníonn sé go bhfuil gach riosca á mbainistiú go héifeachtach agus ceadaíonn sé measúnú oibiachtúil ar fheidhmiú bainistíochta agus corparáideach. Ba phríomhréimsí fócais don Údarás iad leanúnachas gnó, bainistíocht géarchéime, cibearshlándáil agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) le linn 2023, mar thoradh air sin feabhsaíodh an seasamh slándála agus rinneadh dul chun cinn suntasach ar sheachadadh creata chun athléimneacht oibriúcháin a chinntiú.

Forbairt eagraíochtúil

Cuireadh clár cuimsitheach um forbairt eagraíochtúil agus bainistithe athraithe i bhfeidhm de réir a chéile le linn na chéad bhliana den straitéis, rud a d'fhág gurbh í 2023 an chéad bhliain iomlán oibriúcháin faoinár samhail oibriúcháin nua. Cé go bhfuil struchtúir uile an dearaidh eagraíochta nua curtha i bhfeidhm go hiomlán, d'oibríomar i rith na bliana le leibhéal suntasach folúntais i bhformhór na réimsí agus muid ag leanúint ar aghaidh ag méadú chun ár líon daoine ceadaithe a líonadh.

In 2023, d'fhoilsíomar freisin ár gcéad Straitéis Daoine *Ag Cumasú ár dTodhchaí 2023-2025* a thaispeánann an tiomantas agus an luach a chuirimid ar eispéireas na bhfostaithe a fheabhsú agus todhchaí ár bhfostaithe a forbairt linn. Feabhsóidh ár Straitéis Daoine ár gcumas an fhoireann is fearr a mhealladh, a forbairt agus a choinneáil, agus cruthóidh sí timpeallacht chuimsitheach chomhoibríoch ina mbraitheann an fhoireann go bhfuil meas, rannpháirtíocht agus tacaíocht acu.

Mar fhostóir roghnaithe, tá sé mar aidhm againn daoine maithe a mhealladh, a choinneáil agus a forbairt. Táimid tiomanta go láidir d'fhórsa saothair éifeachtach, nuálaíoch, éagsúil agus cuimsitheach a chruthú, agus reáchtálaimid ár bhfeachtais earcaíochta i gcomhréir leis na Cóid Chleachtais um Cheapacháin chuig Poist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a d'ullmhaigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP). Ceapadh 67 daoine nua mar thoradh ar ár bhfeachtas earcaíochta in 2023.

I mí Eanáir 2023, sheolamar ár *Straitéis Chumarsáide 2023-2025* a sholáthróidh treo straitéiseach cumarsáide chun ár bhfís maidir le saolta agus frontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla a bhaint amach. Leagann sé amach ár bpríomhfhócas agus ár bpríomhthosaíochtaí thar na trí bliana atá amach romhainn, lena n-áirítear cé leis a ndéanfaimid cumarsáid, conas a dhéanfaimid cumarsáid, agus conas a dhéanfaimid rath a thomhas. Dearadh an Straitéis chun comhlánú agus tacú le hiarrachtaí eagraíochtúla chun na tosaíochtaí straitéiseacha, na spriocanna agus na torthaí a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach mar atá leagtha amach i *Ráiteas Straitéise 2022-2024* agus i ngach Clár Oibre (CO) bliantúil. Mar ullmhúchán don Straitéis Chumarsáide, reáchtáladh ceardlanna le príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha chun príomhchuspóirí, príomhpháirtithe leasmhara agus príomhtheachtaireachtaí an Údaráis a leagadh amach do na blianta atá amach romhainn.



Córais agus sonraí

Is tosaíocht straitéiseach don Údarás é ardán comhtháite a fhorbairt chun próisis ghnó a bhunathrú agus a bharrfheabhsú, agus é ag glacadh le nuálaíocht agus le teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn an am céanna. Mar sin, leanadh den obair ar ardán lárnach inmheánach nua a fhorbairt chun gach gníomhaíocht ar shábháilteacht agus sláinte cHeirde, ceimiceáin agus faireachas margaidh a bhainistiú go héifeachtach. Is tionscadal ilbhliantúil é seo a sholáthróidh réiteach comhtháite do bhainistiócht iomlán cásanna. Chríochnaíodh dearadh agus tógáil réitigh, tástáil ar chomhtháthú córas agus ullmhacht chomhshaoil le linn 2023, agus bhí an t-ardán réidh chun tástáil glactha úsáideoirí a dhéanamh air ag deireadh na bliana.

Leagadh amach fíis shoiléir maidir le bainistiú sonraí san eagraíocht, tar éis dul i ngleic le príomhpháirtithe leasmhara. Áiríteoidh sé seo cur chuige comhordaithe maidir le bailiú sonraí, glanadh sonraí agus seasmhacht cáilíochta sonraí agus táthar ag súil go mbeidh foinse fianaise aonair iontaofa ann mar thoradh, foinse a dhéanfaidh eolas do chinnteoireacht amach anseo.

Riachtanais níos leithne na hearnála poiblí a chomhlíonadh

Mar chomhlacht poiblí, breithnímid go gníomhach conas is féidir linn ár ndualgas a chomhlíonadh ar bhealach fóinteach chun deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna agus cóireála a chur chun cinn, agus ceartha daonna na ndaoine a gcuirimid seirbhísí ar fáil dóibh agus ár bhfoirne a chosaint. Tugadh faoi roinnt tionscnamh i rith na bliana maidir le hoibrithe leochaileacha; na hoibrithe sin a d'fhéadfadh a bheith an-íogair nó ró-nochta do rioscaí féideartha sláinte agus sábháilteachta i gcomparáid leis an bpobal oibre i gcoitinne. Dhírigh an obair sin ar aird a tharraingt ar oibrithe leochaileacha, ar fhreagrachtaí fostóra maidir le hoibrithe leochaileacha a chosaint, agus ar chleachtais chosanta.

Táimid tiomanta do bheartais earcaíochta, a chomhlíonann go héifeachtach na spriocanna atá leagtha amach sa *Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas*, a chinntiú. Leanaimid de bheith ag sárú na sprice atá leagtha amach i gCuid 5 den Acht um Míchumas 2005, a chuireann dualgas ar chomhlachtaí poiblí riachtanais daoine faoi mhíchumas a bhreithniú agus freagairt dóibh. Léiríonn an daonáireamh foirne is déanaí againn ar líne gur daoine faoi mhíchumas iad 9.2% dár bhfoireann faoin sainmhíniú san Acht um Míchumas 2005.

Ina theannta sin, chun tacú le baill foirne a bhfuil oiriúntas réasúnta de dhíth orthu, rinneadh measúnuithe riachtanas agus cuireadh tacaíochtaí cuí ar fáil i gcás go raibh gá leo.

Tugadh isteach an bonn reachtach do thuairisciú na bearna pá idir na hinscní in Éirinn faoin Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021. Ceanglaíonn an tAcht ar eagraíochtaí (foireann de 250+) tuairisc a thabhairt ar a mbearna pá in aghaidh na huairé idir na hinscní thar raon méadrachta. D'fhoilsíomar ár gcéad Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní ar an 21 Nollaig 2023; léirigh bearna de -1.5% cothromaíocht shláintiúil ghinearálta de thuilleamh fireann agus baineann sa tréimhse tuairiscithe.

Cinntímid go gcruthóimid timpeallacht fháiltiúil ina gcuirtear ar chumas ár ndaoine agus ár gcustaiméirí úsáid a bhaint as an nGaeilge. Cloímid le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003, arna nuashonrú le hAcht 2021, agus cinntímid go bhfuil gach foilseachán riachtanach ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon. Comhordaíodh ár ngníomhaíocht fógraíochta lena chinntiú go raibh ar a laghad 20% dár bhfógraíocht i nGaeilge i rith 2023 agus gur caitheadh ar a laghad 5% dár mbuiséid fógraíochta ar fhógraíocht i nGaeilge sna meáin Ghaeilge.

Tá seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí mar phríomhthosaíocht ag an Údarás. D'fhoilsíomar *Cairt um Sheirbhís do Chustaiméirí* agus *Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí* leasaithe le linn 2023. Leagtar amach inár gCairt Custaiméirí an leibhéal seirbhíse ar féidir le custaiméirí a bheith ag súil leis agus iad ag déileáil linn. Leagtar amach inár *bPlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí* raon beart a fheabhsóidh seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí ar fud an Údaráis, bearta atá le cur i bhfeidhm le linn shaolré an phlean.



Príomhéachtaí: Clár Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde

Rialáil

o`

Tionchar

Gníomh i gClár Oibre 2023	Bainte amach in 2023
Gach teagmhas marfach a thuiriscítear don Údarás a fhiosrú	Rinneadh 83 imscrúdú san iomlán ar thionóiscí marfacha, agus measadh go raibh baint ag 43 acu leis an obair.
10,000 iniúchadh réamhghníomhach a dhéanamh trí bhíthin feachtais shonracha agus iniúchtaí spriocdhírthe ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha uile	<p>Rinne an tÚdarás 9,995 iniúchadh réamhghníomhach san iomlán. Fuair ár gcigirí amach go raibh ráiteas sábháilteachta ar fáil ag 79% de na hionaid oibre san áit oibre. In 53% de na cásanna, d'éiligh an cigire ar an sealbhóir dualgais tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar an ráiteas sábháilteachta.</p> <p>Thug an tÚdarás faoi fheachtais chigireachta náisiúnta sna hearnálacha seo a leanas:</p> <h3>Dugaí agus calafoirt</h3> <p>Tugadh faoi fheachtas iniúchta spriocdhírthe i mBealtaine 2023, agus rinneadh 70 iniúchadh i seacht gcalafort. I measc na bpríomhfhadhbanna a aithníodh bhí easpa ráiteas sábháilteachta, measúnuithe riosca agus deimhnithe maidir le trealamh ardaithe san ionad oibre, daingniú ualaigh ar fheithiclí agus bainistíocht tráchta, mar aon le heaspa pleananna aslonnaithe éigeandála cuí, monatóireachta ocsaigine i mbolg long agus trealaimh cosanta pearsanta (TCP).</p> <h3>Dramháil</h3> <p>Cuireadh 65 iniúchadh i gcrích san iomlán mar chuid d'fheachtas san earnáil seo, agus eisíodh 42 forfheidhmiú. Is iad seo a leanas torthaí an fheachtais:</p> <ul style="list-style-type: none">Bhí ráiteas sábháilteachta ar fáil ag 89% de na cuideachtaíBhí nós imeachta sonrach i bhfeidhm ag 75% de na cuideachtaí chun scipeanna a bhailiú agus a sheachadadhBhí nósanna imeachta ag 86% de na cuideachtaí chun feithiclí a iniúchadh agus a chothabháil, ach ní raibh nós imeachta ach ag 45% acu chun scipeanna a iniúchadh <h3>Foirgníocht</h3> <p>Rinneadh 389 iniúchadh san iomlán mar chuid de dhá fheachtas tógála spriocdhírthe, agus díriodh go príomha ar obair ar airde. Eisíodh 45 Fógra Toirmisc/Fógra Feabhsúcháin san iomlán, go príomha maidir le hobair ar airde. Bhí Maoirseoir Tionscadail na Céime Tógála (MTCT) ag formhór na láithreáin a ndearnadh iniúchadh orthu. Thángthas ar roinnt fadhbanna maidir le bainistíocht tráchta/coisithe agus rinne cigirí fiosrúchán ar na fadhbanna sin.</p> <h3>Cairéalacht</h3> <p>Tugadh faoi dhá fheachtas iniúchta cairéal in 2023. I measc na bpríomhfhadhbanna a aithníodh le linn na bhfeachtas bhí:</p> <ul style="list-style-type: none">Sábháilteacht stad cosanta agus éigeandálaCothabháil agus leithlisiúMeasúnú agus oiliúint riosca <p>Le linn na bhfeachtas, rinneadh 308 iniúchadh agus seirbheáladh 307 Fógra Forfheidhmithe. Áiríodh leo sin 33 Fógra Feabhsúcháin agus 34 Fógra Toirmisc.</p>

Gníomh i gClár Oibre 2023

Bainte amach in 2023

Miondíol

Cuireadh 198 iniúchadh i gcrích san iomlán i siopaí miondíola thar thréimhse trí mhí. Bhí níos mó ná 100 díobh seo dírithe ar na cúig mhór-mhiondíoltóir grósaeireachta in Éirinn. Dhírigh na hiniúchtaí ar chórais bainistíochta sábháilteachta, bainistíocht tráchta, comhairliúchán sábháilteachta, racáil, forcardaitheoirí, seachadtaí agus TCP, i measc rioscaí eile. Eisíodh 190 Fógra Forfheidhmithe san iomlán (164 comhairle scríofa, 22 Fógra Feabhsúcháin agus 4 Fhógra Toirmisc).

Fuinneamh in-athnuaite

Ba é an feachtas seo an chéad cheann dá leithéid don Údarás, agus díródh go háirithe ar fheirmeacha gréine, feirmeacha gaoithe agus díleáiteoirí anaeróbacha. Rinneadh 56 iniúchadh san iomlán. Bhí tógáil ar siúl in 23 áit oibre a ndearnadh cigireacht orthu. Léirigh formhór na suiteálacha a ndearnadh iniúchadh orthu ardleibhéal comhlíonta. Cé nár seirbheáladh aon fhógraí, eisíodh 28 Tuairisc Chigireachta (TC).

Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht

Rinneadh ceithre fheachtas iniúchta a bhaineann go sonrach le riosca san earnáil feirmeoireachta, a dhírigh ar shábháilteacht beostoic, sábháilteacht tarracóra agus cuadrothair, obair ar airde, agus sláinte agus folláine feirmeoirí. Spreagadh feirmeoirí na rioscaí a bhaineann lena leithéid d'fhadhbanna a mheas agus ullmhú chun na rioscaí sin a bhainistiú sula dtagann siad chun cinn le linn na bliana feirmeoireachta. Rinneadh 1,348 iniúchadh feirme san iomlán i rith na bliana; rinneadh beagnach leath díobh le linn feachtais iniúchta spriocdhírith. D'fháiltigh feirmeoirí agus an pobal feirmeoireachta roimh an bhéim a cuireadh ar na rioscaí sin, lena n-áirítear an fócas ar shláinte agus folláine feirmeoirí. Spreagadh feirmeoirí úsáid cheart a bhaint as an *gCód Cleachtais um Shábháilteacht Feirme* mar mhodh chun riosca a bhainistiú agus gortú a chosc i rith na bliana. Eisíodh 89 forfheidhmiú san iomlán.

Sláinte agus cúram sóisialta

Rinneadh 622 iniúchadh réamhghníomhach agus frithghníomhach san earnáil sláinte agus cúraim shóisialta.

Áiríodh leo sin béim ar chórais bainistíochta sábháilteachta agus raon guaiseacha a bhaineann go sonrach leis an earnáil seo lena n-áirítear:

- Foréigean agus láimhsiú a bhaineann leis an obair
- COVID-19/Ionfhabhtú Víreasach Riospráide
- Othair agus láimhsiú sábháilte

Rinneadh iniúchtaí i suíomhanna éagsúla oibre, lena n-áirítear ospidéal, tithe altranais, cúram cónaithe, agus seirbhísí cúraim phríomhúil agus pobail.

Eisíodh 499 forfheidhmiú san iomlán; lena n-áirítear 28 Fógra Feabhsúcháin.

Gníomh i gClár Oibre 2023	Bainte amach in 2023
<p>Díriú go háirithe inár n-iniúchtaí ar earnálacha sonracha, ar ghníomhaíocht oibre agus ar ghuaiseacha mar seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Gníomhaíocht oibre a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, iompar fóillíochta agus siamsaíochta, agus lóistíocht • Rioscaí síceasóisialta lena n-áirítear bulaíocht san ionad oibre agus strus • Oibrithe leochaileacha agus oibrithe sa gheilleagar poistín • Foréigean agus ionsaitheacht. • Nochtadh d'oibreáin bhitheolaíoch • Nochtadh do tháirgí tionsclaíoch agus do shubstaintí próiseas-ghinte ar féidir leo bheith ina gcúis le hailse nó sócháin (ceimiceáin charcanaigineacha agus shó-ghineacha) agus le deannach shilice • Láimhsiú sábháilte agus gníomhaíochtaí láimhseála daoine • Slándáil lasta, bainistíocht tráchta, sábháilteacht innealra agus gníomhaíochtaí innealtóireachta 	<p>Rinneadh níos mó ná 900 iniúchadh a dhírigh ar shláinte agus sláinteachas ceirde thar raon earnálacha, amhail déantúsaíocht, cúram sláinte, deisiú mótarfheithiclí agus seirbhísí. Dhírigh na hiniúchtaí ar na rioscaí sláinte do ghníomhaíochtaí oibre laistigh de na hearnálacha sonracha mar a achoimrítear thíos. Eisíodh comhairle scríofa i gcás 710 de na hiniúchtaí. Ina theannta sin, eisíodh 27 Fógra Feabhsúcháin agus 17 bhFógra Toirmisc.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Rinneadh 327 iniúchadh san iomlán a thug aghaidh ar oibreáin cheimiceacha, lena n-áirítear ceimiceáin a ghintear trí phróiseas amhail táthú, deannach, spraephéinteáil, agus oibreáin cheimiceacha atá catagóirithe mar íogróirí craicinn nó riospraide, nó mar charcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach ó thaobh an atáirgthe • Rinneadh 114 iniúchadh réamhghníomhach agus frithghníomhach san iomlán a thug aghaidh ar bhaint aispeiste agus ar bhainistiú aispeiste i bhfoirgnimh a tógadh roimh 2000 • Rinneadh feachtas iniúchta chun aghaidh a thabhairt ar nochtadh do dhé-isicianáití. Bhain sé seo leis na coinníollacha srianta maidir le húsáid dé-isicianáite faoi larscríbhinn XVII de rialacháin REACH, trína gceanglaítear ar oibreoirí oiliúint a bheith acu maidir le húsáid shábháilte dé-isicianáití. Bhain na hiniúchtaí le próisis sna hearnálacha tógála agus déantúsaíochta go príomha, amhail adhmaadóireacht, cruaitheoirí a úsáidtear i spraephéinteáil, úsáid cúir inslithe agus obair suiteála séalaithe. Cuireadh ceistneoir i gcrích le haghaidh athbhreithnithe ag Grúpa Oibre CHEMEX SLIC an AE • Rinneadh níos mó ná 120 iniúchadh chun aghaidh a thabhairt ar ghníomhairí bitheolaíoch • Thug beagnach 400 iniúchadh aghaidh ar COVID-19/víris riospraide san earnáil sláinte agus cúraim shóisialta • Rinneadh 245 iniúchadh oibreán fisiceach san iomlán chun aghaidh a thabhairt ar thorann agus radón. San earnáil déantúsaíochta go príomha a rinneadh na hiniúchtaí a bhain le torann, agus díriodh na hiniúchtaí radóin ar ionaid oibre i gceantair gheografacha a bhféadfadh leibhéil arda radóin a bheith iontu • Rinneadh 331 iniúchadh san iomlán chun aghaidh a thabhairt ar láimhsiú sábháilte agus gníomhaíochtaí láimhseála daoine, go príomha sna hearnálacha cúraim sláinte, déantúsaíochta agus cóiríochta • Rinneadh níos mó ná 150 iniúchadh ar ábhair a bhaineann le guaiseacha agus rioscaí síceasóisialta (bulaíocht, foréigean agus ionsaitheacht) in earnálacha amhail an earnáil lóistín agus bia agus an earnáil mhiondíola • Rinneadh 202 iniúchadh san iomlán a thug aghaidh ar fhoréigean agus ar ionsaitheacht a bhaineann leis an obair san earnáil sláinte agus cúraim shóisialta • Ina theannta sin, rinneadh 400 iniúchadh san earnáil tógála chun feasacht a mhéadú maidir le bearta cosanta gréine agus aghaidh a thabhairt orthu

Gníomh i gClár Oibre 2023	Bainte amach in 2023
<p>Tacaíochtaí agus comhairle a ullmhú sna réimsí seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Dearadh déantúsaíochta sábháilte agus tógáil tithe fráma adhmaid • Úsáid bóithre a bhaineann leis an obair • Sciorrthaí, tuislí agus titim san earnáil lóistín agus bia • Bainistíocht SSC in áiseanna dramhaíola • Sábháilteacht dóiteáin san ionad oibre • Rioscaí sonracha agus bearta rialaithe d'oibrithe aonair 	<p>Thosaigh an tÚdarás ag obair ar threoir a dhréachtú chun tithíocht fráma adhmaid a thógáil go sábháilte.</p> <p>Nuashonraigh an tÚdarás an fhaisnéis agus an treoir maidir le tiomáint chun críocha oibre a bhainistiú. Ina theannta sin, chomh-óstáil an tÚdarás seimineár ar líne leis an ÚSB agus leis an nGarda Síochána a dhírigh ar fhadhbanna sábháilteachta a bhaineann le tiomáint chun críocha oibre.</p> <p>Reáchtáil an tÚdarás feachtas iniúchta a dhírigh ar sciorrthaí, tuislí agus titim san earnáil bia agus lóistín.</p> <p>Maidir leis an earnáil athchúrsála dramhaíola, reáchtáil an tÚdarás feachtas iniúchta ar úsáid shábháilte scipeanna tionsclaíocha.</p> <p>Reáchtáil an tÚdarás feachtas iniúchta maidir le bainistíocht sábháilteachta dóiteáin dírithe ar eagraíochtaí san earnáil phoiblí.</p> <p>Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar a fhaisnéis agus ar a threoir fhoilsithe maidir le hobair aonair. Rinneadh scrúdú freisin ar oibriú aonair mar fhachtóir riosca mar chuid de ghníomhaíochtaí iniúchta an Údaráis i dtaca le foréigean agus ionsaitheacht.</p>
<p>Treoir an Údaráis maidir le cianobair a chur chun cinn agus tacú le tionscnaimh bhreise Rialtais sa réimse seo</p>	<p>D'fhoilsigh an tÚdarás a dhoiciméad treorach, <i>Occupational Safety and Health Guidance on Remote Working</i>, le seicliosta gaolmhar. Forbraíodh acmhainní gréasáin nua freisin maidir le cianobair agus lucht saothair dáilte a bhainistiú. Forbraíodh cineál gnó nua do mhoil chianoibre ar BeSMART.ie. Thug an tÚdarás cur i láthair ag roinnt imeachtaí agus reáchtáil sé seisiúin oiliúna le comhpháirtithe páirtithe leasmhara maidir le hacmhainní cianoibre a chur chun cinn.</p> <p>Tugadh faoi fheachtas iniúchta SSC gairid chun feasacht a mhéadú maidir le hacmhainní cianoibre agus chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil ionaid oibre ag bainistiú cianoibre. Bhí thart ar 48% de na hionaid oibre ar an eolas faoin treoir. As na 32 iniúchadh a rinneadh, bhí 63% d'oibrithe ag obair go cianda agus bhí measúnuithe riosca críochnaithe ag 60% acu sin. Eisíodh comhairle scríofa nó ó bhéal, agus cuireadh fostóirí ar an eolas faoi threoir an Údaráis maidir le cianobair.</p>
<p>Ról an ionadaí sábháilteachta a chur chun cinn trí dhul i dteagmháil le hionadaithe fostaithe agus fostóirí. I ngach ceann dár n-iniúchtaí, déanfaimid teagmháil agus cumarsáid ghníomhach leis an ionadaí sábháilteachta agus cuirfimid comhairle air nó uirthi</p>	<p>Thug an tÚdarás roinnt acmhainní cothrom le dáta a bhaineann le ról na n-ionadaithe sábháilteachta, lena n-áirítear seoladh an tríú eagrán de <i>Safety Representatives Resource Book</i> agus dhá bhileog eolais do gach earnáil. Thacaigh an tÚdarás le cúig cheardlann oiliúna ar théama na n-ionadaithe sábháilteachta i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara.</p>

Gníomh i gClár Oibre 2023	Bainte amach in 2023
<p>Na treoracha, tacaíochtaí agus ríomhuirlisí, agus an reachtaíocht nua ar fad, a chur chun cinn le béim ar leith ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Reachtaíocht maidir le feithiclí ilraoin (ATVanna) agus cuadrothair, a tháinig i bhfeidhm i mí na Samhna 2023 • Treoir do mhodhnóirí ábhair • Treoir maidir le saotharlanna a oibríonn le hoibreáin bhitheolaíoch • Acmhainní agus tacaíochtaí síceasóisialta agus meabhairshláinte • Tuairisciú tionóiscí, gortuithe agus tinnis ag gach earnáil, lena n-áirítear fógraí aispeiste agus oibreán bitheolaíoch 	<p>Tháinig an reachtaíocht nua a thugann isteach ceanglais maidir le hoiliúint agus trealamh cosanta pearsanta d'oibreoirí ATVanna i bhfeidhm i mí na Samhna 2023 agus cuireadh chun cinn í ag gach mórimeacht feirmeoireachta, le taispeántais phraiticiúla ag seastáin ag imeacht Déiríochta Teagasc, ag Seó Thulach Mhór agus ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Cuireadh na ceanglais nua chun cinn freisin trí chomhfheachtais fógraíochta agus clúdach forleathan sna meáin.</p> <p>Cuireadh an treoir maidir le measúnuithe riosca síceasóisialta i réimse an nochtad d'ábhar íogair chun cinn go forleathan i measc príomhpháirtithe leasmhara.</p> <p>Cuireadh WorkPositive^{CL}, uirlis an Údaráis chun tacú le fostóirí a bhfuil bainistíocht riosca síceasóisialta acu, chun cinn leis na páirtithe leasmhara go léir, go háirithe le fontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna).</p> <p>Forbraíodh treoir nuashonraithe maidir le riosca foréigin agus ionsaitheachta tríú páirtí san ionad oibre a bhainistiú.</p> <p>D'eagraigh an tÚdarás dhá sheimineár gréasáin ar bhainistiú rioscaí eirgeanamaíochta agus síceasóisialta, agus chuir sé úsáid threoir, uirlisí agus tacaíochtaí an Údaráis chun cinn.</p> <p>D'fhoilsigh an tÚdarás <i>Managing Exposure to Biological Agents in Laboratories</i> agus chuir sé an treoir sin chun cinn i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara. Leanfar leis an treoir a chur chun cinn in 2024.</p> <p>Phróiseáil an tÚdarás 418 Fógra Aispeiste faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Nochtadh d'Aispeist) 2006-2010. B'ionann é sin agus méadú 10% i gcomparáid le figiúr 2023.</p> <p>Faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Bhitheolaíoch) 2013 agus 2020, fuarthas agus próiseáladh 12 fhógra maidir le grúpaí riosca oibreán bitheolaíoch áirithe a úsáid, agus fuarthas 302 fógra a léirigh 461 fostaí maidir le tinneas COVID-19 san ionad oibre.</p>
<p>Trí chúrsa ríomhfhoghlama nua a fhorbairt chomh maith le cúrsa sábháilteachta idirghníomhach do bhunscoileanna</p>	<p>Sheol an tÚdarás ceithre chúrsa ríomhfhoghlama nua ar hslearning.ie. Áiríodh orthu sin cúrsaí ar chianobair, measúnuithe riosca eirgeanamaíochta, sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre do phrintísigh agus cosaint oibríthe leochaileacha. San iomlán, rinneadh níos mó ná 73,000 chúrsa a thugann aghaidh ar shábháilteacht agus ar shláinte cheirde ar ardáin ríomhfhoghlama.</p> <p>Leanadh ar aghaidh ag forbairt acmhainní sláinte agus sábháilteachta ceirde i dteangacha éagsúla, lena n-áirítear trí chúrsa d'oibríthe ón Úcráin.</p> <p>Cuireadh an clár "Roghnaigh Sábháilteacht" ar fáil i 428 iar-bhunscoil agus ghlac breis is 23,000 mac léinn páirt ann, an líon ba mhó mac léinn iar-bhunscoile a ghlac páirt riamh i dtionscnamh de chuid an Údaráis. Cuireadh an clár ar fáil freisin i 120 institiúid eile (lena n-áirítear institiúidí breisoideachais) agus ghlac níos mó ná 4,000 mac léinn páirt ann. Tá an tÚdarás fós ag méadú feasachta i Suaitheantais Dhigiteacha "Roghnaigh Sábháilteacht" agus ag cur a roghnaithe chun cinn.</p> <p>Ghlac an tÚdarás páirt freisin sa chlár Graduate.ie do mhic léinn iar-bhunscoile.</p>

Gníomh i gClár Oibre 2023	Bainte amach in 2023
<p>Tacaíocht theicniúil a chur ar fáil don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) maidir leis na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> Leasuithe beartaithe ar Rialacháin na gCairéal agus ar na Rialacháin Foirgníochta An Treoir um Charcanaiginí agus Só-ghinigh is déanaí a thrasú sa reachtaíocht náisiúnta Tosú ar nuashonrú an Chóid Cleachtais ar Leibhéal Nochta Ceirde chun teorainnluachanna nua nochta a léiriú 	<p>Chuir an tÚdarás tacaíocht theicniúil ar fáil don RFTF maidir le Dréachtrialachán na gCairéal agus leis an Dréacht-Bhille um Cheadúnú Foirgníochta.</p> <p>Chuir an tÚdarás tacaíocht theicniúil ar fáil don RFTF maidir le tograí nua le haghaidh luaidhe (Pb) agus dé-iscianáití agus nuashonrú ar an Treoir maidir le hOibrithe Aispeiste. Tugadh an dá thogra chun críche faoi Nollaig 2023 agus cuirfear cúnaimh ar fáil don RFTF le linn 2024 maidir leis na Treoracha sin a thrasú sa reachtaíocht náisiúnta.</p> <p>Chabhraigh an tÚdarás leis an DETE le linn 2023 maidir le hathmhúnlú na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Carcanaiginí) chun an ceathrú leasú ar an Treoir maidir le Carcanaiginí, Só-ghinigh agus Substaintí atá tocsaineach ó thaobh an Atáirgthe (CMR) a thrasú. Mar chuid den obair sin, chuir an tÚdarás tús le nuashonrú ar an <i>gCód Cleachtais do na Rialacháin um Oibreáin Cheimiceacha agus Carcanaiginí</i> a thacódh leis an trasuíomh. Ba cheart an obair seo a thabhairt chun críche in 2024.</p>
<p>Cód Cleachtais ar Cháilíocht Aeir Laistigh a fhoilsiú agus a chur chun cinn chun tacú le comhlíonadh reachtaíocht nua an Rialtais sa réimse seo</p>	<p>D'fhoilsigh an tÚdarás <i>Cód Cleachtais do Cháilíocht Aeir Laistigh</i> agus cuireadh é sin chun cinn le páirtithe leasmhara éagsúla le linn comhairliúcháin poiblí agus, i ndiaidh a fhoilsiú, ar shuíomh gréasáin an Údaráis, i nuachtlitreacha agus ar bhealaí meán sóisialta. Cuireadh cur i láthair ar an gCód ar fáil d'ionadaithe Rialtais Áitiúil agus ag comhdháil ar Cháilíocht Aeir Laistigh a d'óstáil an Cumann Sláinteachais Ceirde agus Ollscoil na Gaillimhe. Forbraíodh agus cuireadh chun cinn measúnú riosca BeSMART.ie ar Cháilíocht Aeir Laistigh chun tacú leis an gCód agus le gnólaigh beaga.</p>
<p>Smaoineamh ar roghanna chun tionchar a imirt ar eárnálacha agus rannpháirtíocht leo a fheabhsú, lena n-áirítear an eárnáil sláinte agus cúraim shóisialta</p>	<p>Lean an Coiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Foirgníochta ar aghaidh ag obair le príomhpháirtithe leasmhara chun na táirgí insoláthartha seo a leanas a chur chun cinn in 2023:</p> <ul style="list-style-type: none"> Seoladh bileog faisnéise d'fhostaithe maidir leis an nguais a bhaineann le silice chriostalta inánálaithe d'oibrithe tógála i R1 2023 Cuireadh tús le hobair ar threoir chun tithíocht fráma adhmaid a thógáil Forbraíodh treoir agus thángthas ar comhaontú maidir léi in éineacht leis an CCCSF, treoir a bhaineann go sonrach le heárnáil maidir le 'coinní ciant' le haghaidh obair thógála ar fheirmeacha Forbraíodh agus seoladh treoir maidir le ról an ionadaí sábháilteachta ar láithreáin tógála i mí Lúnasa 2023 Tá an CCCumSF agus a bhalleagraíochtaí ag déanamh stocaireachta fós ar SOLAS agus ar an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) chun aitheantas foirmiúil a thabhairt don chúrsa Printíseachta Scafall mar leibhéal oiliúna níos airde ná mar atá ag Cárta Deimhnithe Scileanna Tógála (CDST) reatha SOLAS maidir le hArdscfall Tá an CCCumSF agus a bhalleagraíochtaí ag déanamh stocaireachta fós ar SOLAS agus ar an RBATNE maidir le hábhair imní a bhaineann leis an mBille um Cheadúnú Sábháilteachta Foirgníochta 2023 Seoladh bileog faisnéise d'fhostaithe maidir le guais na radaíochta ultraivialaite d'oibrithe tógála i mí an Mheithimh 2023. Reáchtáladh seimineár gréasáin chun feasacht a mhéadú maidir le láimhsiú i dtógáil

Gníomh i gClár Oibre 2023

Bainte amach in 2023

Athbhunaíodh an Fóram Comhpháirtíochta um Shábháilteacht Cairéal in 2023 faoi Théarmaí Tagartha leasaithe. Beidh sé mar aidhm ag an gcomhpháirtíocht faisnéis a roinnt maidir le comhlíonadh a bhaint amach, feidhmeanna cigireachta agus forfheidhmithe an Údaráis a mhíniú, nuashonruithe teicniúla a phlé agus éisteacht le riachtanais sábháilteachta na hearnála.

Bhí leibhéal shuntasacha rannpháirtíochta ann le príomhpháirtithe leasmhara in earnálacha eacnamaíocha eile:

- Tinreamh ar an gCoiste Trasteorann um Eastóscadh (ag déileáil le ceisteanna mianadóireachta)
- Rannpháirtíocht le Fóram Sábháilteachta Calafóirt na hÉireann le linn Sheachtain Sábháilteachta Calafóirt na hÉireann
- Cur i láthair curtha ar fáil ag fóram miondíola CGFÉ
- Cruinnithe le CRF, ÚFIÉ agus soláthraithe fónais

Lean an CCCSF ag obair le príomhpháirtithe leasmhara chun an *Plean Gníomhaíochta um Shábháilteacht Feirme 2021-2024* a chur i bhfeidhm:

- Tháinig an Chomhpháirtíocht agus a cúig Ghrúpa Oibre le chéile ar bhonn rialta (go pearsanta agus ar líne) chun cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta a bhaint amach
- Áiríodh le haschuir an Phlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht Feirme: faisnéis agus treoir atá cothrom le dáta a sholáthar trí ghearrthóga físe, bileoga eolais/ foilseacháin a scaipeadh agus idirghníomhú leis an earnáil trí na meáin agus ag imeachtaí éagsúla
- Áiríodh le treoir nua nó leasaithe a táirgeadh:
 - An leabhrán nua *Sláinte agus Folláine Feirmeoirí* a scaipeadh ar gach teaghlach feirme
 - Físeáin nua a tháirgeadh agus a sheoladh a bhain le Meabhairshláinte agus Folláine san Fheirmeoireacht, Sábháilteacht Leictreach agus Bainistíocht Tráchta (a dhírigh go príomha ar chaochspotaí agus ar chriosanna contúirte do choisithe)
 - Bileoga faisnéise nua a fhoilsiú maidir le Sábháilteacht le linn Shéasúr Breithe na Laonna agus Sábháilteacht le linn Bhreith na nUan
 - 23 gearrscannán físe nua maidir le sábháilteacht feirme arna bhforbairt i gcomhpháirt ag Teagasc/FBD/ÚSS agus arna seoladh ag an Aire Heydon ag seimineár taighde BeSafe
- Chuir an tionscnamh Champions for Safety seisiúin feasachta ar shábháilteacht feirme ar fáil do mhic léinn i ngach coláiste agus ollscoil talmhaíochta sula ndeachaigh na mic léinn ar shocrúchán
- Chuir an tÚdarás sábháilteacht feirme agus taispeántais bheo chun cinn ag roinnt imeachtaí móra lena n-áirítear Déiríocht Teagasc 2023, Farm Safety Live ag Seó Thulach Mhór agus an Seastán Sábháilteachta Feirme ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta
- Eagraíodh feachtais fógraíochta agus preaseisiúintí rialta ag an am céanna le feachtais chigireachta agus mheall siad clúdach suntasach sna meáin ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil
- Bhreathnaigh plé ar 'A Way of Life' ar na dúshláin a bhaineann le scor san fheirmeoireacht, agus rinneadh cur síos ar phríomhléargais a d'fhéadfaí a fhorbairt amach anseo chun líon na bhfeirmeoirí scothaosta atá ag obair ar fheirmeacha, agus líon na mbásanna feirme, a laghdú
- Tacaíodh go láidir le rialacháin nua a thabhairt isteach a éilíonn oiliúint éigeantach agus caitheamh clogaid d'oibreoirí cuadrothair
- Aithníonn an CCCSF an tábhacht a bhaineann le rochtain a fháil ar shonraí ábhartha chun leanúint de bheith mar bhonn eolais d'idirghabhálacha leanúnacha

Bhunaigh Bord an Údaráis Coiste Comhairleach Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh chun rannpháirtíocht leis an earnáil sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú.

Gníomh i gClár Oibre 2023	Bainte amach in 2023
<p>Gníomhaíochtaí a shanntar don Údarás sa <i>Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2024</i>, a thabhairt chun críche, go sonrach i ndáil le straitéis idirghabhála chomhpháirteach a fhorbairt idir an tÚdarás, an ÚSB agus an Garda Síochána. Tacóimid le prótacal comhroinnte sonraí a fhorbairt chun imbhuailtí bóthair a bhaineann leis an obair a aithint</p>	<p>D'óstáil an tÚdarás agus an ÚSB comhsheimineár gréasáin ar shábháilteacht bóithre a bhaineann leis an obair.</p> <p>Tá obair shuntasach ar bun chun teacht ar shainmhíniú coiteann maidir le 'úsáid shábháilte bóithre a bhaineann leis an obair' agus 'imbhualadh/teagmhas bóthair a bhaineann le hobair' chun cuidiú le cineál, leibhéal agus comhthéacs rannpháirtíocht na n-úsáideoirí bóithre ceirde i dteagmhais ar an mbóthar a shainaithint agus a chainníochtú. Ina theannta sin, tá tús curtha ag an Údarás le foilseachán leasaithe ar Shábháilteacht ar Bhóithre Náisiúnta a Bhaineann le hObair.</p>
<p>Páirt a ghlacadh i gCoiste na gCigirí Sinsearach Saothair (SLIC) de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus a chuid Meithleacha Oibre chun faireachán a dhéanamh ar fhorfheidhmiú reachtaíocht an AE ar leibhéal náisiúnta. Déanfaimid cathaoirleacht ar fhoghrúpa SLIC MACHEX ar Dhigitiú agus Róbataic agus comhordóimid rannpháirtíocht na hÉireann sa chóras chun faisnéis a bhaineann le forfheidhmiú a roinnt idir na Ballstáit</p>	<p>Bhí an tÚdarás ina chomhchathaoirleach ar Ghrúpa Oibre SLIC CHEMEX agus ghlac sé páirt in dhá fhoghrúpa a thug aghaidh ar cheisteanna fadréimhseacha agus ar shaincheisteanna comhéadain REACH/SSC. Sheol SLIC CHEMEX treoirthionscadal forfheidhmithe AE ar dhé-iscianáití, agus chuir an tÚdarás 15 chigireacht ar fáil thar ceann na hÉireann.</p> <p>Ghlac sé páirt i ngrúpaí oibre agus i bhfoghrúpa tumadóireachta AE SLIC Biolex, CHEMEX agus Machex.</p>
<p>Páirt a ghlacadh i gCoiste Comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh um Shábháilteacht agus Sláinte (CCSS) agus rannchuidiú le nuashonrú ar Threoir an AE maidir le hIonaid Oibre, ar Threoir an AE um Threalamh Scáileáin Taispeána agus ar thograí i dtaca le teorainneacha nochtta ceirde an AE do luaidhe</p>	<p>Lean an tÚdarás de bheith rannpháirteach sa CCSS.</p> <p>Cuireadh na Páirtithe Oibre maidir le nuashonruithe na Treorach um Áiteanna Oibre agus na Treorach maidir le Scáileán Taispeána ar sos go dtí go bhfaighfí toradh an Chomhphlé Comhpháirtithe Sóisialta ar Theileaoibriú agus an Chirt chun Dícheangail. Atosóidh na Páirtithe Oibre ar a gcúram go luath in 2024.</p>

Príomhéachtaí: Clár Ceimiceán

Rialáil

Cur Chun Cinn

Tionchar

Gníomh i gClár Oibre 2023	Bainte amach in 2023
920 iniúchadh a dhéanamh a dhíríonn ar ghníomhaíochtaí ceimiceacha ardriosca, go háirithe i réimsí ina bhfuil baol níos mó go nochtfar daoine do cheimiceáin, lena n-áirítear próiseáil, iompar, monarú agus úsáid ceimiceán san ionad oibre	Rinne an tÚdarás 888 iniúchadh a dhírigh ar ghníomhaíochtaí ceimiceacha ardriosca, go háirithe i réimsí ina bhfuil baol níos mó go nochtfar daoine do cheimiceáin, lena n-áirítear próiseáil, iompar, monarú agus úsáid ceimiceán san ionad oibre.
Tosaíocht a thabhairt d'iniúchadh ar láithreáin ardriosca úsáide ceimicí, lena n-áirítear measúnú ar chainníochtaí agus ar chatagóirí substaintí guaiseacha atá stóráilte ag calafoirt	Rinneadh iniúchadh ar 96 láithreán ar leith de Shraith I agus de Shraith II i dtaca le Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí (COMAH). Rinneadh 89 iniúchadh eile ar láithreáin ina stóráiltear substaintí contúirteacha gar do thairseach COMAH ach faoi bhun thairseach COMAH. Fuair an tÚdarás 22 fógra COMAH agus 16 mhodhnú shuntasacha agus rinne sé measúnú orthu. Cuireadh aon mheasúnú déag ar thuiriscí sábháilteachta i gcrích. Próiseáladh 347 iarratas ar chomhairle maidir le pleanáil úsáide talún (PÚT) in 2023, méadú ar an líon iarratas in 2022. Rinne an tÚdarás cúig iniúchadh ar shaoráidí calafoirt ina stóráiltear ceimiceáin.
Obair leantach iomchuí a chur i gcrích maidir le tionóiscí thromchúiseacha, gearáin agus tarchuir ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) a tuairiscíodh	Rinneadh obair leantach chuí ar gach tionóisc thromchúiseach, gearán agus tarchur. Thug an tÚdarás aghaidh ar 41 tarchur forfheidhmithe clárúcháin ón ECHA a bhain le cláraitheoirí Éireannacha.
Páirt a ghlacadh i sainghrúpaí an AE um Chlárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) agus na Rialachán um Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP)	Lean an tÚdarás de bheith rannpháirteach i gcruinnithe Údarás Inniúil an Choimisiúin agus i ngrúpaí oibre do REACH agus CLP araon. Chuir an tÚdarás tacaíocht shuntasach ar fáil in 2023 d'ionadaí an AE agus don RFTF do chruinnithe uile Ghrúpa Oibre um Chomhchuíbhiú Teicniúil de chuid Chomhairle an AE chun athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán an AE maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP) agus ar Rialachán na nGiantach de chuid an AE trínár bhfreastal ar chruinnithe AE mar shaineolaithe teicniúla, faisnéisithe teicniúla a sholáthar agus tuairimí foirmiúla scríofa a ullmhú.
Cúig thuirim eolaíocha a ullmhú do Choiste Eolaíoch um Measúnú Riosca (CMR) agus don Choiste Socheacnamaíoch (CAS) ar úsáidí substaintí ar údar mór imní iad agus ar thograí le haghaidh srianta	Lean an tÚdarás ar aghaidh ag tacú le gníomhaíochtaí an AE trí thuirimí eolaíocha agus teicniúla CMR agus CAS a ullmhú. Chomhlánaigh na saineolaithe Éireannacha ar an CMR agus ar an CAS 10 dtuirim eolaíochta mar rapóirtéirí (sainchomhad srianta amháin, sainchomhad CLH amháin agus ocht n-iarratas ar údarú).

Gníomh i gClár Oibre 2023	Bainte amach in 2023
<p>Tograí comhchuibhithe maidir le haicmiú agus lipéadú (CLH) do shubstaintí ceimiceacha a ullmhú agus a chur faoi bhráid an ECHA</p> <p>Rannchuidiú le togra srianta nua ar fud an AE a fhorbairt faoi REACH chun aghaidh a thabhairt ar íogróirí i meascáin tomhaltóirí</p>	<p>Chuir an tÚdarás trí thogra sainchomhad CLH Éireannacha faoi bhráid an ECHA do na substaintí seo a leanas: piperonal, O-iseapróipil eitil tiacarbamáit agus clóirít sóidiam.</p> <p>Lean an tÚdarás ar aghaidh ag cur leis an togra faoi stiúir na Gearmáine chun iniúchadh a dhéanamh ar shrianadh nua ar fud an AE chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair inní a bhaineann le hógairí i meascáin tomhaltóirí.</p>
<p>Saineolas a chur ar fáil d'Fhóram an ECHA maidir le Forfheidhmiú chun tionscadail forfheidhmithe a fhorbairt agus a chur ar fáil ar fud an AE i dtaca le comhlíonadh na mbileog sonraí sábháilteachta agus aicmiú na meascán</p>	<p>In 2023, ghlac an tÚdarás páirt i gcéim oibriúcháin de thionscadal FFR-11 Fhóram ECHA ar Fhorfheidhmiú ar Bhileoga Sonraí Sábháilteachta agus rinne sé seiceáil ar chomhréireacht le ceanglais larscríbhinn II nua de REACH.</p>
<p>Comhdháil náisiúnta a óstáil do pháirtithe leasmhara, a thugann aghaidh ar fhorbairtí le déanaí agus ar fhorbairtí atá ag teacht chun cinn i rialachán ceimiceán</p>	<p>D'óstáil an tÚdarás comhdháil cheimiceach i mBaile Átha Cliath do pháirtithe leasmhara a thug aghaidh ar fhorbairtí le déanaí i Straitéis Ceimiceán an AE um an Inbhuanaitheacht ar mhaithe le Timpeallacht Saor ó Thocsainí.</p>
<p>Comhairle PÚT, stórála agus iompair a fhorbairt don earnáil táirgthe fuinnimh (amhail hidrigin agus bithmheatán)</p>	<p>Nuashonraigh an tÚdarás a chomhairle PÚTT maidir le suiteálacha hidrigin, atá ar fáil d'údarás phleanála agus d'oibreoirí bunaíochta COMAH.</p>
<p>Feidhmeanna údarás inniúil a chur i gcrích faoi na Rialacháin um iompar earraí contúirteacha de bhóthar (IECB)</p>	<p>D'eisigh an tÚdarás 11 údarú agus athcheapadh ceithre chomhlacht iniúchta umar faoi na Rialacháin IECB.</p>
<p>Tacaíocht theicniúil a sholáthar don RFTF chun leasuithe ar na hiarscríbhinní a ghabhann leis an gcomhaontú IECB a chur chun feidhme, atá infheidhme ón 1 Eanáir 2023</p>	<p>Thug an tÚdarás tacaíocht theicniúil don RFTF maidir leis an deichiú leasú (I.R. Uimh. 197 de 2023) a ghabhann leis na Rialacháin IECB, a cuireadh i bhfeidhm ag deireadh mhí Aibreáin.</p>



Príomhéachtaí:

Clár Faireachais Margaidh

Rialáil

Cur Chun Cinn

Tionchar

Gníomh i gClár Oibre 2023	Bainte amach in 2023
Measúnú a dhéanamh ar 1,500 táirge ceimiceach agus 500 táirge tionsclaíoch atá beartaithe le haghaidh úsáid thionsclaíoch nó úsáid tomhaltóirí, chun a dheimhniú go gcomhlíonann siad ceanglais an AE	Rinneadh measúnaithe ar 917 táirge ceimiceach agus 307 táirge tionsclaíoch le deimhniú gur chomhlíon siad rialacháin faireachais margaidh. Baineadh táirgí neamhchomhlíontacha a aimsíodh den mhargadh. Bhí gá le gníomh leantach i gcás 54% de tháirgí ceimiceacha agus 41% de tháirgí tionsclaíocha a seiceáladh.
Táirgí neamhchomhlíontacha a sheiceáil atá ar an margadh Éireannach, ar tugadh fógra don Chóras Mear-Rabhaidh Eorpach um tháirgí neamhbhia (RAPEX) nó don Chóras Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh (ICSMS) fúthu	Phróiseáil an tÚdarás 319 rabhadh AE RAPEX (Geata Sábháilteachta) a bhain le ceimiceáin srianta chun a fháil amach ar cuireadh ar mhargadh na hÉireann iad. Tar éis seiceálacha fiosrúcháin, fuarthas nach raibh níos mó ná 90% de na táirgí a ndearnadh measúnú orthu faoi RAPEX ar mhargadh na hÉireann. I gcás na dtáirgí eile, aithníodh na soláthraithe agus chuathas i dteagmháil leo chun táirgí neamhchomhlíontacha a bhaint den mhargadh. Rinneadh seiceáil ar 63 rabhadh RAPEX san iomlán a bhain le táirgí tionsclaíocha le déanamh amach ar cuireadh na táirgí ar mhargadh na hÉireann. Tar éis seiceálacha fiosrúcháin, fuarthas go raibh 2% de na táirgí a fógraíodh le fáil ar mhargadh na hÉireann. Aithníodh na soláthraithe agus chuathas i dteagmháil leo agus tugadh treoir dóibh táirgí neamhchomhlíontacha a bhaint den mhargadh. Rinneadh monatóireacht ar an ICSMS Eorpach i rith na bliana, agus rinneadh athbhreithniú réamhghníomhach ar 87 fógra. Mar sin féin, ní raibh gá le gníomh leantach ach le haghaidh ceann amháin de na táirgí sin.
Ballstáit eile a chur ar an eolas (tríd an ICSMS agus córais Geata Sábháilteachta) faoi tháirgí neamhchomhlíontacha a aimsíodh ar mhargadh na hÉireann agus a d'fhéadfadh a thrádáil ar mhargaí an AE freisin	Níor cuireadh aon fhógra Geata Sábháilteachta isteach maidir le táirgí tionsclaíocha i rith na bliana. Chuir an tÚdarás ceithre fhógra ICSMS isteach maidir le táirgí tionsclaíocha neamhchomhlíontacha.
Innealra a dhíolann comhlachtaí ceantálaí agus cuideachtaí fruilithe innealra a sheiceáil	Rinneadh iniúchtaí ar chomhlachtaí ceantála lena chinntiú nach raibh innealra neamhchomhlíontach ag dul isteach i margadh an AE tríd an ngréasán ceant.

Gníomh i gClár Oibre 2023	Bainte amach in 2023
<p>Tacaíocht agus comhairle rialála a chur ar fáil do ghnólachtaí a dhéanann táirgí ceimiceacha agus tionsclaíoch a mhonarú, a iompórtáil nó a dháileadh, lena n-áirítear iad siúd ón mBreatain Mhór</p>	<p>Bhí dúshlán fós le sárú ag dáileoirí ceimiceacha den chuid is mó. Chuir an tÚdarás tacaíocht ar fáil le linn iniúchtaí, agus thug a Deasc Chabhrach Ceimiceán aghaidh ar fhiosrúcháin.</p>
<p>Cur le comhráite Comhchuibhithe Theicniúil an AE ar na Rialacháin Innealra nua</p>	<p>Chuir an tÚdarás tacaíocht theicniúil ar fáil don RFTF ar theacht i bhfeidhm Rialachán nua Innealra an AE (Rialachán (AE) 2023/1230). Mar an t-údarás inniúil le haghaidh innealra, ardaitheoirí, TCP, fearais gháis, atmaisféir phléascacha (ATEX) agus trealamh brú, chuamar i mbun oibre go gníomhach ag cruinnithe Ghrúpa Comhair Riaracháin agus Sainghrúpa an AE maidir le Faireachas Margaidh.</p>
<p>Páirt a ghlacadh i dtionscadail Fhóram Forfheidhmithe REACH (FFR) ar fud an AE</p>	<p>Ghlac an tÚdarás páirt i gcéim oibriúcháin thionscadal FFR-11 an AE maidir le bileoga sonraí sábháilteachta, agus sa chomhréireacht le ceanglais larscríbhinn II nua de REACH a sheiceáil. San iomlán, rinneadh 25 measúnú táirge mar chuid den tionscnamh sin.</p>
<p>Feasacht ar úsáid shábháilte ceimiceán agus táirgí tionsclaíoch a measc tomhaltóirí a chothú agus a mhéadú</p>	<p>Chomhoibrigh an tÚdarás le gairdín an Lárionaid Náisiúnta Faisnéise Nimhiúcháin ag Bord Bia Bloom 2023 agus thacaigh sé leis chun aird a tharraingt ar na contúirtí a bhaineann le ceimiceáin tí agus gairdín, agus ar rialuithe cuí. Ag an am céanna, foilsíodh bróisiúr ar shábháilteacht cheimiceach sa bhaile agus sa ghairdín chun feasacht a mhéadú.</p>
<p>Comhairle agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a sholáthraíonn táirgí ceimiceacha agus tionsclaíoch ar an margadh maidir lena ndualgais</p>	<p>Lean an tÚdarás ar aghaidh ag cur comhairle agus tacaíochta ar fáil dóibh siúd a sholáthraíonn táirgí ceimiceacha agus tionsclaíoch ar an margadh maidir lena ndualgais, trí chomhairle le linn iniúchta, measúnuithe táirgí, fiosrúcháin deasc chabhrach agus comhairle ó pháirtithe leasmhara.</p>
<p>Na feachtais AE agus náisiúnta seo a leanas a dhéanamh:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Measúnuithe táirge ar shábha ciorclacha agus ar ardaitheoirí siosúrtha • Comhlíonadh bhileoga sonraí sábháilteachta le haghaidh substaintí nó meascáin ghuaiseacha agus substaintí srianta i ngliúna nó i ngreamacháin • Comhlíonadh tháirgí le haghaidh boladh seomra • Comhlíonadh gnólachtaí soláthairtí báid agus soláthraithe mara maidir le ceimiceáin ghuaiseacha nó earraí guaiseacha a sholáthraítear ar líne • Aispeist i pillíní coscáin feithiclí a bhfuil dhá roth orthu • Déchlóireatán agus N Meitil Pioróládón i dtáirgí 	<p>Ghlac an tÚdarás páirt i dTionscadal Gníomhaíochta Comhpháirtí an AE a rinne measúnú ar shábha ciorclacha agus ar ardaitheoirí siosúrtha le haghaidh comhlíonadh rialála. Chuir an AE moill ar an tionscadal sin. Tá sé fós ar siúl, agus eiseofar na torthaí agus tuairiscí deiridh in 2024.</p> <p>Ghlac an tÚdarás páirt i dtionscadal ECHA FFR-11 maidir le comhlíonadh bileoga sonraí sábháilteachta do shubstaintí agus meascáin ghuaiseacha, agus rinne sé measúnú ar 25 táirge.</p> <p>Rinne an tÚdarás seiceálacha comhlíonta ar tháirgí boladh seomra; rinne sé measúnú ar 99 táirge ó 51 branda thar raon 30 cuideachta, lena n-áirítear allmhairdeoirí, dáileoirí agus miondíoltóirí. Tugadh aghaidh ar gach neamhchomhlíonadh, agus tarraingíodh siar roinnt táirgí ó bheith ar díol.</p> <p>Thug an tÚdarás faoi fheachtas chun comhlíonadh rialála ceimiceáin a sholáthraíonn gnólachtaí soláthairtí báid agus soláthraithe mara ar líne a sheiceáil. Tá an tionscadal sin ar siúl fós, agus eiseofar na torthaí in 2024.</p> <p>Chuir an AE moill ar thionscadal Gníomhaíochta Comhpháirtí an AE chun measúnú a dhéanamh ar aispeist i bpillíní coscáin d'fheithiclí a bhfuil dhá roth orthu. Cuirfear an tionscadal sin chun cinn in 2024.</p> <p>Tharraing Fóram an AE an tionscadal AE maidir le Déchlóireatán agus N Meitil Pioróládón i dtáirgí siar, mar gheall ar shrianta acmhainne. Níl aon phlean ag an bhFóram an feachtas seo a reáchtáil amach anseo ag am scríofa na tuairisce seo.</p>

Príomhéachtaí: Clár Náisiúnta Creidiúnaithe

Rialáil

Cur Chun Cinn

Tionchar

Mar chuid dár gclár creidiúnaithe leanúnach:

Gníomh i gClár Oibre 2023	Bainte amach in 2023
Mar chuid dár gclár creidiúnaithe leanúnach:	
An clár creidiúnaithe a choinneáil do chliaint reatha agus do chliaint iarrthacha	Lean Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) de chreidiúnú a sholáthar i gcomhréir le sraith caighdeán ábhartha ISO 17000. Tháinig an Bord um Chreidiúnú le chéile ocht n-uaire in 2023 agus bhronn sé 13 chreidiúnú. Rinne bainisteoir INAB 384 cinneadh eile ar chreidiúnú.
Iarratais nua ar chreidiúnú ó chliaint nua agus reatha a phróiseáil	Ag deireadh mhí na Nollag 2023 bhí 23 iarratas nua idir lámha. Bhronn INAB 117 síneadh ar an raon feidhme do chliaint reatha, méadú 40 ar fhigiúirí 2022.
Glacadh le hiarratais ar ghníomhaíocht chreidiúnaithe nua, a tugadh isteach, a spreagadh (mar shampla íomháu leighis, bailíochtú agus fóirú, agus iniúchtaí feithiclí)	Tá sé mar thosaíocht ag an straitéis iarratais ar chreidiúnú a mhéadú, rud a chuirfeadh leis an bhfíorluach agus le rochtain fheabhsaithe do chliaint. Ar cheann de chuspóirí BNÉC tá deiseanna do thuilleadh scéimeanna creidiúnaithe agus éileamh sa todhchaí a aithint, ag baint leas as torthaí ó anailís éilimh, cleachtaí ionchas spéire agus tionscadail taighde. Táthar ag obair ar an gcuspóir sin fós agus déanfar dul chun cinn breise air i rith 2024 agus thar shaolré na straitéise. Bhronn BNÉC 13 chreidiúnú nua, chomh maith le dámhachtain amháin chun aistriú chuig caighdeán nua, ISO/IEC 17021. Áiríodh orthu sin naoi gcreidiúnú in ISO/IEC 17025 – ocht dtástáil agus calabrú amháin – dhá thástáil leighis le haghaidh ISO 15189 agus dhá chomhlacht iniúchta le haghaidh ISO/IEC 17020. I measc na réimsí tástála in 2023 bhí tástáil torthúlachta ithreach, tástáil ábhar tógála agus méadreolaíocht. Bhí 553 imeacht measúnaithe ann in 2023, méadú ar fhigiúirí 2022.
Gach ionadaíocht ar choistí creidiúnaithe Eorpacha agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh	D'fhreastail baill foirne BNÉC ar 27 ceann de choistí agus cruinnithe creidiúnaithe Eorpacha agus idirnáisiúnta.
Gach freagracht reachtach a chomhlíonadh maidir lenár ról mar údarás monatóireachta ar Dhea-chleachtas Saotharlainne (GLP)	Is é BNÉC an t-údarás reachtúil monatóireachta ar chomhlíonadh GLP a bhfuil freagracht air as cigireacht agus fóirú GLP faoi I.R. Uimh. 18/2020 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dea-Chleachtas Saotharlainne). Chun leanúint lena fhreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh, rinne sé imscrúduithe ar an láthair agus d'fhreastail sé ar ghrúpaí oibre GLP de chuid an AE agus de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE).

Gníomh i gClár Oibre 2023 Bainte amach in 2023	
Cuspóirí Bhliain 2 den Straitéis um Chreidiúnú 2022-2026 a chomhlíonadh, go háirithe:	
Taighde agus anailís a thabhairt chun críche chun eolas agus tionchar a imirt ar bheartas náisiúnta	<p>Leagann an straitéis amach conas mar a bhainfidh Éire gach buntáiste as an gcreidiúnú agus conas mar a imreoidh sé tionchar dearfach ar gheilleagar agus ar shochaí na hÉireann. Le cur chun feidhme na straitéise seo, méadófar eolas ar bhuntáistí an chreidiúnaithe agus cuirfidh an rialtas, tionscal agus tomhaltóirí muinín i dtáirgí agus seirbhísí Éireannacha dá dheasca. Tá anailís ar na buntáistí eacnamaíochta atá ag gníomhaíochtaí measúnaithe comhréireachta creidiúnaithe do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí tábhachtach do thuiscint agus d'fheasacht cliant ar chreidiúnú. Mar gheall air sin, tá sé ar cheann de phríomhchuspóirí na straitéise seo taighde agus anailís mhargaíochta a choimisiúnú chun eolas a dhéanamh do bheartas náisiúnta agus chun tionchar a imirt air. Leanfar leis an obair seo in 2024.</p>
Sraith ábhar cumarsáide a fhorbairt chun feasacht a mhéadú ar na buntáistí a bhaineann le creidiúnú agus é sin a chur chun cinn trí fhoilseacháin agus imeachtaí	<p>Cuireadh plean cumarsáide i gcrích. Cabhróidh an plean le feasacht ar chreidiúnú agus rannpháirtíocht le creidiúnú a mhéadú agus cuirfidh sé luach agus buntáistí creidiúnaithe in iúl do dhaoine.</p> <p>Thug BNÉC roinnt cur i láthair, lena n-áirítear do Ranna Rialtais. Ullmhaíodh sraith cur i láthair chun tairbhí an chreidiúnaithe a chur chun cinn, chun roinnt eolais a fheabhsú agus chun faisnéis a mhalartú.</p> <p>Rinneadh leathanach meán sóisialta LinkedIn BNÉC a nuashonrú go rialta chun cumarsáid a dhéanamh le cliant agus idirghníomhú leo, chun roinnt eolais a fheabhsú agus chun líonraí a mhéadú.</p> <p>Leanfar le cur i bhfeidhm an phlean seo ar feadh 2024.</p>
Leanúint de dhul i dteagmháil leis an Rialtas agus le páirtithe leasmhara náisiúnta chun tionchar a imirt ar úsáid creidiúnaithe i soláthar seirbhísí poiblí agus i bhforbairt beartas náisiúnta	<p>D'eisigh BNÉC agus an ÚSS nuachtlitreacha chun faisnéis a sholáthar ar fhorbairtí i BNÉC agus i gcreidiúnú.</p> <p>I measc na n-ábhar a clúdaíodh sna seisiúin faisnéise agus sna cuir i láthair a cuireadh ar fáil do Ranna Rialtais bhí an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (TTIC); intleacht shaorga (IS) agus an scéim Dréimire Feidhmíochta CO2 in Éirinn. Cuspóir na teagmhála sin ná faisnéis a sholáthar, eolas a roinnt agus creidiúnú a chur chun cinn.</p> <p>Chuir BNÉC roinnt cás-staidéir cliant lena shuíomh gréasáin chun na tairbhí a bhaineann le creidiúnú ó dhearcadh an chliant a léiriú agus chun foghlaim agus eolas a roinnt.</p> <p>Chuathas i dteagmháil go comhoibríoch leis na comhlachtaí nó leis na hoifigigh seo a leanas: grúpa oibre aireachta ar leasú na Treorach maidir le hUisce Óil an Roinn Iompair ar iniúchadh an Choimisiúin ar chur chun feidhme na Treorach maidir le Trealamh Muirí; an Coimisinéir Cosanta Sonraí ar chreidiúnú faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) maidir le creidiúnú na saotharlann astaíochtaí cruachta.</p>
Fóram a bhunú chun dul i dteagmháil le cliant reatha	<p>Tá BNÉC i dteagmháil le cliant maidir le cás-staidéir i gcreidiúnú atá le foilsiú ar a shuíomh gréasáin. Tacóidh sé sin le roinnt eolais agus feasacht ar chreidiúnú.</p>
Díriú ar earnálacha chun éileamh ar chreidiúnú a bhrú chun cinn	<p>Chuir an Bord Creidiúnaithe seisiúin faisnéise agus cuir i láthair ar fáil do roinnt Ranna Rialtais le linn 2023. I measc na n-ábhar bhí TTIC, IS agus an scéim Dréimire Feidhmíochta CO2 in Éirinn.</p>

Príomhéachtaí: Clár Éifeachtachta Oibríochtúla

Ár modh oibre

Gníomh i gClár Oibre 2023	Bainte amach in 2023
Cumas a neartú agus a fhorbairt tuilleadh trí fheachtais earcaíochta spriocdhírthe agus trí dheiseanna forbartha gairmiúla leanúnacha	<p>Leanadh ar aghaidh lenár bhfeachtas earcaíochta in 2023. Mar thoradh, tháinig 67 duine nua isteach agus cuireadh ardú céime ar aghaidh ar fud an Údaráis.</p> <p>Sheol an tÚdarás clár forbartha do chigirí nua, arna sheachadadh trí chur chuige foghlama cumaisc lena mbaineann oiliúint sa seomra ranga agus cigireachtaí tionlacain agus maoirsithe araon. Déanann an clár sin forbairt ar na cláir ionductúcháin atá ann cheana féin agus dearadh é chun tacú go cuí le hiontrálaithe nua agus ag an am céanna comhsheasmhacht a chinntiú maidir le déanamh cigireachtaí agus aistriú eolais ar fud na heagraíochta.</p>
Leanúint ar aghaidh le hardán nua teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) a fhorbairt chun ár bpríomhphróisis ghnó a bharrfheabhsú, rud lena mbainfeadh buntáistí amhail bealaí oibre níos éifeachtaí; bainistíocht cásanna ceann go ceann; pleanáil oibre níos fearr; eispéiris fheabhsaithe do chustaiméirí; rochtain ar shonraí atá cruinn, glan agus iomlán; agus léargais níos fearr	<p>Leanadh le forbairt an phríomhardáin nua, Córas, le linn na bliana, agus críochnaíodh anailís, dearadh, tógáil agus tástáil ar chomhtháthú an chórais. Bunaíodh timpeallacht an ardáin, agus baineadh amach cloch mhíle tionscadail thábhachtach le córas iomlán a bheith réidh le haghaidh tástáil glactha úsáideoirí. Tá dul chun cinn déanta ag go leor sruthanna oibre tionscadail, lena n-áirítear glanadh sonraí, ascnamh, ullmhacht oibriúcháin agus oiliúint.</p> <p>Is tionscadal casta ilbhliantúil é seo a leanfaidh ar aghaidh i rith 2024, a athróidh an bealach a n-oibrímid agus a bhainfidh tairbhí suntasacha gnó amach.</p>
Scéim phíolótach a chur i bhfeidhm le haghaidh obair chumaisc chun solúbthacht mhéadaithe a éascú dár bhfoireann agus chun eagraíocht níos sofheagrúla agus níos freagraí a thógáil	<p>Mar chuid dár dtiomantas do dheiseanna cothromaíochta oibre is saoil, reáchtáladar clár píolótach le haghaidh obair chumaisc i rith 2023 ar bhain 92% dár bhfostaithe leas as. Creidimid gur féidir le hobair chumaisc solúbthacht a mhéadú, sláinte agus folláine a fheabhsú, agus cothromaíocht oibre is saoil a fheabhsú agus caighdeán láidre feidhmíochta agus táirgiúlachta á gcothú ag an am céanna.</p> <p>Comhlánaíonn an beartas an tsraith beartas cothromaíochta oibre is saoil atá againn faoi láthair, an <i>Cód Cleachtais ar an gCeart Dínasctha</i>, agus comhdhlúthaíonn sé ár seasamh mar fhostóir roghnaithe.</p>

Gníomh i gClár Oibre 2023	Bainte amach in 2023
<p>Creat iomchuí a fhorbairt chun teagmhais thromchúiseacha nó ghéarchéime a bhainistiú</p>	<p>Chun an tÚdarás a chosaint ar imeachtaí gan choinne, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le creat athléimneachta eagraíochtúil a fhorbairt chun Pleananna Leanúnachais Gnó, Bainistíocht Géarchéime, Bainistíocht Teagmhais, Freagra ar Chibeartheagmhais, agus Aisghabháil Tubaiste a chomhtháthú. Trí idirspheáchas na bpróiseas sin a chomhtháthú, cuirfear ar chumas an Údaráis ullmhú le haghaidh imeachtaí gan choinne, freagairt dóibh agus teacht chuige féin ar bhealach níos cuimsithí.</p>
<p>Gach gníomh atá leagtha amach don chéad bhliain dár Straitéis Bainistíochta Sonraí 2023-2025 a chur i bhfeidhm</p>	<p>Tá méadú tagtha ar ár gcumas sonraí le blianta beaga anuas mar thoradh ar an bhFoireann Bainistíochta Sonraí agus Anailísíochta. Le linn 2023, rinneadh dul chun cinn ar rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara chun na hiompraíochtaí is fearr maidir le sonraí a chinntiú. Forbraíodh príomhthuaiscic chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais ghnó agus chun an bonn fianaise a sholáthar le haghaidh cinnteoireachta. Bhí glantachán sonraí mar thosaíocht, agus cuireadh tascanna móra glantacháin i gcrích, go háirithe maidir lenár máistirshonraí, rud a chinntigh gur aistríodh sonraí glana ar ardchaighdeán chuig an bpríomhardán nua.</p>
<p>Clár feabhsaithe slándála faisnéise a shainiú agus a chur i bhfeidhm chomh maith lenár bpleananna leanúnachais gnó agus athshlánaithe ó thubaiste a chomhdhlúthú</p>	<p>Sainmhíniódh clár feabhsaithe slándála faisnéise atá á chur i bhfeidhm, agus bhí leanúnachas gnó TFC agus aisghabháil ó thubaiste TFC mar phríomhfhócas na hoibre a rinneadh in 2023. Cuireadh Lárionad Oibríochtaí Slándála (LOS) agus Bainistíocht Teagmhais agus Imeachtaí Slándála (BTIS) i bhfeidhm, chomh maith le réiteach nua cúltacaithe do-athraithe agus uasghrádú ar bhallaí dóiteáin. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha Slándála, a dhírigh ar dtús ar rialachas, ar bheartais agus ar rialuithe.</p>



Aguisín 1:

Sleachta ó Ráitis Airgeadais neamhiniúchta an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

Réamhrá

Ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird

I gcomhréir le ceanglais Alt 48 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ceanglaítear ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta Ráitis Airgeadais a chur i dtoll a chéile gach bliain. Tagann deireadh le bliain airgeadais an Údaráis ar an 31 Nollaig gach bliain. Ní mór do na ráitis airgeadais a bheith i bhfoirm a cheadódh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le comhaontú an Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- ▶ Beartais chuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- ▶ Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- ▶ Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin mura mbíonn sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an tÚdarás de bheith ag feidhmiú;
- ▶ Luaigh cibé acu ar leanadh na caighdeáin chuntasáíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Bíonn an tÚdarás freagrach as leabhair chuntasáíochta chearta a choimeád ina nochtar staid airgeadais an Údaráis le cruinneas réasúnta ag aon uair ar leith agus a ligeann dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 48(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Bíonn an tÚdarás freagrach freisin as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh dá réir chun cosc a chur ar chalaíoch agus ar neamhrialtachtaí eile agus chun teacht orthu más ann dóibh.

Ullmhaíodh Dréachtráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus bhreithnigh an Bord iad ag a chruinniú a reáchtáladh ar an Aoine an 5 Márta 2024. Ullmhaíodh na Dréachtráitis Airgeadais do 2023 i gcomhréir le forálacha ábhartha FRS102 agus leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016. Rinne an Bord athbhreithniú ar na Dréachtráitis Airgeadais agus d'fhaomh sé iad ar bhonn 'gan athrú ábhartha'.

Cuireann an tÚdarás na Dréachtráitis Airgeadais arna bhfaomhadh ag an mBord roimh an 31 Márta gach bliain faoi bhráid na Roinne agus faoi Bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a bhfuil Mazars Ireland ceaptha acu chun an t-iniúchadh seachtrach a dhéanamh. Tá an obair allamuigh iniúchta sceidealaithe le déanamh le linn R2 den bhliain seo.

Tógadh an fhaisnéis thíos ó na Dréachtráitis Airgeadais agus níor cheart í a áireamh mar fhoinsé iontaofa fanaise airgeadais i dtaca le cúrsaí airgeadais an Údaráis go dtí go dtabharfar an t-iniúchadh seachtrach chun críche. Áireofar sna Ráitis Airgeadais iniúchta na doiciméid seo a leanas mar aon le sraith iomlán nótaí míniúcháin –

- ▶ Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltáí Boird
- ▶ Ráiteas ar Rialú Inmheánach
- ▶ Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe
- ▶ Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach
- ▶ Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023
- ▶ Ráiteas ar Shreafaí Airgid
- ▶ Sleachta ó na Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Nuair a bheidh an t-iniúchadh seachtrach curtha i gcríoch agus nuair a gheofar Tuarascáil an ArdReachtaire Cuntas agus Ciste, déanfaidh an tÚdarás na socruithe cuí chun na Ráitis Airgeadais iniúchadh a chur faoi bhráid an Aire le go bhfaomhfaidh sé iad le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais go foirmiúil.

Is féidir teacht ar chóip de na Ráitis Airgeadais iniúchta ar shuíomh idirlín an Údaráis i ndiaidh don iniúchadh seachtrach a bheith curtha i gcrích. Tá próiseáil idirbhearta airgeadais an Údaráis curtha amach ar conradh don chonraitheoir seachtrach (Crowley's DFK).

Leanann an tÚdarás air ag bainistiú na feidhme airgeadais agus tá na rialuithe agus cosaintí cuí curtha i bhfeidhm aige chun sláine na feidhme a chinntiú.

Aguisín 1 | Sleachta ó na Ráitis Airgeadais Neamhiniúchta

Faisnéis

Comhaltaí an Bhoird	Patricia Byron (Cathaoirleach)	Ceaptha 30/06/2023
	Paul Kelly (Leaschathaoirleach)	Athcheaptha 20/12/2022
	Bríd De Buitléar	Athcheaptha 11/08/2023
	Ciarán Roche	Athcheaptha 11/08/2023
	David Hughes	Athcheaptha 20/12/2022
	Deirdre MacDonald	Athcheaptha 20/12/2022
	Fiona Kilcullen	Ceaptha 25/09/2023
	Frank Kelly	Athcheaptha 20/12/2022
	Mary Coyne	Athcheaptha 11/08/2023
	Michelle Quinn	Athcheaptha 20/12/2022
	Padraig Somers	Ceaptha 20/12/2022
	Terry O'Niadh	Ceaptha 30/06/2023
	Deirdre Cullivan	Chríochnaigh a théarma 12/03/2023
	Stephen Curran	Chríochnaigh a théarma 12/09/2023
	Tom Coughlan	Chríochnaigh a théarma 12/04/2023
An Príomhfheidhmeannach	Conor O'Brien Mark Cullen (Eatramhach)	Arna cheapadh 29/05/2023 Chríochnaigh a théarma 28/05/2023
Ceannoifig	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta An Foirgneamh Uirbeach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1 D01 K0Y8	
Iniúcháir	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1 D01 PF72	
Cuntasóirí	Cuntasóirí Cairte Crowleys DFK 5 Cé an Lapaigh, Corcaigh T12 RW7D	
Iniúcháirí Inmheánacha	Deloitte Áras Deloitte & Touche 29 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2 D02 AY28	
Aturnae	Mason Hayes and Curran Teach an Bhruaigh Theas Sráid na Bearú, Baile Átha Cliath 4 D04 TR29	
Banc	Banc na hÉireann Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 D02 Y754	

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Rialachas

Bunaíodh Bord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ar an 1 Samhain 1989 faoi réir an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989, mar a bhí ann an uair sin. Tháinig ann tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ina ionad. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 16 d'Acht 2005. Tá an tÚdarás freagrach don Aire Stáit do Ghnó, Fostaíocht agus Miondíol faoi údarás tarmiligthe ón Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú, rud a dhéanann sé trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist ghnó. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus treo an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ó lá go lá. Ní mór don POF agus don fhoireann ardbhainistíochta an treo leathan straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord a leanúint, agus ní mór dóibh a dheimhniú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an gcomhlacht agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Is idirghabhálaí díreach é an POF idir an Bord agus lucht bainistíochta an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 sna Buanorduithe a d'fhaomh an Bord, i Sceideal na bhFeidhmeanna Forchoimeáda agus Tarmiligthe, ina luaitear chomh maith na hábhair atá forchoimeáda go sonrach do chinneadh an Bhoird. San áireamh ar na ábhair sheasta a bhreithníonn an Bord, tá:

- ▶ Dearbhú leasanna;
- ▶ Tuarascálacha ó Choistí;
- ▶ Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta;
- ▶ Tuarascálacha feidhmíochta; agus
- ▶ Cúrsaí forchoimeáda.

Ceanglaíonn Alt 48(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ar an Údarás gach cuntas cuí agus gnásúil ar gach airgead a fuair sé is a chaith sé a choinneáil i gcíbe foirm a cheadóidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta:

- ▶ Beartais chuntasáochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- ▶ Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- ▶ Luaigh cibé acu ar leanadh na caighdeáin chuntasáochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais; agus
- ▶ Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin mura mbíonn sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé de bheith ag feidhmiú.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuí chuntasáochta chearta a choimeád a nochtann a staid airgeadais le cruinneas réasúnta ag aon uair ar leith agus a ligeann dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 48(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus cruinneas na faisnéise airgeadais agus corparáidí atá ar shuíomh idirlín an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

Tá Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Ní mór meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Údaráis Sláinte agus Sábháilteacht trí thagairt don phlean agus buiséad bliantúil a dhéanamh go rialta ag cruinnithe an Údaráis.

Tá an Bord freagrach chomh maith as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh dá réir chun cosc a chur ar chalaíocht agus ar mhírialtachtaí eile agus chun teacht orthu más ann dóibh.

Tá an Bord den tuairim go dtugann ráitis airgeadais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta léargas fírinneach agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta amhail an 31 Nollaig 2023.

Struchtúr an Bhoird

Cathaoirleach, Leaschathaoirleach agus 10 ngnáthchomhaltaí atá ar an mBord, agus cheap an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta gach duine acu. Ceapadh comhaltaí an Bhoird le haghaidh tréimhse trí bliana agus buaileann siad le chéile ar bhonn rialta. Tá tréimhse cheapacháin ár gcomhaltaí reatha liostaithe thíos

Comhalta Boird	Ról	Dáta an Cheapacháin
Patricia Byron	Cathaoirleach	Ceaptha 30/06/2023
Paul Kelly	Leaschathaoirleach	Athcheaptha 20/12/2022
Bríd De Buitléar		Athcheaptha 11/08/2023
Ciarán Roche		Athcheaptha 11/08/2023
David Hughes		Athcheaptha 20/12/2022
Deirdre MacDonald		Athcheaptha 20/12/2022
Fiona Kilcullen		Ceaptha 25/09/2023
Frank Kelly		Athcheaptha 20/12/2022
Mary Coyne		Athcheaptha 11/08/2023
Michelle Quinn		Athcheaptha 20/12/2022
Padraig Somers		Ceaptha 20/12/2022
Terry O'Niadh		Ceaptha 30/06/2023
Deirdre Cullivan		Chríochnaigh a téarma 12/03/2023
Stephen Curran		Chríochnaigh a théarma 12/09/2023
Tom Coughlan		Chríochnaigh a théarma 12/04/2023

Tá ceithre (4) Choiste bunaithe ag an mbord, atá le feiceáil thíos:

1. **An Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais:** ar a bhfuil ceathrar comhaltaí Boird. Is é cuspóir an Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais tacú le Bord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ina fhreagrachtaí maidir le ceisteanna a bhaineann le bainistíocht airgeadais, riosca, rialú agus rialachas corparáideach trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht na ndearbhuithe maidir le freastal ar riachtanais dearbhaithe an Bhoird agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus sláine na ndearbhuithe sin. Tá an Coiste neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, deimhníonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, gníomhaíochtaí iniúchta san áireamh. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn uair sa bhliain.

Ba iad comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais le linn 2023 ná: Mary Coyne (a ceapadh ina Cathaoirleach ar an gCoiste ar an 08 Nollaig 2023), David Hughes agus Paul Kelly. Ceapadh Frank Kelly ina chomhalta den Choiste le linn 2023 freisin, ach níor fhreastail sé ar aon chruinnithe toisc nár ceapadh go dtí an 08 Nollaig 2023 é. Bhí Deirdre Cullivan ina Cathaoirleach ar an gCoiste go dtí gur tháinig deireadh lena téarma ar an 12 Márta 2023. Bhí ocht (8) gcruinniú ag an gCoiste in 2023. Reáchtáladh seacht gcruinniú go cianda agus ceann amháin go pearsanta.

2. **An Coiste Stiúrtha Straitéisigh:** ar a bhfuil cúigear comhaltaí Boird. Is é ról an Choiste Stiúrtha Straitéisigh ná breithniú a dhéanamh ar fhorbairt straitéiseach an Údaráis agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin.

Ba iad comhaltaí an Choiste Stiúrtha Straitéisigh le linn 2023 ná: Patricia Byron (Cathaoirleach), Bríd De Buitléar, Paul Kelly, Michelle Quinn agus Fiona Kilcullen. Bhí Tom Coughlan agus Stephen Curran ar an gCoiste seo le linn 2023 freisin go dtí an dáta ar tháinig deireadh lena dtéarma mar chomhalta Boird. Bhí ceithre (4) chruinniú ag an gCoiste Stiúrtha Straitéisigh le linn 2023.

3. **An Coiste Reachtaíochta agus Treorach:** ar a bhfuil cúigear comhaltaí Boird. Is é ról an Choiste Reachtaíochta agus Treorach (R&T) ná monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngnéithe reachtaíochta agus treorach de chlár oibre an Údaráis, agus scrúdú ar dhéanamh ar thograí reachtaíochta, Cóid Chleachtais agus, más gá, Treoir a ghabhann leo, agus conclúidí agus/nó moltaí cuí a chur faoi bhráid an Bhoird. Ba iad comhaltaí an Choiste Reachtaíochta agus Treorach le linn 2023 ná: Deirdre MacDonald (Cathaoirleach) Padraig Somers, Ciarán Roche, Frank Kelly agus Michelle Quinn. Bhí trí (3) chruinniú ag an gCoiste Reachtaíochta agus Treorach in 2023.

- 4. Coiste BNÉC:** Is Coiste den Údarás Sláinte agus Sábháilteachta é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC). Tá 13 chomhaltaí ag Bord BNÉC, a dhéanann cinntí i dtaca le creidiúnú a bhronnadh, agus is é Bord an Údarás a cheapann na comhaltaí sin. Níl aon chomhaltaí den Bhord ar an gCoiste seo.

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costas

Tá sceideal tinrimh do na cruinnithe Boird agus Coiste in 2023 leagtha amach thíos, na táillí agus na costasais a fuair gach comhalta san áireamh:

	An Bord	An Coiste Iniúcháireachta, Riosca & Airgeadais	An Coiste Stiúrtha Straitéisigh	An Coiste Reachtaíochta & Treorach	Táillí 2023 €	Speansais 2023 €
Líon na gcruinnithe	9	8	4	3		
Patricia Byron	4		3		5,985	133
Paul Kelly	9	8	4		7,695	-
Bríd De Buitléar	9		4		7,695	
Ciarán Roche	9			3	7,695	953
David Hughes	7	7			7,695	375
Deirdre McDonald	9			3	7,695	3,069
Fiona Kilcullen	3				-	-
Frank Kelly	7			3	7,695	-
Mary Coyne	9	8			7,695	2,110
Michelle Quinn	7		3	2	7,695	-
Padraig Somers	9			2	7,695	314
Terry O’Niadh	4				3,848	1,976
Deirdre Cullivan	3	2			-	-
Stephen Curran	4		1		-	-
Tom Coughlan	4		1		-	-
					79,088	8,930

Ní bhfuair Stephen Curran ná Fiona Kilcullen táillí Boird faoin bprionsabal “Duine Aonair, Tuarastal Aonair” (DATA) toisc gur oifigigh de chuid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta iad.

Athruithe ar an bPríomhphearsanra

Tom Coughlan, Cathaoirleach an Bhoird	Ba é an 12 Aibreán 2023 a dháta deiridh leis an mBord.
Stephen Curran, Comhalta Boird	Ba é an 12 Meán Fómhair 2023 a dháta deiridh leis an mBord.
Deirdre Cullivan, Comhalta Boird agus Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais	Ba é an 12 Márta 2023 a dháta deiridh leis an mBord.
Patricia Byron, Cathaoirleach an Bhoird	Ba é an 30 Meitheamh 2023 a céad lá leis an mBord.
Terry O’Niadh, Comhalta Boird	Ba é an 30 Meitheamh 2023 a dháta deiridh leis an mBord.
Fiona Kilcullen, Comhalta Boird	Ba é an 25 Meán Fómhair 2023 a dháta deiridh leis an mBord.
Mary Coyne, Comhalta Boird	Athcheaptha ar an mBord ar an 11 Lúnasa 2023 agus ina Cathaoirleach ar gCoiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais ar an 8 Nollaig 2023.
Ciarán Roche, Comhalta Boird	Athcheaptha ar an mBord ar an 11 Lúnasa 2023.
Bríd De Buitléar, Comhalta Boird	Athcheaptha ar an mBord ar an 11 Lúnasa 2023.
An tUas. Mark Cullen, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach	Chríochnaigh a théarma ar an 28 Bealtaine 2023.
An tUas. Conor O’Brien	Arna cheapadh ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin le héifeacht ón 29 Bealtaine 2023.

Nochtaí a éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Is é an Bord atá freagrach as a dheimhniú gur chomhlíon an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é i mí Lúnasa 2016.

In 2023, fuair Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údarás, i gcomhthéacs a róil mar dhuine forordaithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, 25 nochtadh cosanta ó pháirtithe lasmuigh den Údarás agus a bhain le tríú páirtithe.

Ní bhfuarthas aon nochtadh inmheánach ó bhaill foirne an Údarás.

Ceanglaíonn an Cód orainn na nochtaí seo a leanas a dhéanamh:

Costais Sainchomhairleoireachta

San áireamh orthu seo, tá costas comhairle seachtraí don bhainistíocht ach níl feidhmeanna seachfhoinsithe na gnáthoibre san áireamh.

	2023 €	2022 €
Comhairle Dlí	51,983	81,787
Comhairle airgeadais/achtúireach	32,973	68,836
Sainchomhairleoireacht TF	1,015,980	196,375
Cumarsáid Sheachtrach	4,305	66,981
Sainchomhairleoireacht Sláinte Ceirde	53,375	41,623
Forbairt Straitéisí	37,659	-
Acmhainní Daonna	-	171,889
Costais Sainchomhairleoireachta san Iomlán	1,196,275	627,491

Costais sainchomhairleoireachta chaipitlithe

Costais sainchomhairleoireachta a gearradh ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe	1,196,275	627,491
Iomlán	1,196,275	627,491

Costais agus Socruithe Dlí

Tugann an tábla thíos miondealú ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i dtaca le costais dlí, socruithe agus imeachtaí comhréitigh eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis sin caiteachas a gearradh i dtaca le comhairle dlí ghinearálta a fuair an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus a nochtar sna costais Sainchomhairleoireachta thuas

	2023 €	2022 €
Táillí dlí – imeachtaí dlí	61,507	60,123
Íocaíochta comhréitigh agus eadrána	-	-
Socruithe	-	-
Iomlán	61,507	60,123

San áireamh leis na costais dlí seo tá méid de €0 a bhaineann le cúinsí leanúnacha le gníomhaireachtaí Stáit eile.

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar rangú ar chaiteachas taistil agus cothaithe mar seo a leanas:

	2023 €	2022 €
Baile		
An Bord	8,930	8,819
Fostaithe	1,275,036	965,355
Idirnáisiúnta		
An Bord	-	208
Fostaithe	114,389	49,812
Iomlán	1,398,355	1,024,194

Áirítear ann caiteachas taistil agus cothaithe de €8,930 a íocadh go díreach le comhaltaí an Bhoird in 2023 (2022: €8,819). D'íoc an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta caiteachas taistil idirnáisiúnta agus cothaithe de €0 thar ceann chomhaltaí an Bhoird in 2023 (2022: €208).

Caiteachas Fáilteachais

Áirítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2023 €	2022 €
Fáilteachas Foirne	9,040	5,880
Fáilteachas do chliaint/eile	1,168	267
Iomlán	10,208	6,147

Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú in 2016 agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm le deimhniú go bhfuil an Cód á chomhlíonadh. Chomhlíon an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú den chuid is mó in 2023.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

An raon freagrachta

Thar ceann comhaltaí Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta glacaim lenár bhfreagracht a chinntiú go gcoinneofar agus go n-oibreofar córas éifeachtach um rialú inmheánach. Cuireann an fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Ní cinnteacht iomlán atá sa chóras ach cinnteacht réasúnach go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta údaráithe agus go ndéantar taifead cuí orthu, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhse thráthúil. Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 agus suas go dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Rinne an tÚdarás na bearta seo a leanas le cinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialála i bhfeidhm:

- ▶ Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- ▶ Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairiscíú agus beart ceartaitheach cuí a chinntiú;
- ▶ Próiseas a bhunú chun sócmhainní an Údaráis a chosaint; agus
- ▶ Cultúr cuntasachta a fhorbairt i ngach leibhéal den eagraíocht.

An Cumas chun dul i ngleic le Riosca

Chuir an tÚdarás na próisis seo a leanas ar bun chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas:

- ▶ Cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá os comhair an Údaráis a shainaithint, lena n-áirítear méid agus catagóirí an riosca a mheasann sé a bheith inghlactha;
- ▶ Dóchúlacht na rioscaí aitheanta a mheas;
- ▶ Measúnacht a dhéanamh ar chumas an Údaráis na rioscaí a bheith ann a bhainistiú agus a mhaolú;
- ▶ Measúnacht a dhéanamh ar chostais rialaithe ar leith a fheidhmiú i gcomhréir leis an sochar a bhaineann leo; agus
- ▶ Oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí éagsúla lena chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ar spriocanna agus ar thacaíocht an Údaráis do na straitéisí chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá an córas rialaithe inmheánach bunaithe ar chreatlach de ghnáthfhaisnéis bhainistíochta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas, agus córas tarmiligthe agus cuntasachta. Áirítear air seo go háirithe:

- ▶ Córas cuimsitheach buiséadaithe a bhfuil buiséad bliantúil aige a chomhaontaíonn agus a athbhreithníonn an Bord;
- ▶ Athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla, a léiríonn feidhmíocht airgeadais le hais réamhaisnéisí;
- ▶ Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- ▶ Treoirínte ceannaigh agus faofa atá sainmhínithe go soiléir; agus
- ▶ Disciplíní foirmiúla do bhainistíocht tionscadail.

Oibríonn Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais gníomhach, a tháinig le chéile ocht n-uaire i rith na bliana, go dlúth leis an mBord ar réimsí riosca a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an Údarás. Leagann an Bord amach an fonn riosca atá ar an Údarás, deimhníonn sé go bhfuil próisis bainistíochta riosca i bhfeidhm, agus mionsonraíonn sé na ról agus na freagrachtaí atá ag baill foirne i dtaca le riosca. Déanann clár rioscaí, ina sainaithnítear príomhrioscaí don Údarás, meastóireacht ar na rioscaí agus cuireann sé in ord iad de réir a ndóchúlachta agus de réir a n-iarmhairt don Údarás, bunaithe ar mhairís scórála aontaithe. Déanann an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais agus an Bord athbhreithniú ar an gClár Rioscaí ag gach cruinniú.

Is féidir linn a dhearbhu go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm do na réimsí seo a leanas:

- ▶ Tuairiscíodh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó;
- ▶ Sannadh freagrachtaí airgeadais ag an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach;
- ▶ Tá córas buiséadaithe cuí ann, le buiséad bliantúil, ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú;
- ▶ Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú, chun na sócmhainní a chosaint.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an Údarás, a oibríonn i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a foilsíodh i mí an Mheithimh 2016. Cabhraíonn gnólacht iniúcháirí neamhspleácha leis an Údarás chun an plean iniúchta inmheánaigh a d'fhaomh a Bord a chur i bhfeidhm. Braitheann obair an iniúchta inmheánaigh ar an anailís a dhéantar ar an riosca a nochtar an tÚdarás dó, agus tá pleananna iniúchta inmheánaigh bunaithe ar an anailís seo. Tacaíonn Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais leis an anailís ar an riosca agus ar na pleananna iniúcháirí inmheánaigh agus faomhann Bord an Údaráis iad. Uair amháin sa bhliain ar a laghad, cuirfidh an tIniúcháir Inmheánach tuarascáil faoi bhráid an Údaráis ar ghníomhaíocht iniúcháireachta inmheánaí. San áireamh leis an tuarascáil seo, tá tuairim an Iniúcháir Inmheánaigh ar oiriúnacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Déanfaidh obair an iniúcháir inmheánaigh, an Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais, a mhaoirsíonn obair an iniúcháir inmheánaigh, an Feidhmeannas laistigh den Údarás a bhfuil an fhreagracht air as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, agus ráitis a dhéanann Oifig an ArdReachtair Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile, déanfaidh siad eolas do mhonatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chun comhlíontacht le rialacha agus le treoirlínte soláthair a dheimhniú, agus gur chomhlíon an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta na nósanna imeachta sin den chuid is mó in 2023.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Rinne an Bord athbhreithniú ar an Ráiteas maidir leis an gcóras Rialaithe Inmheánaigh ar an 05 Márta 2024 lena chinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Chun eolas a dhéanamh don athbhreithniú a rinne sé ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh, d'fhéach an Bord ar thuarascálacha bliantúla an Fheidhmeannais ar phróisis bainistíochta riosca agus bainistíochta sábháilteachta, chomh maith le sraith de thuarascálacha airgeadais, agus tuarascáil

bhliantúil ar Chomhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú. Féachadh ar na tuarascálacha sin agus ar thuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais agus tuarascálacha rialta an Iniúcháir Inmheánaigh. Déanfaidh na hIniúcháirí Inmheánacha athbhreithniú ar rialuithe airgeadais inmheánacha go luath in 2024.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht rialuithe inmheánacha in 2023. Tá dearbhú réasúnta ag an Údarás gur éifeachtach na córais rialuithe inmheánacha atá tionscanta agus atá curtha i bhfeidhm san Údarás Sláinte agus Sábháilteacht don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Saincheistanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aimsíodh aon laige i dtaca le rialú inmheánach i ndáil le 2023.

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022 €
Ioncam		
An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta - Deontas Oireachtais	27,999,054	23,840,928
Ioncam Creidiúnaithe	3,371,175	3,343,688
Ioncam COMAH	185,350	130,500
Ioncam Eile	501,472	416,788
Maoiniú sochair scoir iarchurtha	5,830,304	5,392,865
	37,887,355	33,124,769
Caiteachas		
Costais Tuarastal	17,424,892	15,050,621
Costais Sochair Scoir	7,014,054	6,894,928
Costais Oibriúcháin	13,047,535	11,104,833
	37,486,481	33,050,382
Barrachas /(Easnamh) roimh leithreasuithe	400,874	74,387
Aistriú (chuig) / ó Chuntas Caipitil	(873,899)	(481,213)
Barrachas /(Easnamh) i ndiaidh leithreasuithe	(473,025)	(406,826)
larmhéid tugtha ar aghaidh (t/a) an 1 Eanáir	1,618,161	2,024,987
larmhéid arna thabhairt ar aghaidh an 31 Nollaig	1,145,136	1,618,161

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022 €
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain	(473,025)	(406,826)
Gnóthachan/caillteanas ó thaithí maidir le hoibleagáidí sochair	-	8,826,000
Athrú ar thiomhdí atá mar bhonn ag luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir	-	(55,521,000)
(Gnóthachain)/caillteanais achtúireacha sa bhliain	-	(46,695,000)
Coigeartú ar mhaoiniú sochair scoir iarchurtha	-	46,695,000
(Easnamh)/Barrachas Iomlán don Bhliain	(473,025)	(406,826)

Ráiteas ar an Staid Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022 €
Sócmhainní Seasta		
Réadmhaoin, gléasra & trealamh	2,233,470	1,359,570
Sócmhainní Reatha		
Suimeanna infhaighte	1,331,389	1,115,932
Airgead agus coibhéisí airgid	1,606,684	1,537,981
	2,938,073	2,653,913
Dliteanais reatha (méideanna atá dlite faoi cheann bliana)		
Suimeanna iníoctha	(1,792,937)	(1,035,752)
Glansócmhainní Reatha	1,145,136	1,618,161
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha roimh Shochair Scoir	3,378,606	2,977,731
Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha	118,875,126	113,044,882
Oibleagáid sochair scoir	(118,875,126)	(113,044,822)
Glansócmhainní Iomlána	3,378,606	2,977,731
Lena léirítear		
Cúlchistí ioncaim coinnithe	1,145,136	1,618,161
Cuntas Caipitil	2,233,470	1,359,570
	3,378,606	2,977,731

Ráiteas ar Shreafaí Airgid

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023

	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022 €
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas/(Easnamh) oibriúcháin don Bhliain	(473,025)	(406,826)
Dímheas	376,415	266,123
Aistriú (ó) / chuig Cuntas Caipítíl	873,899	481,213
(Laghdú)/ Méadú ar Shuimeanna Iníoctha	757,185	235,700
(Laghdú)/ Méadú ar Shuimeanna Infhaighte	(215,457)	(109,067)
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	1,319,017	467,143
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe	1,319,017	467,143
Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a fháil	(1,250,314)	(747,336)
Glanmhéadú ar Airgead agus Coibhéisí Airgid	68,703	(280,193)
Airgead agus Coibhéisí Airgid ag an 31 Nollaig 2022	1,537,981	1,818,174
Airgead agus Coibhéisí Airgid ag an 31 Nollaig 2023	1,606,684	1,537,981

Sleachta ó na Nótaí

(mar chuid de na ráitis airgeadais)

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tá an bonn cuntasáíochta agus na beartais shuntasacha chuntasáíochta atá glactha ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach le linn na bliana seo agus le linn na bliana roimhe.

a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 (tháinig an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 in ionad an achta seo). Tá feidhmeanna breise bronnta ar an Údarás ó shin faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010, agus faoi reachtaíocht eile. Tá Ceannoifig an Údarás san Fhoirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1, D01 K0Y8.

Tá príomhchuspóirí an Údarás leagtha amach in Alt 34 d'Acht 2005. Is ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) atá an fhreagracht fhoriomlán as sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre a riar agus a fhorfheidhmiú in Éirinn. Déanann an tÚdarás monatóireacht chun a chinntiú go gcomhlíontar an reachtaíocht san ionad oibre agus gur féidir leis bearta forfheidhmithe (agus fiú ionchúisimh) a dhéanamh. Is é an tÚdarás an lárionad náisiúnta faisnéise agus comhairle d'fhostóirí, d'fhostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe maidir le gach gné de shláinte agus sábháilteacht san ionad oibre. Cuireann an tÚdarás oideachas, oiliúint agus taighde chun cinn i réimse na sláinte agus na sábháilteachta chomh maith. Tá raon leathan gníomhaíochta a thagann faoi shainchumas an Údarás, lena n-áirítear:

- ▶ Sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus daoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu a rialáil.
- ▶ Feabhas ar shábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus daoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu a chur chun cinn.
- ▶ Monarú, úsáid, cur ar an margadh, trádáil, soláthar, stóráil agus iompar sábháilte ceimiceán a rialáil agus a chur chun cinn.
- ▶ Feidhmiú mar údarás faireachais de réir na reachtaíochta baintí ar an margadh aonair Eorpach.
- ▶ Feidhmiú mar an comhlacht náisiúnta creidiúnaithe d'Éirinn.

Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) an comhlacht náisiúnta atá freagrach as creidiúnú i gcomhréir sraith caighdeán ábhartha (ISO) 17000 Eagraíochta Idirnáisiúnta na gCaighdeán. Is é an comhlacht náisiúnta atá ag Éirinn laistigh de líonra Eorpach de chomhlachtaí creidiúnaithe. Déanann INAB measúnú ar chomhlachtaí creidiúnaithe, comhlachtaí saotharlainne agus imscrúdaithe chun a dheimhniú go gcomhlíonann siad na caighdeán chomhchuíbhithe idirnáisiúnta, rud a dhearbhaíonn go léiríonn na comhlachtaí seo inniúlacht agus cumas feidhmíochta agus iad i mbun a gcuid oibre.

Bunaíodh INAB mar Choiste de chuid Forfás faoi Alt 10 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 arna leasú le hAlt 46 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998.

Faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscaoileadh), 2014, rinneadh Coiste den Údarás Sláinte agus Sábháilteachta de INAB, agus aistríodh feidhmeanna agus foireann iomlán INAB chuig an Údarás.

Is é an tÚdarás an comhlacht a bhfuil freagracht dlí air as creidiúnú. Tarmilgítear an fhreagracht sin chuig an gCoiste (a dtugtar an Bord Creidiúnaithe air i reachtaíocht 2014). Ceapann Bord an Údarás an Bord Creidiúnaithe agus is fostaithe de chuid an Údarás iad an fhoireann a shanntar le INAB chun na feidhmeanna laethúla a chomhlíonadh.

Is Eintiteas ar mhaithe le Leas an Phobail (PBE) é an tÚdarás.

b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC), mar a fheidhmíonn Cuntasóirí Cairte na hÉireann iad.

Sleachta ó na Nótaí

(mar chuid de na ráitis airgeadais) *ar lean*

c) Bonn Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dlíteanais áirithe a thomhaistear ar luach cóir iad faoi mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais i bhfoirm a cheadaigh an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta maidir le déileáil le nithe a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an ghrúpa agus an Údaráis.

d) Ioncam

Deontais an Oireachtais

Aithnítear ioncam go ginearálta ar bhonn fabhráithe; eisceacht amháin leis seo is ea cás Dheontais an Oireachtais, a aithnítear ar bhonn admhálacha airgid. Tugann Deontais an Oireachtais, a thaispeántar sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, léiriú ar an méid a fuarthas ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) le linn na bliana.

Ioncam BNÉC

Léiríonn ioncam do Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) ioncam a sonrascadh le linn na bliana.

Ioncam COMAH

Ioncam ó chostais in-aisghabhála a sonrascadh le linn na bliana as imscrúduithe agus fiosruithe a dhéanamh faoi Rialacháin an Achta Ceimiceán 2015.

Ioncam Eile

Taifeadtar gach ioncam eile sa tréimhse lena mbaineann sé sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar chostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú d'aon fhoráil le haghaidh bearnú. Foráiltear do dhímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh, ag rátaí a mheastar chun an costas lúide an luach iarmharach measta a bhaineann le gach sócmhainn a dhíscríobh de réir méid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta, mar seo a leanas:

Trosacán & trealamh oifige	20%	De réir méid chothroim
Trealamh Ríomhaireachta	33.33%	De réir méid chothroim
Trealamh Eolaíochta	20%	De réir méid chothroim
Daingneáin agus Feistis	10%	De réir méid chothroim
Forbairt Bogearraí	10%	De réir méid chothroim

Feidhmíonn an tÚdarás beartas tairsí caipitlithe €1,000.

Léiríonn luach iarmharach an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair dá ndiúscrófaí sócmhainn, i ndiaidh costais mheasta diúscartha a bhaint, má bhí an tsócmhainn ag an aois agus sa bhail a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáidí cheana féin.

Má tá fianaise oibiachtúil ar bhearnú ar luach na sócmhainne, aithnítear an cailteanas bearnaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe sa bhliain.

Sleachta ó na Nótaí

(mar chuid de na ráitis airgeadais) *ar lean*

f) Cuntas Caipitil

Cuimsíonn an Cuntas Caipitil luach gan amúchadh na ndeontas caipitil a úsáidtear chun sócmhainní seasta a mhaoiniú

g) Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear sócmhainní agus dlíteanais atá in airgeadraí eachtracha de réir an ráta malartaithe atá i bhfeidhm ag dáta an Ráitis ar Staid an Airgeadais. Aistrítear ioncain agus costais de réir na rátaí malartaithe i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart bunaidh.

Déileáiltear le brabúis agus cailteanais a eascraíonn as aistrithe airgeadraí eachtracha agus ar shocrú suimeanna infhaighte agus iníoctha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cuntas Cúlchistí Coinnithe.

h) Suimeanna Infhaighte

Aithnítear suimeanna infhaighte ar a luach cóir, lúide foráil le haghaidh fiacha amhrasacha. Is foráil shonrach í an fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha, agus bunaítear é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht san fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncain Coinnithe.

i) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncain Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin má tá méaduithe cíosa a bhaineann leis an ráta measta boilscithe, sa chás sin, aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

j) Sochair Fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair gearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana sna Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Bhunaigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta a scéim pinsin le sochar sainithe féin roimhe seo, scéim a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear le hairgead a chuireann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) ar fáil agus le ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail na foirne agus na mball. Oibríonn an tÚdarás Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair") freisin, sin scéim bunaithe ar mheántuilleamh gairme le sochair shainithe do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin atá gnóthaithe ag fostaithe agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsean na foirne a chuirtear ar aghaidh chuig an RFTF agus an RCPA. Aithnítear mar ioncam méid a fhreagraíonn don táille pinsin sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála agus fritháirithe ag deontais a fuarthas le linn na bliana chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain agus cailteanais achtúireacha a eascraíonn as dlíteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón RFTF.

Léiríonn na ráitis airgid, ar luach cóir, na sócmhainní agus na dlíteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin an Údaráis agus aon mhaoiniú eile a bhaineann leo agus aithníonn siad na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasáíochta ina ngnóthaíonn na fostaithe iad. Tomhaistear dlíteanais scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach leis an modh creidmheasa aonaid measta.

k) Forálacha

Aithnítear forálacha nuair atá oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe reatha ag an Údarás mar thoradh ar imeachtaí a tharla roimhe sin. Is dóchúil go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach; is féidir meastachán iontaoifa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Sleachta ó na Nótaí

(mar chuid de na ráitis airgeadais) *ar lean*

l) Teagmhais

Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as imeachtaí a tharla roimhe sin nuair (i) nach dóigh go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann nó nach féidir an tsuim a mheas go hiontaofa ar an dáta tuairiscithe nó (ii) nuair a dheimhneofar gurb ann dó nuair a tharlaíonn nó nach dtarlaíonn imeachtaí éiginnte sa todhchaí nach bhfuil smacht ag an Údarás orthu. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin má tá an baol eis-sreafa fánach.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadas nuair is dóigh go mbeidh sreabhadh sochar eacnamaíoch ann.

m) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Ceanglaíonn ullmhúchán na ráiteas airgeadais ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na suimeanna sócmhainní agus dliteanas a thuairiscítear amháin an dáta tuairiscithe, agus ar na suimeanna ioncaim agus costas a thuairiscítear le linn na bliana. Ach, mar gheall ar nádúr an mheastacháin, d'fhéadfadh go mbeadh difríocht idir na torthaí iarbhír agus na suimeanna sin. Bhí an tionchar is suntasaí ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais ag na breithiúnais seo a leanas.

Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh

Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchadh le haghaidh bearnaithe nuair a thugann imeachtaí nó athruithe ar imthosca le fios gur féidir nach mbeifear in ann an tsuim ghlánluacha a aisghabháil. Aithnítear caillteanas bearnaithe don mhéid ar mó suim ghlánluacha na sócmhainne ná a suim in-aisghabhála. Is ionann an tsuim in-aisghabhála agus an ceann is mó de luach cóir sócmhainne lúide costais lena díol agus a luach úsáide. Chun bearnú a mheas, déantar sócmhainní a ghrúpáil ar na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid inaitheanta ar leith (aonaid giniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais ar bhain bearnú leo, le haghaidh aisiompú féideartha an bhearnaithe ar gach dáta tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne na Stiúrthóirí athbhreithniú ar shaolréanna na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha na n-aicmí sócmhainní seasta ar fad, go háirithe saolréanna eacnamaíocha úsáideacha agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus bhain siad de thátaí as sin go bhfuil na saolréanna sócmhainní agus na luachanna iarmharacha iomchuí.

Forálacha

Déanann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta forálacha do na hoibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe arb eol dó go bhfuil siad gan íoc ar dháta deiridh na tréimhse. Bunaítear na forálacha sin ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, coigeartaithe do na treochoí is deireanaí nuair is gá. Is meastacháin iad ar chostais airgeadais imeachtaí ar féidir nach dtarlóidh siad go ceann roinnt blianta eile, áfach. Mar thoradh air seo agus ar an leibhéal éiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh go mbeadh difríocht shuntasach idir an toradh iarbhír agus an meastachán.

Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar nuashonrú bliantúil, bunaithe ar na dálaí eacnamaíocha reatha agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir, ar na toimhdí atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha óna ndéantar amach na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéal chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí treochoí do chostais cúraim sláinte).

Is féidir leis na rudaí seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha d'ardchaighdeán
- (ii) leibhéal chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo
- (iii) rátaí treochoí do chostais cúraim sláinte, an ráta boilscithe costais leighis sna réigiúin ábhartha

Sleachta ó na Nótaí

(mar chuid de na ráitis airgeadais) ar lean

2. DEONTAIS AN OIREACHTAIS

	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022 €
R/FTF - Vótáil 32 - Fotheideal C5	28,909,000	24,671,000
Ranníocaíochtaí Pinsin Fostaithe a cuireadh ar aghaidh chuig R/FTF	(646,408)	(626,399)
Ranníocaíochtaí na Scéime Aonair a cuireadh ar aghaidh chuig R/CPA	(263,538)	(131,700)
	27,999,054	23,840,928

I ndiaidh comhráite leis an Roinn, cuireadh socrú nua i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2021, trína bhfaigheann an tÚdarás maoiniú breise anois mar mhír líne scoite ina leithdháileadh Deontais Stáitchiste gach bliain i leith íocaíochtaí cnapshuime agus cuireann an tÚdarás gach ranníocaíocht aoisliúntais fostaithe ar aghaidh chuig an Roinn gach mí.

3. IONCAM CREIDIÚNAITHE

	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022 €
Ioncam Creidiúnaithe	3,371,175	3,343,688

I ndiaidh dhíscáileadh Forfás in 2014, aistríodh Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Tá BNÉC freagrach as gníomhaíochtaí creidiúnaithe agus cuireann sé sonraisc chuig cliaint as obair a dhéantar.

4. IONCAM COMAH

	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022 €
Ioncam COMAH	185,350	130,500

In 2016, thug an tÚdarás sceideal táillí isteach do ghníomhachtaí éagsúla imscrúdaithe agus fiosraithe faoi Rialacháin an Achta Ceimiceán (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí a bhaineann le Substaintí Contúirteacha) 2015.

Sleachta ó na Nótaí

(mar chuid de na ráitis airgeadais) *ar lean*

5. IONCAM EILE

	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022 €
Ioncam a bhaineann le Cúrsa Oiliúna Tiománaithe	50,000	50,000
Fíneálacha IECB ¹	4,850	9,300
Ioncam ECHA ²	11,137	10,930
Ilghnéitheach (Seimineáir, Costais Dlí, Finnéithe, an Coimisiún Eorpach)	103,964	85,587
Ioncam Sábháilteachta Feirme ³	331,521	260,971
	501,472	416,788

- 1 Baineann ioncam fíneálacha IECB le fíneálacha a d'eisigh cigirí as reachtaíocht a shárú i dtaca le hearraí contúirteacha a iompar.
- 2 Baineann ioncam ECHA le fostú cigirí an Údaráis chun obair a dhéanamh thar ceann na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán.
- 3 Cistí a fuarthas ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i leith gníomhaíochtaí sábháilteachta feirme.

6. COSTAIS TUARASTAIL

	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022 €
Sochair ghearrthéarmacha foirne	15,885,478	13,707,447
ÁSPC Fostóra	1,539,414	1,343,174
Costais Iomlána Tuarastal	17,424,892	15,050,621

Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

Bunphá	15,810,091	13,619,753
Ragobair	31,078	29,760
Liúntais	44,309	57,934
Costais chúitimh eile	-	-
	15,885,478	13,707,447

Is féidir leis an Údarás a dhearbhu nach ndearnadh aon fócaíocht foirceanta le linn na bliana 2023.

Sleachta ó na Nótaí

(mar chuid de na ráitis airgeadais) ar lean

6. COSTAIS TUARASTAIL (ar lean)

Líon Foirne

	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022
Leibhéil Foirne Iarbhír amhail deireadh na bliana – Proifisiúnta/Teicniúil	156.3	141.1
Leibhéil Foirne Iarbhír amhail deireadh na bliana - Riarachán	99.6	87.2
	255.9	228.3

Baineadh €597,539 (2022: €541,639) de thobhach pinsin den fhoireann agus íocadh leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta é

	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2023 €	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2022 €
--	--	--

Luach Saothair an POF agus POF Eatramhaigh

Luach Saothair an POF Pá Comhlán	93,619	143,846
Luach Saothair an POF Eatramhaigh Pá Comhlán	73,193	18,846

POF agus POF Eatramhach Taisteal & Cothabháil

Costais Taistil an POF	1,549	2,863
Costais Taistil an POF Eatramhaigh	4,219	1,242

Fuair an POF tuarastal €93,619 agus speansais ar luach €1,549 in 2023.

Fuair an POF Eatramhach tuarastal €73,193 agus speansais ar luach €4,219 in 2023.

Ní bhfuair an POF ná an POF Eatramhach aon bhónas ná peorais sa bhliain.

Tá teidlíochtaí sochair scoir an POF agus an POF Eatramhaigh ag teacht le teidlíochtaí caighdeánacha i scéim samhla aoisliúntais le sochar sainithe na hearnála poiblí.

Miondealú ar Shochair Fostaithe

Raon na sochar fostaithe iomlán	Líon Fostaithe	
Ó Chuig	2023	2022
€60,000 - €69,999	40	34
€70,000 - €79,999	37	37
€80,000 - €89,999	26	22
€90,000 - €99,999	17	16
€100,000 - €109,999	5	3
€110,000 - €119,999	3	4
€120,000 - €149,999	5	4
Iomlán	133	120

Tabhair do d'aire: Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe i dtaca leis na seirbhísí a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre, agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostóra, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra leo.

Sleachta ó na Nótaí

(mar chuid de na ráitis airgeadais) *ar lean*

7. TÁILLÍ AGUS COSTAIS NA gCOMHALTAÍ

Comhalta Boird	2023	2023	2022	2022
	Táillí	Speansais	Táillí	Speansais
	€	€	€	€
Patricia Byron (Cathaoirleach)	5,985	133	-	-
Paul Kelly (Leaschathaoirleach)	7,695	-	7,695	-
Bríd De Buitléar	7,695	-	7,695	-
Ciarán Roche	7,695	953	7,695	1,063
David Hughes	7,695	375	7,695	509
Deirdre McDonald	7,695	3,069	7,695	1,265
Fiona Kilcullen	-	-	-	-
Frank Kelly	7,695	-	7,695	-
Mary Coyne	7,695	2,110	7,695	2,066
Michelle Quinn	7,695	-	7,695	-
Padraig Somers	7,695	314	-	-
Terry O'Niadh	3,848	1,976	-	-
Andrew Bowers	-	-	7,695	187
Deirdre Cullivan	-	-	7,695	534
Stephen Curran	-	-	-	182
Tom Coughlan	-	-	11,970	3,221
	79,088	8,930	88,920	9,027

Sleachta ó na Nótaí

(mar chuid de na ráitis airgeadais) *ar lean*

8. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN

	Iomlán 2023 €	Iomlán 2022 €
Cóiríocht	2,035,236	1,634,711
Costais chumarsáide	243,884	255,202
Taisteal & cothabháil – náisiúnta	1,283,966	974,174
Taisteal & cothabháil – idirnáisiúnta	114,389	50,020
Foilseacháin & margaíocht	1,147,896	1,417,580
Seirbhísí dlí	113,490	141,910
Taighde	1,531	16,346
Seirbhísí airgeadais	558,315	550,221
Pinsin agus acmhainní daonna	43,787	31,480
Sainchomhairleoireacht eile	958,747	1,088,108
Creidiúnú – costais an mheasúnóra sheachtraigh	1,260,939	1,022,001
Athbhreithniú ar phróiseas gnó	1,319,773	854,621
Costais foirne	816,489	1,055,829
Soláthairtí trealamh ginearálta	195,232	329,098
Infheistíocht san fhoghlaim	407,734	254,960
Costais teicneolaíochta	1,821,746	784,603
Dímheas	376,415	266,123
Táillí iniúchta inmheánaigh	31,953	35,243
Táillí Iniúchta Sheachtraigh	21,200	21,200
Táillí na mball	84,381	120,688
Eile	210,432	200,715
Drochfhiacha	-	-
	13,047,535	11,104,833


San áireamh i gcostais oibríochta tá muirear de €22,537 (2022: €6,147) i leith méideanna a d'íoc an tÚdarás le haghaidh foireann/fáilteachas eile.



Aguisín 2:

Imscrúduithe, Fiosrúcháin agus Ionchúisimh

Tábla 2.1 Líon na n-imscrúduithe agus na bhfiosrúcháin san ionaid oibre 2014–2023



Tábla 2.2 Imscrúduithe agus fiosrúcháin san ionad oibre de réir earnáil eacnamaíoch agus gníomh forfheidhmiúcháin 2023

Earnáil eacnamaíoch	Imscrúduithe agus fiosrúcháin	Fógra nó treoir feabhsúcháin	Fógra toirmisc	Treoir scríofa
Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht	1,388	78	24	631
Mianadóireacht agus cairéalú	320	36	39	236
Déantúsaíocht	1,515	59	26	1,151
Soláthar uisce; séarachas, bainistíocht dramhaíola agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin	362	16	19	252
Foirgníocht	2,119	37	144	1,407
Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola, deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothar	1,204	62	11	874
Iompar agus stóráil	578	18	6	431
Gníomhaíochtaí cóiríochta agus seirbhísí bia	624	23	4	497
Gníomhaíochtaí seirbhísí tacaíochta agus riaracháin	664	15	9	421
Gníomhaíochtaí ó thaobh shláinte an duine agus oibre sóisialta	622	28	1	470
Earnálacha eile	1,317	32	7	1,003
Iomlán	10,713	404	290	7,373

Tábla 2.3 SSC agus clár fiosrúchán ceimiceach 2023

Fiosrú ar thimpistí/tharluithe contúirteacha	225
Eile	30
Iomlán	255

Tábla 2.4 Toradh na n-ionchúiseamh a cuireadh i gcrích in 2023

Cineál imeachta	Líon iomlán a éisteadh	Caité amach	Á n-achomharc	Á Pianbhreith ar fonraí	Pianbhreith choimeádta	Seirbhís Pobail	An tAcht Promhaidh	Ordú Cúitimh	Fíneálacha
Ar Díotáil	15	1	0	1	1	0	0	0	1,371,500
Go hAchomair	4	0	0	0	0	0	0	0	6,000
Iomlán	19	1	0	1	1	0	0	0	1,377,500

Tábla 2.5 Sonraí na n-ionchúiseamh a cuireadh i gcrích in 2023 (gan cásanna a diúltaíodh san áireamh)

Ionchúisimh Achomair

Airside Scaffolding Contractors Teoranta

Éisteadh an cás seo ar an 22 Bealtaine 2023 i gCúirt 8 (Na Ceithre Cúirteanna), Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 12 Deireadh Fómhair 2021 ag teach a bhí á thógáil sa Chillín, sa Seanbhaile, Co. Bhaile Átha Cliath, theip ar an gCúisí, mar fhostóir, córas oibre a sholáthar maidir le scafall an tí a bhí á thógáil a bhí pleanáilte, eagraithe, déanta, caomhnaithe agus athbhreithnithe de réir mar ba chuí ionas go mbeadh sé, a mhéid a bhí indéanta le réasún, sábháilte agus gan riosca don tsláinte.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus 8(2)(e), contrártha le hAlt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€500

Ionchúiseamh Duine Aonair

Éisteadh an cás seo ar an 26 Meitheamh 2023 i gCúirt 8 (Na Ceithre Cúirteanna), Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar dhátaí idir Aibreán 2021 agus 12 Deireadh Fómhair 2021 ag teach a bhí á thógáil i gCo. Bhaile Átha Cliath, theip ar an gCúisí, mar chliant de réir bhrí na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013, maoirseoir tionscadail inniúil a cheapadh i scríbhinn don phróiseas dearaidh, ag tús nó roimh thús an phróisis dearaidh, chun oibreacha tógála a dhéanamh.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Rialachán 6(1)(a) contrártha le hAlt 77(2)(c)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€500

F & M Hurley Plant Hire (Schull) Teoranta

Éisteadh an cás seo ar an 6 Deireadh Fómhair 2023 i gCúirt Dúiche Neidín. Phléadáil an Cúisí ciontach i gceithre chúiseamh. Ar an 11 Iúil 2022 ag cairéal sa Chathair Thiar, Neidín, Co. Chiarraí, theip ar an gCúisí, mar fhostóir, córas oibre a sholáthar chun umar IBC a líonadh, a athlíonadh, a iompar agus a dhíluchtú mar chuid den tasc chun feithiclí a ní a bhí pleanáilte, eagraithe, curtha i gcrích, caomhnaithe agus athbhreithnithe de réir mar ba chúí, mar thoradh air sin gortaíodh fostaí go pearsanta. Theip ar an gCúisí measúnú riosca a dhéanamh freisin sular fostaíodh leanbh nó duine óg agus theip air guaiseacha a aithint san áit oibre a bhain le feithiclí a ní agus measúnú riosca scríofa a bheith ina sheilbh aige ar na rioscaí sin. Ina theannta sin, theip ar an gCúisí, úinéir cairéil, duine inniúil a cheapadh a raibh dóthain acmhainní aige nó aici le bheith ina (h)oibríteoir ar an gcairéal agus níor éirigh leis taifead a dhéanamh ar an gceapachán.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus 8(2)(e), contrártha le hAlt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€2,000
Rialachán 6(1) contrártha le hAlt 77(2)(c)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil) 2008 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€2,000
Rialachán 144(a) contrártha le hAlt 77(2)(c)	Na Rialúcháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Curtha san áireamh
Alt 19(1) contrártha le hAlt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Curtha san áireamh

**ICCM Masonry
Teoranta**

Éisteadh an cás seo ar an 20 Márta 2023 i gCúirt Dúiche Dhroichead na Bandan. Phléadáil an Cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar dhátaí idir an 20 Márta 2021 agus an 21 Márta 2021 ag Tulaigh Uí Mhuirthe, Béal na Scairte, Co. Chorcaí, theip ar an gCúisí, mar fhostóir, a chinntiú, le linn na hoibre a bhí ar siúl, nach raibh daoine aonair san áit oibre, nach fostaithe iad, nochta do rioscaí dá sábháilteacht, dá sláinte agus dá leas, sa mhéid nach raibh córas leordhóthanach oibre i bhfeidhm maidir leis an mblocobair a dhéanamh. Theip ar an gCúisí, mar chonraitheoir, scafall a úsáid chun rochtain shábháilte a sholáthar ar leac Ducon ar an gcéad urlár; ní dhearna an Cúisí scafall ardaithe a iarraidh agus níor chinntigh sé gur suiteáladh an scafall sular tharla aon bhlocobair ar an urlár uachtarach; theip air a chinntiú go raibh an scafall coinnithe i riocht a bhí sábháilte agus na mórleabhair agus na cuailí ar fad i bhfeidhm; theip air a chinntiú go raibh cosaint imeall leordhóthanach ann ionas nach dtitfeadh duine amach an fhuinneog fhada oscailte idir an leac Ducon ar an gcéad urlár agus deic an scafall; agus theip air a chinntiú go raibh cosaint imeall ag na tristéil a úsáideadh chun bloic a leagan ón leac Ducon ar an gcéad urlár suas go dtí airde an phláta balla agus airde an bhinne críochnaithe.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 12 contrártha le 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€1,000

Ionchúisimh ar díotáil**Inisfallen
Inns Teoranta**

Éisteadh an cás seo ar an 20 Feabhra 2023 i gCúirt Chuarda Thrá Lí. Phléadáil an Cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 25 Iúil 2017, ag áitreabh ar a dtugtar 'Mustang Sally's', Inisfallen Mall, Cill Airne, Co. Chiarraí, theip ar an gCúisí, mar fhostóir, gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a sheoladh, go háirithe oibriú ardaitheoir earraí san áitreabh sin, ar bhealach a chinnteodh, a mhéid a bhí indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas a chuid fostaithe, sa mhéid gur cheadaigh sé d'fhostaí an t-ardaitheoir sin a oibriú trína lámh a chur isteach i bpainéal leictreach neamhchumhdaithe agus teagmhálaithe leictreacha a ghníomhachtú laistigh den phainéal sin, rud a d'fhág an fostaí sin gan chosaint ar bhaol turrainge leictirí agus/nó leictreamharú; ina theannta sin, theip air a chinntiú go raibh na doirse ar urlár na talún agus ar an dara hurlár den áitreabh feistithe le gléas comhghlasála éifeachtúil nó gléas eile chun a chinntiú nach bhféadfaí gach ceann de na doirse sin a oscailt ach amháin nuair a bhí an t-iompróir ag an léibheann, agus nach bhféadfaí an t-iompróir a bhogadh amach ón léibheann go dtí go raibh gach ceann de na doirse dúnta.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus 8(2)(a) contrártha le hAlt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Curtha san áireamh
Rialachán 46(2)(b) contrártha le hAlt 77(2)(c)	Na Rialúcháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€50,000

GP Wood Teoranta

Ar an 24 Feabhra 2023, tugadh an cás seo chun críche i gCúirt Chuarda Choiriúil Chorcaí. Phléadáil an Cúisí ciontach i trí chúiseamh. Ar an 26 Feabhra 2019 ag áitreabh muilinn sábhadóireachta ar an bPríomhshráid, Inis Céin, Co. Chorcaí, theip ar an gCúisí, mar fhostóir, gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a sheoladh, go háirithe oibriú fheithicil lódaire tosaigh CAT938M ag nó in aice le clós stórála lomán an áitribh sin, ar bhealach a chinnteodh, a mhéid a bhí indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas a chuid fostaíthe; go háirithe theip ar an gCúisí coisithe a scaradh ó limistéar oibriúcháin na feithicle sin, córas oibre a chur ar fáil maidir le hoibriú fheithicil lódaire tosaigh CAT938M a bhí pleanáilte, eagraithe, déanta, caomhnaithe agus athbhreithnithe de réir mar ba chuí, agus theip air a chinntiú go ndéanfaí bearta oibríochtúla chun cosc a chur ar fhostaithe a bhí ag siúl timpeall na háite dul isteach i limistéar oibríochta an trealaimh oibre sin.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus Alt 8(2)(a) contrártha le hAlt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€90,000
Alt 8(1) agus 8(2)(e), contrártha le hAlt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Curtha san áireamh
Rialachán 41(b) contrártha le hAlt 77(2)(c)	Na Rialúcháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Curtha san áireamh

Swissport Ireland Teoranta

Éisteadh an cás seo ar an 9 Márta 2023 i gCúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath. Phléadáil an Cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 24 Samhain 2018 ag Seastán 111C, Bealach 1, Críochfort 1, Aerfort Bhaile Átha Cliath, Co. Bhaile Átha Cliath, theip ar an gCúisí, mar fhostóir, gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a sheoladh ar bhealach a chinnteodh, a mhéid a bhí indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe ag an obair, go háirithe oibríochtaí díluchtaithe lasta i leith aerárthach lasta Air France Boeing 777-F28, mar thoradh thit fostaí ó dhoras lasta ar phríomhdheic an aerárthaigh sin, d’fhulaing sé díobháil phearsanta agus fuair sé bás.

Theip ar an gCúisí freisin córas oibre a sholáthar maidir le hoibríochtaí díluchtaithe lasta i leith an aerárthaigh sin, a bhí pleanáilte, eagraithe, déanta, caomhnaithe agus athbhreithnithe de réir mar ba chuí, ionas go mbeadh siad sábháilte agus nach gcuirfidís an tsláinte i mbaol le linn díluchtú lasta.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus Alt 8(2)(a) contrártha le hAlt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€250,000
Alt 8(1) agus Alt 8(2)(e) contrártha la hAlt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Curtha san áireamh

Digby Bridge Sand agus Gravel Company Teoranta ag trádáil mar Dolly Skip Hire

Éisteadh an cás seo ar an 24 Aibreán 2023 i gCúirt Chuarda an Náis. Phléadáil an Cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 27 Samhain 2017 ag áitreabh i bPáirc Ghnó Bhaile Osbeird, Bóthar Cheárach, An Nás, Co. Chill Dara, theip ar an gCúisí, mar fhostóir, oibriú gléasra próiseála tógála agus scartála a bhainistiú agus a sheoladh san áit oibre ar bhealach a chinnteodh, a mhéid a bhí indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas a chuid fostaithe, mar thoradh gortaíodh fostaí go pearsanta.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus Alt 8(2) (a) contrártha le hAlt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	€55,000

Ionchúiseamh Duine Aonair

Éisteadh an cás seo ar an 23 Bealtaine 2023 i gCúirt Chuarda Chill Mhantáin. Phléadáil an Cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 8 Nollaig 2016 ag nó in aice le carrchlós na Trá Theas, na Clocha Liatha, Co. Chill Mhantáin, theip ar an gCúisí, mar fhostaí, agus é i mbun na hoibre, úsáid cheart a bhaint as dumpaire láithreáin Neuson 9001 9t, a cuireadh ar fáil mar threalamh oibre, sa mhéid is gur oibrigh an Cúisí an dumpaire agus gur thiomáin sé an dumpaire le linn dó dhá phaisinéir a iompar nuair nach raibh an dumpaire deartha chun paisinéirí a iompar; agus é sin á dhéanamh aige theip air cúram réasúnach a ghlacadh chun sábháilteacht, sláinte agus leas daoine eile a chosaint a bhféadfadh na gníomhartha nó na heasnamh sin difear a dhéanamh dóibh ag an obair.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 13(1)(a), contrártha le hAlt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil chiontach	Naoi mí príosúnachta ar fionraí ina iomláine ar feadh tréimhse trí mhí

Ionchúiseamh Duine Aonair

Éisteadh an cás seo ar an 19 Meitheamh 2023 i gCúirt Choiriúil Chuarda Chorcaí. Phléadáil an Cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar an 22 Eanáir 2020 ag áitreabh feirme i gCo. Chorcaí, theip ar an gCúisí a chinntiú go raibh an t-ionad oibre neamhthí a cuireadh ar fáil mar áit oibre do dhuine seachas fostaí an Chúisí sábháilte agus gan riosca don tsláinte, agus go háirithe go ndearnadh rochtain ar an taobh istigh de leantóir gráin cruach Thorpe tríd an gcomhla chúil; úsáideadh frapaí adhmaid a bhí éagobhsaí chun an chomhla a choimeád oscailte, rud a d'fhág gur thit an comhla chúil, gur gortaíodh duine go pearsanta agus go bhfuair an duine sin bás.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	PIONÓS
Alt 15(3) contrártha le hAlt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil Chiontach	€3,000

**Ove Arup
& Partners
Ireland Teoranta**

Éisteadh an cás seo ar an 26 Meitheamh 2023 i gCúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath. Phléadáil an Cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 23 Meán Fómhair 2019 ag 50 Bóthar na Rinne, Baile Átha Cliath 4, theip ar an gCúisí a chinntiú, le linn na hoibre a bhí ar siúl, nach raibh daoine aonair san áit oibre (nach fostaithe iad) fágtha gan chosaint ar rioscaí dá sábháilteacht, dá sláinte agus dá leas, go háirithe bhí na bearta rialaithe a cuireadh i bhfeidhm maidir le guais dromchla leochailligh ar urlár an tseomra gléasra san áitreabh sin chun stop a chur le daoine rochtain a fháil ar an dromchla leochaileach míchuí agus neamhshábháilte, mar thoradh gortaíodh duine go pearsanta agus fuair an duine sin bás.

Ina theannta sin, theip ar an gCúisí a chinntiú go ndearnadh an t-ionad oibre a dhearadh, a chur ar fáil agus a chothabháil mar ionad oibre a bhí sábháilte agus gan riosca don tsláinte.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 12 contrártha d'Alt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil Chiontach	€750,000
Alt 8(2)(c)(i) contrártha le hAlt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil Chiontach	Curtha san áireamh

**Ionchúiseamh
Duine Aonair**

Éisteadh an cás seo ar an 6 Iúil 2023 i gCúirt Chuarda Chluain Meala. Phléadáil an Cúisí ciontach i gcúig chúiseamh. Ar an 26 Meitheamh 2016 ag gabháltas feirme i gCo. Thiobraid Árann, theip ar an gCúisí, mar fhostóir, gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a sheoladh ar bhealach a chinnteodh, a mhéid a bhí indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas a chuid fostaithe sa mhéid is go raibh fostaí i mbun dualgais oibre i bhfeithicil a cuireadh ar fáil dó, Merlo Teleporter nach raibh feiste inseirbhíse ann chun an fheithicil a chosc agus a stopadh, mar thoradh gortaíodh beirt fostaithe go pearsanta agus fuair duine amháin de na fostaithe sin bás.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus Alt 8(2)(a) contrártha le hAlt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil Chiontach	12 mhí príosúnachta*
Alt 8(1) agus Alt 8(2)(a) contrártha le hAlt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil Chiontach	12 mhí príosúnachta*
Alt 8(2)(g) contrártha le hAlt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil Chiontach	Curtha san áireamh
Rialachán 31(c) contrártha le hAlt 77(2)(c)	Na Rialúcháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil Chiontach	Curtha san áireamh
Rialachán 40(b)(iii) contrártha le hAlt 77(2)(c)	Na Rialúcháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil Chiontach	Curtha san áireamh

*(le rith i gcomhthráth, le pianbhreith iomlán de 12 mhí)

**Gleeson
Concrete**

Éisteadh an cás seo ar an 7 Iúil 2023 i gCúirt Chuarda Phort Láirge. Phléadáil an Cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar nó thart ar an 31 Márta 2021 ag Dún Eochaille, Co. Thiobraid Árann, theip ar an gCúisí, mar fhostóir, gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a sheoladh, go háirithe glanadh bac in iompróir scríú ag an ngléasra sin, ar bhealach a chinnteodh, a mhéid a bhí indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas a chuid fostaithe, sa mhéid is gur theip ar an gCúisí a chinntiú go raibh an t-iompróir scríú sin scoite amach ón bhfoinse chumhachta sula ndearnadh an obair, mar thoradh gortaíodh fostaí go pearsanta.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus 8(2)(a) contrártha le hAlt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil Chiontach	€75,000

**Mulmuf
Teoranta**

Éisteadh an cás seo ar an 28 Iúil 2023 i gCúirt Chuarda Shligigh. Phléadáil an Cúisí ciontach i dtrí chúiseamh. Ar an 15 Bealtaine 2021 ag áitreabh ar Bhóthar Shligigh, Tobar an Choire, Co. Shligigh, theip ar an gCúisí na gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a sheoladh ar bhealach a chinnteodh, a mhéid a bhí indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas a chuid fostaithe, go háirithe tógáil córais rácála amuigh faoi aer ar chúl an áitribh, theip air bearta a ghlacadh ionas nach dtitfeadh fostaithe ó airde, agus theip air an fhaisnéis, an teagasc, an oiliúint agus an mhaoirseacht a sholáthar dá fhostaithe atá riachtanach chun an córas rácála sin a thógáil, mar thoradh gortaíodh fostaí go pearsanta agus fuair an fostaí sin bás.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus Alt 8(2)(a) contrártha le hAlt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil Chiontach	€10,000
Alt 8(1) agus Alt 8(2)(g) contrártha le hAlt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil Chiontach	Curtha san áireamh
Rialachán 95(1)(a) contrártha le hAlt 77(9)(a)	Na Rialúcháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil Chiontach	Curtha san áireamh

Ionchúiseamh Duine Aonair

Éisteadh an cás seo ar an 28 Iúil 2023 i gCúirt Chuarda na hInse. Phléadáil an Cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 22 Eanáir 2021 ag áitreabh i gCo. an Chláir, theip ar an gCúisí a ghnóthas a bhainistiú agus a dhéanamh ar bhealach a chinnteodh le linn na hoibre a bhí ar siúl, nach bhfágfaí daoine aonair san áit oibre, nach fostaithe dá chuid iad, gan chosaint ar rioscaí dá sábháilteacht, dá sláinte agus dá leas, go háirithe go raibh tochailt san áitreabh neamhshábháilte agus nach ndearnadh aon bhearta leordhóthanacha chun a chinntiú nach dtitfeadh taobhanna na tochailte ar dhaoine a bhí ag obair laistigh den tochailt sin, mar thoradh gortaíodh duine amháin go marfach.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 12 contrártha d'Alt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil Chiontach	Curtha san áireamh
Rialachán 51(1)(a) contrártha le hAlt 77(9)(a)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil Chiontach	€30,000

Ionchúiseamh Duine Aonair

Éisteadh an cás seo ar an 28 Iúil 2023 i gCúirt Chuarda na hInse. Phléadáil an cúisí ciontach i gcúiseamh amháin. Ar dháta roimh an 22 Eanáir 2021 theip ar an gCúisí maoirseoir tionscadail inniúil a cheapadh i scríbhinn don chéim tógála le haghaidh obair thógála a rinneadh ag tochailt in áitreabh i nDún Átha, Cill Chaoi, Co. an Chláir.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Rialachán 6(1)(b) contrártha le hAlt 77(2)(c)	Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2013 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil Chiontach	€3,500

EW Technologies Teoranta

Éisteadh an cás seo ar an 19 Deireadh Fómhair 2023 i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath. Phléadáil an Cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 15 Eanáir 2021 ag Aonad 1 An tIonad Gnó, Páirc Ghnó an Iarthuaiscirt, Baile Chúlann, Baile Átha Cliath 15, cheadaigh an Cúisí, mar fhostóir, d'fhostaithe tabhairt faoi ghníomhaíochtaí oibre ar airde san áitreabh sin ar bhealach a bhí neamhshábháilte, agus go háirithe, ceadáíodh forcardaitheoir a úsáid chun fostaithe a ardú agus iad ina seasamh ar phailléid adhmaid d'fhonn obair a dhéanamh. Theip ar an gCúisí freisin córas sábháilte oibre a sholáthar maidir le hobair ar airde a bhí á déanamh ag fostaithe ar dhoras comhla rothlaí, agus go háirithe theip air a chinntiú go raibh bearta leordhóthanacha i bhfeidhm ionas nach dtitfeadh duine éigin agus obair ar airde ar siúl, mar thoradh gortaíodh fostaí go pearsanta.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus 8(2)(a) contrártha le hAlt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil Chiontach	€25,000
Alt 8(1) agus 8(2)(e) contrártha le hAlt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil Chiontach	€25,000

**GP Wood
Teoranta**

Éisteadh an cás seo ar an 24 Samhain 2023 i gCúirt Choiriúil Chuarda Chorcaí. Phléadáil an Cúisí ciontach in dhá chúiseamh. Ar an 10 Márta 2022 ag áitreabh muilinn sábhadóireachta in Inis Céin, Co. Chorcaí, theip ar an gCúisí, mar fhostóir, gníomhaíochtaí oibre maidir le meaisín múnlaíthe Leadermac a bhainistiú agus a sheoladh san áitreabh thuasluaite, ar bhealach a chinnteodh, a mhéid a bhí indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas a chuid fostaithe, agus gur theip air measúnuithe riosca a chur i bhfeidhm maidir le hinnealra a ghlasáil amach agus a leithlisiú, agus theip air an nós imeachta oibriúcháin caighdeánach a chur i bhfeidhm maidir le meaisín múnlaíthe Leadermac san áitreabh thuasluaite, mar thoradh gortaíodh fostaí go pearsanta.

SÁRÚ	REACHTAÍOCHT	FÍORASC	FÍNEÁIL
Alt 8(1) agus Alt 8(2)(a) contrártha le hAlt 77(9)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil Chiontach	€1,000
Alt 8(2)(g) contrártha le hAlt 77(2)(a)	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Pléadáil Chiontach	€4,000

Aguisín 3:

Ionadaíocht AE agus idirnáisiúnta 2023

Mar an tÚdarás Inniúil (ÚI) agus an ceannasaí náisiúnta ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta ceirde, ceimiceán agus faireachais margaidh, ghlac an tÚdarás páirt ghníomhach i roinnt coistí AE agus idirnáisiúnta agus grúpaí oibre saíneolaíthe le linn 2023. Mar an ÚI um Chlárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán (REACH) agus Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP) substaintí agus meascán, ghlac an tÚdarás páirt i raon cruinnithe de chuid ÚI/Údarás Náisiúnta Ainmnithe (ÚNA) an AE. Ghlac BNÉC páirt i gcruinnithe AE agus idirnáisiúnta chomh maith agus rinne sé ionadaíocht ar Éirinn iontu.

Chuir an tÚdarás seasamh na hÉireann in iúl go héifeachtach chun tionchar a imirt ar thoradh chun go rachadh sé chun sochair na hÉireann nó nach rachadh sé chun dochair di. Chomh maith leis sin, chuir an tÚdarás ionchuir theicniúla, eolaíochta agus bheartais ar fáil ag an leibhéal AE agus idirnáisiúnta, faoi mar a d'iarr an tAire agus an RFTF orainn.

Ní liosta cuimsitheach an liosta thíos de na príomhchruinnithe ar fhreastail an tÚdarás orthu in 2023.

Coistí Eorpacha agus idirnáisiúnta - SSC	Líon na gcruinnithe/ imeachtaí ar freastalaíodh orthu
An Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte (Grúpa Sainleasa an Rialtais san áireamh)	2
Meitheal ACSH ar Ionaid Oibre	1
Meitheal CCSS ar Threalamh Scáileán Taispeána	2
Bord Bainistíochta EU-OSHA	2
Coiste na gCigirí Sinsearach Saothair - Meitheal Ceimiceán	11
Coiste na gCigirí Sinsearach Saothair - Meitheal Bitheolaíochta	11
Iomlán	29

Coistí Eorpacha agus idirnáisiúnta - Ceimiceáin	Líon na gcruinnithe/ imeachtaí ar freastalaíodh orthu
Straitéis Ceimiceán an Choimisiúin um an Inbhuanaitheacht	4
Comhchuíbhíú Teicniúil CLP	5
Coiste Airteagal 133 REACH	6
CARACAL Údarás Inniúil agus Foghrúpaí ar REACH agus CLP	4
Bord Bainistíochta ECHA	4
Coiste um Measúnú Riosca (CMR) ECHA	9
Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch (SEAC) ECHA	4
Coiste na mBallstát (MSC) ECHA	4
Fóram ECHA ar Fhorfheidhmiú Rialacháin REACH, CLP agus Rotterdam	3
Sainghrúpa ECHA um Shuaiteoirí Inchríneacha	3
Grúpa Stiúrtha HelpNet ECHA le haghaidh Dheasca Cabhrach na mBallstát agus foghrúpa agus ceardlann	6
Líonra Cumarsáide na mBallstát	2
Meitheal um Ghlantaigh	1
Coiste ÚNA do Rialachán Rotterdam	1
ECHA - RiME+: Ardán Bainistithe agus Measúnaithe Riosca (Ceimiceáin)	4
Sainghrúpa um Nochtadh ECHA REACH (REEG)	3

Coistí Eorpacha agus idirnáisiúnta – Ceimiceáin (ar lean)	Líon na gcruinnithe/ imeachtaí ar freastalaíodh orthu
Grúpa Úsáideoirí Idirghníomhach ECHA MSCA	0
Coiste Seveso an AE d'Údaráis Inniúla	1
Sainghrúpa an Choimisiúin um Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí a bhaineann le Substaintí Contúirteacha ("Sainghrúpa Seveso")	1
Ceardlann Chomhchláir Chuaire Cheachtartha an AE	4
Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha (OPCW)	1
Coiste an AE um Iompar Earraí Contúirteacha	1
Sainghrúpa an AE maidir le hIompar Earraí Contúirteacha	5
Imscrúduithe Seveso TWG2	1
Comhchruinniú na Náisiún Aontaithe	2
Meitheal 15	1
Grúpa oibre neamhfhoirmiúil ar iompar dramhaíola guaisí (Comhchruinniú IECB RID ADN)	1
Grúpa oibre neamhfhoirmiúil ar fheithiclí leictreacha (Meitheal 15 na Náisiún Aontaithe)	4
Comhordú Náisiúnta ECFE	1
Iomlán	86

Coistí Eorpacha agus idirnáisiúnta - táirgí tionsclaíocha agus faireachas margaidh	Líon na gcruinnithe/ imeachtaí ar freastalaíodh orthu
Grúpa Comhair Riaracháin an AE maidir le Brú-Threalamh Iniompartha	2
Coiste Comhairleach an AE um an Treoir maidir le hInnealra	2
Coiste Comhairleach an AE um an Treoir um Brú-Threalamh	2
Coiste Comhairleach an AE um an Treoir maidir le hArdaitheoirí	1
Sainghrúpa Treorach Ardaitheoirí an AE	1
Coiste Comhairleach an AE um an Treoir maidir le Trealamh Cosanta Pearsanta	2
Sainghrúpa an AE um Threalamh Cosanta Pearsanta	2
Coiste Comhairleach an AE um an Treoir maidir le ATEX (atmaisféir inphléasctha)	3
Sainghrúpa ATEX an AE	1
An Coiste Comhairleach ar an Rialachán maidir le Fearais Gháis	2
Meitheal an AE um an Treoir maidir le hInnealra	2
Faireachas Margaidh – Líonra an Aontais Eorpaigh um Chomhlíontacht Táirgí	1
Grúpa Comhair Riaracháin maidir le Brú-Threalamh Iniompartha	0
Meitheal Idirnáisiúnta um Iompar Dramhaíola Guaisí	0
Tascghrúpa um Innealra Talmhaíochta	1
Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha Táirgí Tionsclaíocha an AE (Sábha ciorclacha/ Ardaitheoirí siosúrtha)	9
Iomlán	31

Coistí Eorpacha agus idirnáisiúnta - Creidiúnú	Líon na gcruinnithe/ imeachtaí ar freastalaíodh orthu
Coistí Teicniúla agus Beartais agus grúpaí oibre an Chomhair Eorpaigh um Chreidiúnú (EA) [Saotharlann, Imscrúdú, Comhchuibhiú, Deimhniú, Comhaontú Iltaobhach, Comhthionól]	17
Coistí Teicniúla agus Beartais agus grúpaí oibre an Chomhair Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne	9*
[Saotharlann, Imscrúdú, Comhthionól Ginearálta]	2
Coistí Teicniúla agus Beartais agus meithleacha an Fhórait Idirnáisiúnta Creidiúnúcháin [Deimhniú, Comhthionól]	2
Coistí agus meithleacha an Choimisiúin Eorpaigh agus an ECFE ar Dhea-chleachtas Saotharlainne (GLP)	5
Iomlán	26

Aguisín 4:

Reachtaíocht agus treoir a tugadh chun críche in 2023

Reachtaíocht

I.R. Uimh. 197 de 2023 Rialacháin na gComhphobal Eorpach um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar agus Úsáid Brú-Threalaimh Iniompartha (Leasú), 2023

Treoir

Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde

Cód Cleachtais maidir le Cáilíocht an Aeir Laistigh

Cuirtear an Cód Cleachtais i bhfeidhm trí I.R. Uimh. 255/2023 – Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú), 2023.

Conas Ceapacháin Tógála a Dhéanamh do d’Fheirm – Treoir

Leagann an treoir seo béim ar chuid de na freagrachtaí dlíthiúla a bhíonn ar fheirmeoirí (mar chliant) agus é i gceist acu obair thógála a dhéanamh ar a bhfeirm nó ina dteach.

Nochtadh d’Oibreáin Bhitheolaíoch a Saotharlanna a Bhainistiú

Is é aidhm na treorach seo ná dea-shláinte agus sábháilteacht cheirde a chur chun cinn laistigh de shaotharlanna Éireannacha a oibríonn le hoibreáin bhitheolaíoch.

Treoir ar Shábháilteacht le hArdaitheoirí agus Guailleáin Othar i Suíomhanna Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Úsáidtear ardaitheoirí agus guailleáin in go leor suíomhanna cúraim sláinte agus shóisialta chun cabhrú le hothair a aistriú agus a láimhseáil.

Athbhreithniú Bliantúil ar Ghortuithe, Tinnis agus Básanna san Ionad Oibre 2021-2022

Léiríonn athbhreithniú bliantúil an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ar staitisticí gortaithe, tinnis agus básanna san ionad oibre na sonraí is déanaí atá ar fáil ar bhásanna, gortuithe agus tinnis a bhaineann leis an obair in Éirinn (doiciméad foilsithe i nGaeilge freisin).

Teimpléad Measúnaithe Riosca maidir le Nochtadh d’Ábhar Íogair

D’fhorbair an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát an teimpléad seo i gcomhpháirt.

Measúnú Riosca Síceasóisialta: Treoir maidir le Nochtadh d’Ábhar Íogair

D’fhorbair an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát an treoir seo i gcomhpháirt (doiciméad foilsithe i nGaeilge freisin).

Bileog Faisnéise d’Fhostaithe SunSmart

Tá an bhileog faisnéise seo dírithe go príomha ar fhostaithe agus ar ionadaithe sábháilteachta chun feacht a spreagadh faoin mbaol a bhaineann le hailse craicinn de thoradh neamhchosaint ar an ngrian.

Guaiseacha Síceasóisialta a Bhainistiú san Ionad Oibre 2023

Tugann an bhileog faisnéise seo comhairle phraiticiúil ar cad is guaiseacha síceasóisialta ann, agus ar ról agus ar fheagrachtaí fostóirí agus fostaithe maidir le guaiseacha síceasóisialta a bhainistiú.

Bileog Shilice

Foilsíodh an bhileog seo sna teangacha seo a leanas freisin: Seicis, Liotuáinis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis agus Rúisis.

Póstaer Shilice A3

Foilsíodh an póstaer seo sna teangacha seo a leanas freisin: Seicis, Liotuáinis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis agus Rúisis.

Guaiseacha a Bhainistiú san Ionad Oibre

Tabharfaidh na bileoga faisnéise seo comhairle phraiticiúil duit maidir le conas na guaiseacha is coitianta i d’ionad oibre a bhainistiú agus cosc a chur orthu ó thaobh dochar a dhéanamh.

Faireachas margaidh agus ceimiceáin

Treoir maidir le Comhairle um Pleanáil Úsáide Talún Theicniúil

Léirmhíonn an treirdhoiciméad seo beartas an Údaráis ar na ceanglais a bhaineann le comhairle um pleanáil úsáide talún theicniúil (PÚTT) faoi Threoir Seveso III. Athbhreithníodh é i mí Feabhra 2023 chun alt leasaithe 3.4 a chlúdaíonn Suiteálacha Hidrigin a chuimsiú.

Na hoibleagáidí atá ar tháirgeoirí coinnle agus ar tháirgeoirí idirleatóirí gíolcaí an AE faoi Chlárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán (REACH) agus Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP)

Míníonn an bhileog faisnéise seo na hoibleagáidí atá ar tháirgeoirí coinnle agus ar tháirgeoirí idirleatóirí gíolcaí an AE faoi Chlárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán (REACH) agus Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP).

Bileog Faisnéise faoi Bhileoga Sonraí Sábháilteachta do Cheimiceáin Ghuaiseacha

Soláthraíonn Bileoga Sonraí Sábháilteachta (BSSanna) faisnéis úsáideach faoi cheimiceáin; déanann siad cur síos ar na guaiseacha a bhaineann leis an gceimiceán, agus tugann siad faisnéis ar láimhseáil, ar stóráil agus ar bhearta éigeandála i gcás tionóisce.

Úsáid Ceimiceáin Go Sábháilte – Léigh an Lipéad

Cá bhfios dom an bhfuil ceimiceán dainséarach? Ba cheart go mbeadh eolas ar an lipéad ar an ngabhdán faoi na hairíonna contúirteacha ar fad atá ag an gceimiceán.

Sábháilteacht Cheimiceach sa Bhaile agus sa Ghairdín

Is féidir le roinnt ceimiceán sa bhaile agus sa ghairdín dochar a dhéanamh ag brath ar cé chomh dainséarach is atá siad agus a fhad a mbíonn tú i dteagmháil leo.

Aguisín 5:

Tuarascáil Bhliantúil 2023 chuig an Aire ar oibriú na nAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010

Ceapadh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (dá dtagraítear 'an tÚdarás' anseo) mar phríomhúdarás náisiúnta faoin Acht Ceimiceán 2008 arna leasú (dá dtagraítear 'an tAcht' anseo). Forálann an tAcht do riaradh náisiúnta agus d'fhorfheidhmiú an Rialacháin um Chlárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán (REACH), Rialachán na nGlantach, an Rialacháin um Thoilíú Feasach Roimh Ré (PIC) agus an Rialacháin maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP). Ón 1 Meitheamh 2015, tagann na Rialacháin um Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí a bhaineann le Substaintí Contúirteacha (COMAH (Seveso III)) faoi raon an Acht freisin ach níl siad faoi réir na Tuarascála Bliantúla seo. Tá oibleagáidí riaracháin agus/nó forfheidhmithe ar chúig údarás náisiúnta faoin Acht, is iad sin an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), Bord Ospidéal Beaumont, Rannóg Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim, agus Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú.

Ceanglaíonn alt 8(4) den Acht ar údarás náisiúnta (seachas an tÚdarás) a) socruithe leordhóthanacha a dhéanamh chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi na forálacha reachtúla iomchuí, b) taifid chuí a choinneáil agus c) tuarascáil a thabhairt don Údarás laistigh de dhá mhí tar éis dheireadh gach bliana. Beidh faisnéis a iarrfaidh an tÚdarás nó a bheidh ag teastáil uaidh ina leithéid de thuarascáil. Chun a dhualgais reachtúla faoin Acht a chomhlíonadh, d'iarr an tÚdarás ar gach údarás náisiúnta thuasluaite tuairisciú ar a gcuid gníomhaíochtaí le linn 2023 faoin Act. Is iad seo a leanas na sonraí do gach údarás náisiúnta.

1. Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

Feidhmíonn Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) – Údarás Monatóireachta Dea-Chleachtais Saotharlainne (DCS), mar an t-údarás inniúil náisiúnta chun críocha Airteagail 8(2) agus (3) de Rialachán na nGlantach (CE) Uimh 648/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le glantaigh amháin. Le linn 2023, ní raibh aon saoráid DCS i gclár monatóireachta BNÉC a bhí ag obair i dtaca le Rialachán na nGlantach. Rinne Cigirí DCS oiliúint trí chláir oiliúna DCS an ECFE.

2. Bord Ospidéal Beaumont

Is é Ospidéal Beaumont an comhlacht ceaptha atá freagrach as faisnéis a fháil i dtaca le freagairt sláinte éigeandála, de réir Airteagal 45 de Rialachán CLP, agus as bileoga sonraí comhábhar a fháil faoi mar a cheanglaíonn Airteagal 9(3) de Rialachán na nGlantach agus tá an Lárionad Faisnéise Náisiúnta um Nimheanna (NPIC) ainmnithe aige chun na feidhmeanna seo a chomhlíonadh.

Seo a leanas líon na n-acmhainní a bhí ar fáil le linn 2023: Oifigeach Riaracháin (0.8 Coibhéis Lánaimseartha) agus Oifigeach/Bainisteoir Faisnéise Nimheanna (0.7 coibhéis lánaimseartha). Cé nach bhfuil aon fhoireann tiomnaithe sa Lárionad Náisiúnta Faisnéise Nimhiúcháin (LNFN) chun oibriú go lánaimseartha ar na freagrachtaí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP) agus faoi Rialachán na nGlantach (CE) Uimh. 648/2004, tá seisear oifigeach faisnéise nimheanna ag an LNFN, agus tá baint acu go léir le faisnéis a sholáthar chun freastal ar éileamh leighis i gcás éigeandála. Tugann an Stiúrthóir Cliniciúil comhairle bhreise ar chásanna tromchúiseacha nó casta. Tá Oifigeach Riaracháin amháin sa LNFN a chaitheann an chuid is mó dá chuid ama ag déileáil le haighnithe táirgí agus le fiosrúcháin ó thionscal. Cabhraíonn Oifigeach Faisnéise Nimhiúcháin amháin le fiosrúcháin agus déanann beirt den fhoireann iniúchadh ar líon beag fógraí gach mí. Ní oibríonn foireann an LNFN go heisiach ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an Acht, agus ní mór tosaíocht a thabhairt do bhainistiú agus d'oibriú línte teileafóin na seirbhíse faisnéise nimhiúcháin.

Le linn 2023, dhéileáil an LNFN le 988 fiosrúchán a bhain leis an Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP) agus le táirgí Glantach. Rinneadh 406,741 aighneacht táirge san iomlán faoi Airteagal 45 den Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP) a bhaineann le faisnéis faoi mheascáin atá rangaithe le haghaidh guaiseacha sláinte nó fisiceacha. Astu sin, rinneadh 831 aighneacht go díreach chuig an LNFN, méadú 52.7% i gcomparáid le 2022. Cuireadh formhór na bhfógraí táirge (405,910) isteach trí thairseach Fhógra Lárionaid Nimhiúcháin (FLN) na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA). Bhí rabhadh ag 285,245 (70%) díobh sin, is é sin, níor chomhlíon siad na rialacha gnó go léir. Is ábhar imní don LNFN é go raibh rabhadh ag 70% de na fógraí a cuireadh isteach tríd an tairseach FLN. Níl dóthain acmhainní ag an LNFN chun athbhreithniú a dhéanamh orthu sin go léir nó chun obair leantach a dhéanamh leis na haighnitheoirí chun an fhaisnéis ar an mbunachar sonraí a fheabhsú.

Tar éis iarratas a fháil ón gCoimisiún Eorpach, rinne an LNFN athbhreithniú ar shampla aighneachtaí le rabhadh ar thairseach FLN an ECHA chun a chinneadh cé mhéad díobh sin a bhain leis an rabhadh 'QLT618 – D'fhéadfadh baint a bheith ag an aitheantóir foirmle uathúil (AFU) a cuireadh ar fáil le comhdhéanamh meascáin difriúil a cuireadh in iúil cheana féin (comhfhreagraíonn an AFU d'uimhir FLN eile). Sa chás go bhfuil comhdhéanamh an mheascáin seo difriúil, cuir AFU nua ar fáil'. Rinneadh athbhreithniú ar 350 fógra le rabhadh agus cuireadh torthaí an athbhreithnithe sin isteach mar thuairimí leantacha chuig cruinniú CARACAL 50, seisiún maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP).

Tháinig laghdú ar líon na meascán a cuireadh in iúil go díreach don LNFN /n 2023, ach fuair an fhoireann líon méadaithe fiosrúchán ón tionscal, go príomha faoin nós imeachta chun fógra a thabhairt faoi mheascáin ghuaiseacha nó maidir le húsáid uimhir theileafóin an LNFN ar bhileoga sonraí sábháilteachta. Mhéadaigh líon na bhfiosrúcháin den sórt sin go 953 in 2023, méadú 30.7% i gcomparáid le 2022, roimh an gceanglas maidir le meascáin a chur in iúil le haghaidh úsáid thionsclaíoch i bhformáid Iarscríbhinn VIII ón 1 Eanáir 2024.

Sheiceáil an LNFN 863 measúnú deisce ar tháirgí maidir le hAirteagal 45 agus Iarscríbhinn VIII den Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP) a chomhlíonadh, mar shampla, seiceálacha ar chomhdhéanamh iomlán, pH, MIManna, faisnéis teagmhála agus AFU a bheith ann. Chuir an LNFN an tÚdarás ar an eolas faoi sheacht meascán ceimiceach a raibh baint acu le teagmhais nimhithe amhrasta ach nár cuireadh in iúil don LNFN faoi Airteagal 45 den Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP), agus faoi tháirge bláthola nach raibh

lipéadaithe de réir an Rialacháin sin. Chomh maith leis sin, d'fhreagair an LNFN tuairim is 1,307 fiosrúchán éigeandála a bhain le meascáin cheimiceacha, gan glantaigh a bheith san áireamh.

In 2023, d'fhreagair an LNFN fiosrúcháin éigeandála a bhain le 1,262 táirge glantaigh. Ba iad táirgí glantacháin fabraice, go háirithe saicíní/capsúil glantach leachta, na táirgí glantacha ba mhinice a bhí i gceist.

Ag an leibhéal Eorpach, ghlac an LNFN páirt in dhá chruinniú de ghrúpa páirtithe leasmhara FLN an ECHA in 2023.

Tá Meabhrán Tuisceana (MT) agus Comhaontú Comhroinnte Sonraí i bhfeidhm ag Ospidéal Beaumont agus ag an Údarás ó mhí an Mheithimh 2022 i leith. In 2023, chuir an LNFN sonraí ar fáil don Údarás maidir le fiosrúcháin a bhain le táibléid miasniteora, capsúil glantach níocháin leachta, boladh seomra/úraitheoirí aeir agus táirge ionanáilaithe.

D'fhoilsigh an tÚdarás faisnéis maidir leis an nós imeachta nua chun meascáin d'úsáid thionsclaíoch a chur in iúil ón 1 Eanáir 2024 ina ríomhfheasachán i Márta agus i mBealtaine.

Foilsíodh thart ar 80 post ar bhealaí meán sóisialta an LNFN a bhain le hAirteagal 45/Iarscríbhinn VIII de cheanglais an Rialacháin maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP). Coinníonn an LNFN leathanach gréasáin tiomnaithe a bhaineann le ceanglais an Rialacháin maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP) do pháirtithe leasmhara.

Chomhoibrigh an LNFN leis an Údarás agus le foireann MyChild.ie Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun urraíocht a dhéanamh ar ghairdín taispeántais ag féile Bord Bia Bloom ón 1-5 Meitheamh 2023. Dhear Declan McKenna 'The Know, Act, Prevent Garden' inar taispeánadh conas ceimiceáin ghairdín agus táirgí tí a stóráil go sábháilte, mar aon le plandaí íseal-tocsaineachta. Bronnadh Bonn Airgid ar an ngairdín agus mheall sé go leor suime mar gheall ar a 'simplíocht, áilleacht agus plandaí taibhseach íseal-tocsaineachta'. Bhí pearsanra ón Údarás, ón LNFN, ó Ospidéal Beaumont agus ó FSS i láthair ag Bloom gach uile lá agus bhí siad thar a bheith gnóthach agus iad ag plé leis an bpobal chun teachtaireachtaí sábháilteachta a roinnt maidir le ceimiceáin agus cleachtas um chosc nimhe a úsáid chun gach duine a choinneáil slán ina dteach agus ina ngairdín. Chabhraigh an t-imeacht le feachtas ar ardú ar an tseirbhís a chuireann an LNFN ar fáil agus tháinig méadú ar chuirteanna ar shuíomh gréasáin an LNFN agus ar ardáin na meán sóisialta dá bharr.

3. An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM)

Forfheidhmíonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an Rialachán um Chlárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán (REACH) agus an Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP) faoi na Rialacháin um Tháirgí Cosanta Plandaí (TCP) agus Bithicídí a bhaineann go sonrach leis an earnáil. Deimhnítear go mbíonn lipéid táirge ag cloí leis an Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP) sula bhfaomhtar iad.

Seo a leanas líon na n-acmhainní a bhí ar fáil le linn 2023: 4.5 cigire (coibhéis lánaimseartha) atá ag obair ar an Rialachán um Chlárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán (REACH), 4.5 cigire (coibhéis lánaimseartha) atá ag obair ar an Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP) agus 0.5 cigire (coibhéis lánaimseartha) arna leithdháileadh ar dhualgais faoin Rialachán um Thoilíú Feasach Roimh Ré (PIC). Tá 15 chigire údaraithe chun an Rialachán um Chlárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán (REACH), an Rialachán maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP) agus an Rialachán um Thoilíú Feasach Roimh Ré (PIC) a fhorfheidhmiú faoi Alt 11 den Acht. Mar gheall ar Brexit agus ar leathnú leanúnach larscríbhinn I faoin Rialachán um Thoilíú Feasach Roimh Ré (PIC), leithdháileadh níos mó acmhainní do ghníomhaíochtaí a bhaineann le PIC. Tá 21 cigire cláraithe ag an RTBM le tairseach Interact an ECHA chun críche REACH agus dhá cheann chun críche PIC. Tá saineolas ag baill foirne a bhfuil baint acu le dualgais forfheidhmithe agus riaracháin REACH, CLP agus PIC i dtocsaineolaíocht, éiceathocsaineolaíocht, measúnú nocht, cinniúint agus iompar comhshaoil, measúnú riosca, bainistíocht riosca agus forfheidhmiú.

In 2023, sheiceáil an RTBM comhlíonadh CLP maidir le 501 táirge. Thug sé faoi 121 seiceáil ar TCPanna mar chuid den fhorfheidhmiú le haghaidh údaraithe, a thug aghaidh ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le haicmiú, lipéadú guaise agus pacáistiú faoi CLP. Tugadh aghaidh ar aicmiú, lipéadú agus pacáistiú táirgí bithicídí le linn 380 seiceáil faofa. Ina theannta sin, seiceáladh oibleagáidí fógra faoi Airteagal 45 agus larscríbhinn VIII de CLP le haghaidh 100 TCP agus 206 táirge bithicídí. D'eisigh an RTBM 30 píosa comhairle scríofa mar gheall ar neamhchomhlíonadh na gceanglas maidir le lipéadú guaise in 2023.

Coinníonn an RTBM leathanaigh ghréasáin thiomnaithe chun faisnéis a sholáthar ar cheanglais REACH a bhaineann le bithicídí agus ar oibleagáidí a bhaineann le PIC.

Mar chuid dá fheidhmeanna PIC, phróiseáil an RTBM fógra easpórtála amháin agus iarratas sainráite amháin ar thoilíú agus d'fhreagair sé iarratas amháin ar fhaisnéis ó pháirtí leasmhar. Mar chuid dá fheidhmeanna Údaráis Náisiúnta Ainmnithe faoi PIC, d'fhreastail an RTBM ar chruinniú sainghrúpa amháin

de chuid an Choimisiúin agus chuir sé treoir eolais amháin faoi bhráid an Choimisiúin.

Ar leibhéal Eorpach faoin Rialachán CLP, lean an RTBM le hionadaíocht a dhéanamh ar an gCoiste um Measúnú Riosca (CMR). In 2023 bhí an RTBM ina Rapóirtéir ar dhá shubstaint: captan agus peanconasól.

D'fhreastail sé ar cheithre chruinniú iomlánacha de chuid an CMR agus ghlac sé páirt i gceithre chruinniú de ghrúpa oibre CLH (aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe) in 2023. D'fhreastail an RTBM freisin ar cheithre chruinniú ECHA HelpNet, dhá chruinniú de shainghrúpa Suaiteoirí Inchréacha agus naoi gcruinniú grúpa oibre, trí cinn a bhain le sláinte an duine agus sé cinn a bhain le hábhair chomhshaoil.

Rinne na Coimisinéirí Ioncaim MT idir an tÚdarás, RTBM agus iad féin i ndáil leis an Rialachán PIC a athnuachan agus a shíniú ar an 15 Samhain 2022; d'athnuaigh agus shínigh an RTBM an MT ar an 27 Márta 2023 agus d'athnuaigh agus shínigh an tÚdarás an MT ar an 23 Bealtaine 2023.

4. Rannóg Custam na gCoimisinéirí Ioncaim

Is iad na Coimisinéirí Ioncaim an tÚdarás Náisiúnta Ainmnithe faoi Airteagal 17 den Rialachán PIC. Tá Rannóg Custam na gCoimisinéirí Ioncaim freagrach as rialú easpórtáil agus iompórtáil na gceimiceán guaiseach a liostaítear i Rialachán PIC. Chuige sin, tá próifílí leabaithe isteach i gcórais imréitigh Custam don Phróiseáil Iontrála Uathobrithe (PIU) de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.

Chuir na Coimisinéirí Ioncaim an lucht gnó ar an eolas (trína gCoiste Comhairliúcháin Chustam) faoi na ceanglais maidir le dearbhú easpórtálacha agus le hUimhir Thagartha Aitheantais (UTA) d'easpórtáil ceimiceán atá clúdaithe le Rialachán PIC.

Leagtar amach ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim faisnéis ghinearálta maidir le hearraí toirmiscthe agus srianta, lena n-áirítear faisnéis faoi easpórtáil ceimiceán contúirteach faoi Rialachán PIC.

Áirítear le gníomhaíochtaí Custam faoi Rialachán PIC próifílí leictreonach ar cheimiceáin ghuaiseacha ar an gCóras PIU agus bailíochtú UAnna ag an bhfoireann Chustaim ag am na heaspórtála nuair is ábhartha. Le linn 2023, rinneadh monatóireacht ar 45 coinsíneacht easpórtála faoi Rialachán PIC.

Glacann na Coimisinéirí Ioncaim páirt i gcruinniú an Ghrúpa Idir-rannaigh Ceimiceán faoin RFTF. Ach bhí a rannpháirtíocht in 2023 teoranta mar gheall ar dhualgais eile.

Tá MT idir na Coimisinéirí Ioncaim, an tÚdarás agus an RTBM i bhfeidhm maidir le gníomhaíochtaí faoi Rialachán PIC. Coinníonn na Coimisinéirí Ioncaim Comhaontú Roinnte Sonraí leis an dá ghníomhaireacht maidir le malartú faisnéise faoi Rialachán PIC. Rinneadh an comhaontú sin a athnuachan in 2023.

5. An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)

In 2023, b'ionann acmhainní an GCC a úsáideadh chun críocha Rialachán REACH agus thart ar 0.33 coibhéis lánaimseartha, laghdú beag ar leibhéal 2022 de 0.47. Clúdaítear gníomhaíochtaí forfheidhmithe REACH mar chuid de ról Fhoireann Ceimiceán an GCC. I measc na ngníomhaíochtaí a bhaineann le REACH, mar shampla, tá faireachas margaidh, athbhreithniú ar chinntí maidir le hiarratais ar údarú ceimiceán srianta agus rannpháirteachas le páirtithe leasmhara. Tháinig laghdú beag freisin ar an leithdháileadh faoi Rialachán na nGlantach in 2023 (0.01 coibhéis lánaimseartha) mar gheall ar éileamh laghdaithe sa réimse oibre seo agus mar gheall ar athruithe ar acmhainní inmheánacha. Tá triúr cigirí údaraithe chun Rialachán REACH a fhorfheidhmiú agus tá beirt údaraithe chun Rialachán na nGlantach a fhorfheidhmiú faoi Alt 11 den Acht. Tá saineolas ag baill foirne a bhfuil baint acu le dualgais forfheidhmithe agus riaracháin REACH agus Rialachán na nGlantach i measúnú riosca, bainistíocht riosca agus forfheidhmiú.

I rith 2023, d'fhiosraigh an GCC 100 foláireamh Geata Sábháilteachta le hallmhaireoirí agus úsáideoirí iarthachtacha i dtaca le substaintí in earraí, rud a d'fhág gur eisíodh comhairle ó bhéal/scríofa i dtrí chás maidir le neamhchomhlíonadh faoi Rialachán REACH. Mar chuid de chláir eagraithe faireachais margaidh mar fhreagra ar fhógraí foláirimh Geata Sábháilteachta, rinneadh cigireacht ar 135 táirg agus rinneadh seiceálacha leantacha ar 15 de na táirgí sin maidir le comhlíonadh REACH. Iompórtáladh 13 as na 15 tháirge sin ó lasmuigh den AE. Chuir an tÚdarás trí fholáireamh Geata Sábháilteachta in iúl don Choimisiún maidir le táirgí a rinne an GCC a sheiceáil agus a anailísiú mar chuid den tionscadal REF-10 atá comhordaithe ag an ECHA maidir le rialuithe comhtháite ceimiceán. Thug cigireacht amháin in 2023 aghaidh ar dhualgais údaraithe faoi REACH. Chuaigh an GCC i dteagmháil le húsáideoirí údaraithe maidir le cinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún (CCCFC) i dtaca le húsáid leanúnach substainte srianta larscríbhinn XIV agus leag sé amach a ról maidir le coinníollacha an CCCFC a fhorfheidhmiú.

In 2023, d'fhreagair an GCC cúig cheist ó pháirtithe leasmhara a bhain le Rialachán REACH agus d'fhiosrúchán amháin ó pháirtí leasmhara ar Rialachán na nGlantach. Tá leathanach gréasáin tiomnaithe ag an GCC do Rialachán REACH.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, d'eagraigh an GCC agus an tÚdarás Comhdháil Comhpháirteach ar Straitéis Ceimiceán an AE um an Inbhuanaitheacht, a dhírigh ar a bhféadfadh a bheith i ndán do reachtaíocht ceimiceán an AE amach anseo. Bhí óstáil na comhdhála mar chuid de ghníomhaíocht chun straitéis ceimiceán an Choimisiúin Eorpaigh um an inbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm. Tá roinnt gníomhaíochtaí ar bun ag an GCC faoin straitéis, a chuimsíonn príomhréimsí beartais an gheilleagair cheimicigh agus chiorclaigh.

Chuaigh an GCC i dteagmháil le Líonra Comhshaoil na hÉireann chun é a chur ar an eolas faoin gcomhairliúchán Eorpach ar an Srian uilíoch ar Shubstaintí Sárfhluarailcile agus Polafluairailcile (PFAS). D'fhreastail an GCC ar sheimineár gréasáin de chuid an ECHA ar Srianadh PFAS, chomh maith le cruinniú páirtithe leasmhara leis an RFTF agus leis an GFT maidir leis an srian.

Cuireadh oiliúint forfheidhmithe REACH ar fáil do dhuine nua d'Fhoireann Ceimiceán an GCC in 2023. D'fhreastail cigire freisin ar an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT) le haghaidh oiliúna ar Gheata Sábháilteachta. Tá beirt chigirí cláraithe do chóras Interact an ECHA.

Ar leibhéal náisiúnta, ghlac an GCC páirt san athbhreithniú a rinneadh ar Dhréachtrialachán na nGlantach in 2023. Ghlac an GCC páirt freisin i bhFoghrúpa na Micreacháithníní Polaiméire faoi Ghrúpa Idir-Rannach Ceimiceán RFTF agus chuir sé ionchur ar fáil don RFTF ar dhréachtrialacháin d'údarás inniúil le haghaidh luaidhe i lámhaigh gunnaí i mbogaigh. D'fhreastail an GCC ar chruinniú 'sreafaí sonraí' Substaint Amháin, Measúnú Amháin in 2023.

Ar leibhéal an AE, rannchuidigh Foireann Ceimiceán an GCC le Fóram an ECHA um Malartú Faisnéise ar Fhorfheidhmiú maidir leis an Srianadh PFAS atá beartaithe agus an srian atá beartaithe ar shubstaintí sárfhluarailcile agus polafluairailcile faoi Rialachán REACH. D'ainmnigh an GCC cigire chun gníomhú mar ionadaí do chomhaltaí malartacha na hÉireann d'Fhóram an ECHA ar Fhorfheidhmiú. Thug an GCC tuairimí don RFTF maidir le PFHxA do chruinniú Choiste REACH.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, ghlac an GCC páirt sa Gníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (GEC), áit a bhfuil an eagraíocht mar Phointe Fócais Náisiúnta do Líonra EIONET LEE, agus ina nglacann sí páirt i ngníomhaíochtaí réimsí téamacha (is é sin grúpaí oibre) a chlúdaíonn ceimiceáin. Is minic a chlúdaítear míreanna a bhaineann le comhlachtaí rialála eile, agus scaipeann an GCC sonraí ábhartha le haghaidh ráitis nó tuairimí más ann dóibh. Ghlac an GCC páirt freisin i nGrúpa Oibre Údarás Inniúil an AE lena gcuirtear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1021 (Grúpa Oibre Údarás Inniúil um Thruailléin Orgánacha Mharthanacha) chun feidhme, trí fhreastal ar chruinnithe agus trí aiseolas a sholáthar ar iarratais ar fhaisnéis más ábhartha.

Tá Meabhrán Tuisceana (MT) ag an GCC leis an Údarás. Bhuaileadh ionadaithe ón GCC leis an Údarás i mí na Nollag 2023 le haghaidh chruinniú bliantúil an MT chun cumarsáid agus malartú eolais a éascú idir an dá pháirtí. Le linn an chruinnithe shainaithe an dá údarás réimsí le haghaidh comhoibríthe agus malartú eolais a ndéanfaí obair leantach orthu in 2024.

Tá plean faireachais margaidh agus plean ceimiceach inmheánach tras-oifige bunaithe ag an GCC chun cuidiú le faisnéis cheimiceach ábhartha a scaipeadh agus eolas a roinnt ar fud oifige a dhéileálann le réimsí ábhartha, amhail ceadúnú, forfheidhmiú agus monatóireacht.

Nótaí:



Ár bhfís: Saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla



An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Fón: 0818 289 389

www.hsa.ie